



Tuarascáil Bhliantúil 2025

TIBÉ Uimhreacha na Bliana

#ThinkLanguages

21,000+

Scoláire Idirbhliana

240+ Scoil **13** Phictiúrlann

14 Institiúid Ardoideachais

4 Institiúid Chultúrtha

Cuir Fáilte Roimh
Theangacha

60,000+ Dalta Bunscoile

1,344 Bunscoil

11 Teanga

Uasoiliúint
curtha ar

310

Múinteoir
Bunscoile

FGL (CPD)

58 Múinteoir TIBÉ

25 Seisiún FGL

Seisiúin Eolais ar
Theangacha
Ardteistiméireachta

5

sheisiún
ar líne

358

i láthair

206

Cúntóir Teanga
lasachta agus Múinteoir
Comhoibrithe oilte

Soláthar teanga i
scoileanna, lena n-áirítear
leithdháileadh breise, do

10,000+
scoláire

758

Scoláire do Ranganna
ar an Satharn

Sínis	120	Seapáinis	115
Liotuáinis	57	Portaingéilis	45
Polainnis	208	Rómáinis	116
		Rúisis	97

20

Seisiún Pobail
Cleachtais

Brollach.....	4
Réamhrá do TIBÉ	6
Foireann TIBÉ	7
Athbhreithniú an Stiúrthóra.....	10

SPRIOC 1: 12

Cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos mealltaí a chruthú

Scéimeanna Maoinithe a thugann aghaidh ar Ghanntanas Múinteoirí Teanga	14
Scéim Cúntóirí Béarla.....	16
Oiliúint do Chúntóirí Teangacha lasachta agus do Mhúinteoirí Comhoibrithe.....	17
Spotsolas ar Scoileanna	20
Acmhainní agus Ranganna Teagaisc.....	22
Pobail Chleachtais Nuatheangacha lasachta (NTI).....	24
Comhoibriú leis an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (ECML)	26
Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS)	30
Modheolaíochtaí Nuálacha: Intleacht Shaorga do Mhúinteoirí NTI.....	32
Comhlaigh TIBÉ.....	36
Deiseanna Soghluaisteachta	38
Comhoibriú le Soláthraithe Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM)	41
FCÁT - Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga	43
Sprioc 1 - Ag Dul Chun Cinn	49

GOAL 2: 50

Roghnú na dTeangacha a Fhoghlaimítear a Éagsúlú agus a Mhéadú agus Teangacha na Nua-Éireannach a Chothú

Soláthar Teangacha	52
- Oifigigh Forbartha TIBÉ	53
- Soláthar Teangacha lonscoile	54
- An tSraith Shóisearach	55
- Idirbhliain	55
- Ardteistiméireacht (Soláthar lonscoile).....	55
- Samhail Soláthair Chomhthreomhar - Ranganna Teanga Ardteistiméireachta	59
- Samhail Soláthair Nuálach - Tionscadal Foghlama Cumaisc na hArdteistiméireachta.....	62
- Leithdháileadh Breise do Scoileanna chun Tacú le hÉagsúlú an tSoláthair Teangacha lasachta	64

Foghlaim Ghairmiúil agus Tacaíochtaí d'Oifigigh Forbartha TIBÉ.....	67
Campaí Samhraidh Teanga	71
Bunoideachas – An Modúl ‘Cuir Fáilte Roimh Theangacha’	74
Múinteoirí Bunscoile - Uasoiliúint i dTeangacha lasachta	81
Sprioc 2 - Ag Dul Chun Cinn	86

SPRIOC 3: 88

Feasacht a mhéadú ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha chun úsáid níos leithne teangacha lasachta a spreagadh

Seachtain #ThinkLanguages	90
Comhoibriú Múscaile Feasachta le hInstitiúidí Ardoideachais	110
Imeachtaí do Scoláirí	115
Comhoibriú le hAmbasáidí agus le hInstitiúidí Cultúrtha.....	117
Comhoibriú Múscaile Feasachta - Oíche Chultúir	121
Freastal ar Fhóiraim agus Imeachtaí do Mhúinteoirí agus do Pháirtithe Leasmhara	123
Comhdhálacha agus Páipéir Acadúla.....	125
Comhoibriú Múscaile Feasachta – Léamhatón SI	127
Acmhainní Gairmthreorach agus Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara	129
Foireann Uirlisí Oíche Oscailte	132
Eolas agus Tacaíocht do Theangacha Ardteistiméireachta.....	133
Let's Talk Languages - Seisiún Chomhairliúcháin ar Sholáthar NTI.....	135
Sprioc 3 - Ag Dul Chun Cinn.....	136

SPRIOC 4: 138

Rannpháirtíocht fostóirí a fheabhsú i bhforbairt agus in úsáid teangacha trádála

Comhoibriú le Fiontair agus le Fostóirí	140
Sprioc 4 - Ag Dul Chun Cinn.....	143

Rialachas agus Cuntasachty	144
- Timpeallacht Oibríochtúil	
- Socruithe Maoinithe/Bainistíocht Airgeadais	
- Socruithe Tuairiscithe agus Monatóireachta	
- Baill Choiste FLAGPP	
- Éifeachtúlacht Acmhainní/ Gníomhú ar son na hAeráide	
Achoimre Airgeadais 2025.....	146

Brollach

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Theangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) a chur i láthair, a leagann béim ar an méid leanúnach a dhéanann an eagraíocht chun foghlaim teangacha agus ilteangachas a neartú ar fud chóras oideachais na hÉireann. Léirítear leis an obair atá leagtha amach sa tuarascáil seo tiomantas soiléir don ionchuimsiú, don cháilíocht, don nuálaíocht agus don chomhoibriú—prionsabail atá lárnach i mo chuid thosaíochtaí mar Aire Oideachais agus Óige.

Tá ról ríthábhachtach ag teangacha chun daoine óga a ullmhú leis na scileanna a theastaíonn chun go mbeidh rath orthu i ndomhan atá ag athrú go tapa. Tacaíonn siad le cumarsáid, le tuiscint chultúrtha, le forbairt chognaíoch agus le folláine, agus osclaíonn siad conairí i dtaobh níos mó staidéir, soghluaisteachta agus fostaíochta sa bhaile agus thar lear. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach foghlaimeoir ar dheiseanna éagsúla foghlama teangacha chun córas oideachais cuimsitheach den chéad scoth a chur ar fáil.

Léirítear sa tuarascáil seo fairsinge agus tionchar obair TIBÉ chun tacú le samhlacha éagsúlaithe de sholáthar teanga agus tacaíocht ghairmiúil ardchaighdeán do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí. Trí shamhlacha soláthair ar scoil, comhroinnte, ar líne, chomh maith le samhlacha cumaisc agus malartacha, leanann TIBÉ de bheith ag freagairt do riachtanais scoileanna agus foghlaimeoirí, go háirithe i gcásanna ina mbeadh rochtain ar theangacha teoranta murach TIBÉ. Leis an mbéim ar chothromas rochtana, ar theangacha oidhreacht agus ar sholáthar curaclaim atá ag teacht chun cinn, léirítear ailíniú láidir le tosaíochtaí beartais náisiúnta agus le réadúlachtaí déimeagrafacha.

Is mór agam an obair leanúnach chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gcuraclam na bunscoile. Cabhraíonn cláir amhail Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus Seachtain #ThinkLanguages, imeachtaí do scoláirí, comhoibrithe cultúrtha agus acmhainní treorach, cabhraíonn siad le daoine óga, tuismitheoirí agus scoileanna chun tuiscint níos fearr a fháil ar an luach agus ar an ábharthacht a bhaineann le foghlaim teangacha. Is mór an spreagadh iad guth láidir an scoláire, rannpháirtíocht chruthaitheach agus cuir chuige phobalbhunaithe atá le feiceáil le linn na hoibre seo, agus tacaíonn siad le rogha ábhair fheasach ag príomhphointí aistrithe.



Ábhar misnigh eile is ea an comhoibriú láidir agus na comhpháirtíochtaí atá le feiceáil ar fud obair TIBÉ—le scoileanna, institiúidí ardoideachais, treoirciomhairleoirí, ambasáidí, institiúidí cultúrtha, gníomhaireachtaí náisiúnta agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Neartaíonn an cur chuige comhleanúnach seo comhleanúnachas ar fud an chórais agus cinntítear leis go bhfuil an t-oideachas teanga leabaithe laistigh de thosaíochtaí níos leithne oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha.

Mar Aire, tugaim gealltanais chun tacú le córas oideachais atá ionchuimsitheach, réamhbhreathnaitheach agus a fhreagraíonn do riachtanais páistí agus daoine óga. Cuireann obair TIBÉ, mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, go mór leis an uailmhian sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas fhoireann TIBÉ, a comhpháirtithe, agus an iliomad múinteoirí, scoláirí agus pobal a ghlacann páirt dhearfach i gclár TIBÉ.

Táim ag tnúth le comhoibriú leanúnach le TIBÉ agus muid ag iarraidh deiseanna foghlama teanga dár bhfoghlaimoirí go léir a fheabhsú tuilleadh le straitéis leantach do theangacha iasachta san oideachas. Beidh comhairliúchán poiblí ann go luath i dtaca leis an straitéis sin.

Hildegarde Naughton

Hildegarde Naughton

An tAire Oideachais agus Óige

Réamhrá do TIBÉ

Is aonad é Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) atá tiomnaithe do chur chun cinn saineolais agus tacaíocht d'oidreachas teangacha iasachta in Éirinn. Faigheann TIBÉ maoiniú iomlán ón Roinn Oideachais agus Óige agus bunaíodh é ar dtús i Meán Fómhair 2000 le cúram múineadh teangacha i scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann a éagsúlú, a fheabhsú agus a leathnú. Tá sé seo fós lárnach dá chúram agus díreann ar fheabhsú agus leathnú a dhéanamh ar dheiseanna atá ar fáil chun teangacha iasachta a fhoghlaim a bhaineann le riachtanais chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann amach anseo.

Is ann do TIBÉ chun tacú le cur i bhfeidhm príomhghníomhaíochtaí faoi 'Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026'. Mar aon le gnéithe tábhachtacha an chuir i bhfeidhm a bhaineann le teangacha san oideachas, tá ról ag TIBÉ i ndaoine a chur ar an eolas, rannpháirtíocht fostóirí agus teangacha sa tsochaí. Is cuid bhreise dá ról é taighde feidhmeach a dhéanamh a chuireann eolas ar fáil le haghaidh polasaithe, agus a thacaíonn leo.

Is cúram níos leithne anois é tacaíocht teangacha iasachta san earnáil bhunscolaíochta. Áirítear leis sin an modúl 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' i scoileanna, arb é is príomhaidhm dó ná an bealach a réiteach do chur i bhfeidhm Churaclam Teanga athfhorbartha na Bunscoile. Áirítear sa tacaíocht do theangacha iasachta ag an mbunleibhéal, tá uasóiliúint ar mhúinteoirí bunscoile i dteangacha iasachta, agus soláthar sraith áiseanna a thacóidh le múinteoirí le cur i bhfeidhm an churaclaim nua i gcomhthéacs na Nuatheangacha Iasachta.



Foireann TIBÉ

Tá foireann éagsúil de shaineolaithe ag TIBÉ a chuireann tionscadail ardchaighdeán ar fáil in oideachas agus múscailt feasachta i dteangacha iasachta. Tá cáil ar TIBÉ mar gheall ar a ghairmiúlacht, a nuálaíocht, a sholúbthacht, agus eitic oibre láidir na foirne. Tacaíonn an fhoireann le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí oideachais, scoileanna agus múinteoirí, agus go leor comhpháirtithe eile.

Cairt Foirne TIBÉ

- Foireann éagsúil, fheabhsaithe agus leathnaithe a fhostú a léiríonn dea-chleachtas in Éagsúlacht, Cothroime agus Ionchuimsiú (DEI)
- Eagraíocht a éascú ina bhfuil an meas céanna ar ról agus scileanna éagsúla
- A chinntiú go bhfuil meas ar gach ball agus go dtacaítear leo ina gcuid oibre
- A chinntiú go bhfuil guth ag gach ball agus go bhfuil fáilte rompu a gcuid smaointe agus tuairimí a roinnt gan eagla go ndéanfar cúiseamh orthu
- Éagsúlacht teanga agus chultúrtha a thuiscint, a urramú agus a chur chun cinn
- Oibriú le chéile ar bhealach atá cruthaitheach, solúbtha agus dinimiciúil, ag táirgeadh saothar ar bhonn tapa fad is a chinntítear cáilíocht.
- Éachtaí a aithint, cumarsáid a chur chun cinn, dea-chleachtas a aithint, cuspóirí/spriocanna a leagan síos, soiléireacht a sholáthar maidir le hionchais eagraíochtúla, a bheith oscailte d'aiseolas agus glacadh leis, agus bealaí a aithint inar féidir le TIBÉ tacaíocht a fheabhsú do bhaill foirne.

In 2025 bhí 30 ball foirne ar an gcroífhoireann. Ar fhoireann TIBÉ tá Comhairleoir Seapáinise, ar iasacht ó Fhondúireacht na Seapáine. Ina theannta sin, fostaíonn TIBÉ seisear Oifigeach Foirne don tSínis, cúigear déag don tSeapáinis, duine amháin don Chóiréis amháin, triúr don Liotuáinis, ceathrar déag don Pholainnis, triúr don Phortaingéilis, beirt don Rómáinis agus cúigear don Rúisis. Is múinteoirí cáilithe iad a sheoltar amach chuig scoileanna agus ranganna Teanga Ardteistiméireachta.

Karen Ruddock
Stiúrthóir

An Fhoireann Teagaisc agus Foghlama

Kenia Puig i Planella, Ph.D.
*Bainisteoir Teagaisc agus
Foghlama*

Chang Zhang, Ph.D.
Oifigeach Oideachais

Agnieszka Grochola
Oifigeach Oideachais

Laura Quigley
Oifigeach Oideachais

Alan McCormack
Oifigeach Oideachais

Naoko Takatsuka
Comhairleoir Seapáinise

Foireann Teangacha Bunscoile

Francesca La Morgia, Ph.D.
*Bainisteoir Teangacha Bunscoile
(Feabhra)*

Salvo Cacciato
*Leas-Bhainisteoir / Oifigeach
Oideachais*

Jeanine Hennessy
*Oifigeach Oideachais
(Aibreán)*

Serena Bannon
*Oifigeach Oideachais
(Bealtaine)*

Liz Mulry
*Oifigeach Oideachais
(Deireadh Fómhair)*

Kate Tyndall
Oifigeach Tionscadail

Claudia Maloney
Cúntóir Tionscadail

Andrea Sanagustin
Cabrero
Cúntóir Tionscadail

Mohana Sarwar
Oifigeach Cléireachais

An Fhoireann Margaíochta agus Cumarsáide

Aoife Dungan
*Bainisteoir Margaíochta agus
Cumarsáide*

Meabh Duffy
*Oifigeach Margaíochta agus
Cumarsáide*

Nellie Tattersall
Oifigeach Tionscadail

Enya Fagan
Oifigeach Tionscadail

Lauri Kealy
Cúntóir Cumarsáide

Alice Davenport
Comhordaitheoir Imeachtaí

Aoife McHugh
Oifigeach Cléireachais

Foireann Seirbhísí Corparáideacha

Kirsi Hanifin
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha

Agnieszka Matys-Foley
*Oifigeach Scoileanna agus
Tionscadail*

Jean-Marie Fournier
*Oifigeach Airgeadais agus
Seirbhísí Corparáideacha*

Dylan Collins
Cúntóir Airgeadais

Hatice Dogan
*Cúntóir Airgeadais
(Márta)*

Aedin McConnell
*Cúntóir Seirbhísí
Corparáideacha*

Aine Mullen
Oifigeach Cléireachais



Comhlaigh TIBÉ 2025

Vicky Bouché
Sandra Doyle
Valerie Fitzpatrick
Dagmara Furman
Emily Foynes
Laura Gibbons (*Meán Fómhair*)
Anne Grills
Niall Gunning
Gemma Kelly
Rebecca Mooney
Patricia Mulholland
Alex Murphy (*Meán Fómhair*)
Laura Nagle Kiwanuka
Aine O'Donnell
David O'Grady
Sandrine Pac-Kenny
Mark Spencer
Ricky Roche (*Meán Fómhair*)
Geraldine Zechner

Oifigigh Forbartha TIBÉ 2025

Seapáinis

Irene Bermingham
Adam Clark
Gretta Daly
Paul Finn
Midori Hayes
Reiko Heinen
Tetsuo Hirohama
Tazuko Iijima-Kelly
Amanda Kiernan
Rhonda Tsu Lambe
Aoife McArdle
David McCartney
Mika McDonnell
Brid Murphy
Kozue O'Dwyer
Mika O'Loughlin
Tomoko Ozaki
Eriko Rybak (*Sept*)
Mie Shimbayashi (*Jan*)
Chie Weir
Cóiréis
Heejeung Lee

Rúisis

Lana Ilyin
Ludmila McGrath
Adam Nowakowski (*Sept*)
Inna Orlovskaya
Ludmila Snigireva
Olga Vologzhanina

Portaingéilis

Helena Bidarra
Paula Falcao
Estela Felipe
Luiz Gasparelli

Sínis

Yunhe Cheng
Juan Huang
Wanlin Li
Beibei Su
Tiantian Wu
Congqing Zeng

Liotuáinis

Raminta Budrienė (*Sept*)
Vaida Guliokienė
Rūta Keršienė (*Sept*)

Polainnis

Agnieszka Adamska
Edyta Bakula
Laura Barszczewicz
Luiza Blachura
Joanna Łydziska Boldbaatar
Patrycja Chełmińska
Dagmara Furman
Agnieszka Kaliska
Ewelina Kęskiewicz
Ewelina Maćkowiak
Marta Majchrzak
Ewelina Mencnarowska
Edyta O'Callaghan (*Sept*)
Anita Rogowska
Anna Siecińska
Aneta Truchań
Mariola Wańczyk
Rómáinis
Paula Fodorcan
Adriana Gheorghe



Athbhreithniú an Stiúrthóra

Tá obair Theangacha lar-bhunscoile Éireann níos tábhachtaí ná riamh. Mairimid i dtimpeallacht chasta ina bhfuil rogha leathnaithe ann d'fhoghlaimeoirí agus éagsúlú á dhéanamh ar an soláthar curaclaim. Mar sin, tá práinn mhéadaithe ann feasacht a mhúscailt maidir leis an luach a bhaineann le teangacha iasachta a fhoghlaim agus tacú leis an soláthar atá ann cheana. Baineann formhór d'obair TIBÉ le rannpháirtíocht i bhfoghlaim teangacha iasachta a mhéadú, bíodh sé sin go díreach nó go hindíreach.

Tá sé de cheart ag ár scoláirí scileanna a shealbhú a ligeann dóibh páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Tá inniúlacht ilteangach theoranta fós ar cheann de na nithe is mó a chuireann bac ar scoláirí leas a bhaint as deiseanna oibre agus soghluaisteachta atá ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. Nuair a fhoghlaimíonn siad teangacha iasachta, cuirtear peirspictíochtaí cultúrtha éagsúla ar fáil don scoláire, rud a chuireann lena n-inoiriúnaitheacht agus lena scileanna cumarsáide idirchultúrtha. Cothaíonn sé seo feasacht dhomhanda agus ullmhaíonn sé scoláirí d'idirghníomhaíochtaí gairmiúla agus sóisialta éagsúla. Tá sé tábhachtach go gcothaíonn oideachas i dteangacha breise timpeallacht níos ionchuimsithí do gach scoláire, lena laghdaítear an baol go rachadh tuairimí antoisceacha i bhfeidhm orthu.

I gcomhthéacs tacú le héagsúlú churaclam na dteangacha iasachta, leanann TIBÉ de shamhlacha malartacha soláthair ar fáil, lena n-áirítear soláthar scoile, múinteoirí comhroinnte agus cuairte, ranganna Ardteistiméireachta, agus foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc do níos mó ná 10,000 scoláire. Mar thoradh air sin, bhí teacht ag scoláirí ar theangacha a tugadh isteach le déanaí agus ar theangacha tearctheagasctha sa chás nach bhfuil soláthar scoile ina rogha inmharthana, rud a thacaíonn le cothromas rochtana agus rogha an fhoghlaimeora. Tá soláthar teanga oidhreacht mar chuid de seo, a thacaíonn le rannpháirtíocht scoláirí, aitheantas féiniúlachta agus dul chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar phointí Ardteistiméireachta a mbíonn tionchar suntasach acu ar chonairí oideachais iar-Ardteistiméireachta. Mar bhonn faoi sin, tacaítear le 58 Oifigeach Forbartha TIBÉ trí chlár foghlama gairmiúla struchtúrtha, le 25 seisiún foghlama gairmiúla á gcur ar fáil trí ionduchtúchán, FGL agus tacaíochtaí teagaisc spriocdhírthe ar líne/cumaisc.

I gcomhthéacs feabhas a chur ar sholáthar, leanann TIBÉ d'acmhainní, deiseanna agus tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoláirí ar fud an chórais i gcoitinne chun a chinntiú go bhfuil na ceachtanna teanga sna scoileanna chomh tarraingteach agus is féidir, ag iarraidh tacú le scoláirí a choinneáil sa tsraith shinsearach trí chuid mhór dá chuid oibre. I measc samplaí de thionscadail a chuireann feabhas ar sholáthar teangacha iasachta i scoileanna tá forbairt tacaíochtaí do mhodheolaíochtaí nuálacha ar nós Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT); oiliúint in úsáid IS (Intleacht Shaorga) agus teicneolaíochtaí digiteacha i gcomhar le Oide Teicneolaíocht san Oideachas; agus tacaíocht leanúnach d'fhoireann uirlisí a úsáid chun féinmheastóireacht a dhéanamh agus tacú le héagsúlacht chultúrtha agus teanga inár scoileanna.

Tá an bealach á réiteach ag TIBÉ chun Nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gcuraclam na bunscoile tríd an gclár Cuir Fáilte Roimh Theangacha, ag baint amach os cionn 60,000 dalta bunscoile i 1,344 scoil in 2025. Thuairiscigh scoileanna rannpháirteacha ionchuimsiú feabhaisithe, díograis do theangacha agus foghlaim thraschuraclaim. Rinneadh aistriú ó scéim phíolótach go scéim náisiúnta uasoiliúna teangacha iasachta do mhúinteoirí bunscoile, agus chríochnaigh 310 múinteoir cúrsaí i gceithre theanga sa chéad chéim den scéim, ag tacú le hathchóiriú curaclaim agus le forbairt acmhainne fadtéarmaí. Rinneadh píolótú i gclár tumoideachais Fraincise i gcomhar le hAmbasáid na Fraince ar dhianfhoghlaim teanga agus chultúrtha, rud a dhéanfaidh eolas do dheiseanna tumoideachais amach anseo.

I gcomhthéacs iarracht a dhéanamh an soláthar a leathnú, shroich Seachtain #ThinkLanguages 2025 os cionn 21,000 scoláire Idirbhliana i mbreis agus 240 scoil ar fud na tíre, ag ceiliúradh an ochtú bliain den fhéile náisiúnta. Chuir comhpháirtíochtaí le 14 institiúid ardoideachais gníomhaíochtaí for-rochtana agus cuairteanna ar champas ar fáil le rannpháirtíocht piaraí le piaraí, rud a chuidigh leis an mistéir a bhaint as an staidéar teanga tríú leibhéal, deiseanna Erasmus agus bealaí gairme idirnáisiúnta. Chuir 13 phictiúrlann deiseanna ar fáil do 3,400 scoláire féachaint ar scannán i dteanga iasachta, agus d'óstáil ceithre institiúid chultúrtha imeachtaí a thug deis do scoláirí taithí a fháil ar theangacha i suíomhanna cultúrtha barántúla. Dúirt 99% de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go molfaidís #ThinkLanguages, agus thuairiscigh 75% gur athraigh a ndearcadh i leith luach na dteangacha. Leanadh leis an bhfás ar ghníomhaíocht faoi stiúir an scoláire agus phobalbhunaithe, ag cur béim ar theangacha baile, feasacht idirchultúrtha agus piarfhoghlaim.

Choinnigh TIBÉ láithreacht láidir ag imeachtaí náisiúnta scoláirí agus treorach, agus shroich sé níos mó ná 35,000 duine ag Higher Options, Career Options Cork agus imeachtaí eile. Tugadh beagnach 300,000 cuairt ar ábhar Languages Connect ar Careers Portal a bhaineann le cúrsaí agus conairí teanga. Baineadh amach 2,000 treoirchomhairleoir trí chumarsáid spriocdhírthe, imeachtaí agus comhdhálacha, agus thacaigh Pobail Chleachtais nua le múinteoirí chun teangacha a leabú laistigh de struchtúir treorach scoile uile.

Treisítear ról TIBÉ i rith an ama mar cheannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta san oideachas teanga freisin trí rannpháirtíocht i bhfóraim, comhdhálacha agus taighde, ag cinntiú go bhfuil beartas agus cleachtas bunaithe ar fhianaise.


Tá obair TIBÉ comhoibríoch. Bíonn ról ag scoileanna, múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, treoirchomhairleoirí, institiúidí ardoideachais, ambasáidí, institiúidí cultúrtha agus gníomhaireachtaí náisiúnta maidir le héiceachóras a mhúnlú inar féidir le foghlaim teangacha bheith faoi bhláth. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas agus saineolas atá ag foireann TIBÉ, ár nOifigigh Forbartha agus ár gComhlaigh. Ba mhaith liom na comhpháirtithe éagsúla a aithint chomh maith; ní bheadh an obair seo indéanta murach a rannpháirtíocht inti. Gabhaim buíochas le gach duine a leanann ar aghaidh ag tacú agus ag comhoibriú le TIBÉ. Tá bhuir gcomhpháirtíocht lárnach sa dul chun cinn a léirítear sa tuarascáil seo.

Agus muid ag féachaint chun cinn, coinneofar an bhéim ar chomhdhlúthú, ar inbhuanaitheacht agus ar thionchar - conairí a neartú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus níos faide anonn, tacú le múinteoirí i gcomhthéacsanna atá ag éirí níos casta, agus a chinntiú go bhfanfaidh foghlaim teangacha infheicthe, luachmhar agus inrochtana do gach foghlaimeoir.



Karen Ruddock

Stiúrthóir TIBÉ



Tá sé mar aidhm ag **Sprioc 1** timpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú. Tacaíonn TIBÉ le cur chun feidhme na sprice seo ach Pobail Chleachtais a éascú; oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil don scéim Cúntóirí Teanga lasachta; acmhainní a fhorbairt chun tacú le cleachtas ranga agus forbairt ghairmiúil múinteoirí; deiseanna soghluaisteachta a chur chun cinn; agus forbairt agus feabhas a chur ar sholáthar na Foghlama Comhtháite Ábhair agus Teanga.



SPRIOC 1

CUMAS TEANGA A FHEABHSÚ TRÍ
THIMPEALLAIGHT FOGHLAMA NÍOS
TARRAINGTÍ A CHRUTHÚ



3 Mhúinteoir NTI ar ar Cuireadh Uasoiliú



1 Mhúinteoir Cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Léargas ginearálta:

Bainistíonn TIBÉ dhá scéim mhaoinithe atá deartha chun dul i ngleic leis an nganntanas náisiúnta múinteoirí teanga cáilithe in Éirinn. Leis an Scéim Uasoiliúna Múinteoirí Nuatheangacha lasachta (NTI), cuirtear deiseanna ar fáil do mhúinteoirí uasoiliúint a fháil i dteanga a bhfuil cáilíocht acu inti ach nach bhfuil á teagasc acu faoi láthair, nó nach bhfuil á teagasc go hiomlán. Le huasoiliúint teanga, seans go mbeidh an múinteoir in ann an teanga a thabhairt isteach ina scoil nó cur le soláthar na teanga laistigh den scoil.

Tacaíonn Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin le múinteoirí a bhfuil líon beag creidiúintí in easnamh acu, chun cabhrú leo critéir na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh le bheith cáilithe mar mhúinteoirí teanga in Éirinn.

Príomhaidhmeanna:

- Cur le líon agus cumas na múinteoirí teanga cáilithe agus cláraithe in Éirinn.
- Cur ar chumas scoileanna leas ceart a bhaint as acmhainn cháilithe atá ann cheana agus soláthar teanga a thabhairt isteach nó a leathnú.
- Tacú le múinteoirí riachtanais chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta a chomhlánú.

Gníomhaíocht:

Scéim Uasoiliúna Múinteoirí NTI

Ó cuireadh tús leis an scéim in 2018, ceadaiódh 80 iarratas. In 2025, bhain triúr múinteoirí leas as deiseanna uasoiliúna—beirt sa Ghearmáinis agus duine amháin san Iodáilis. Tá an scéim fós oscailte d'iarratais ar bhonn leanúnach.

Tionchar:

Thuairiscigh scoileanna a bhí páirteach sa scéim go raibh cumas méadaithe ann níos mó teangacha a thairiscint, soláthar teanga neartaithe, agus gur cuireadh teangacha chun cinn ar bhealach níos fearr. Leag múinteoirí a chríochnaigh cúrsa uasoiliúna béim ar mhuintín fheabhsaithe agus leibhéil inniúlachta CCTE (Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha) fheabhsaithe mar na torthaí ba luachmhaire.

Aiseolas múinteoirí:

"Bhí an cúrsa seo thar a bheith cabhrach dom, go háirithe toisc go raibh sé i dtír ina labhraítear an sprioctheanga, rud a thug deis dom an teanga a úsáid i gcónaí."

"Bhí an cúrsa seo an-mhaith domsa. Chuir mé feabhas ar mo scileanna foghlama agus teagaisc teanga. Mholfainn go mbeadh deis ag múinteoirí NTI cuairt a thabhairt ar thír ina labhraítear an sprioctheanga agus níos mó taithí a fháil."

Gníomhaíocht:

Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin

Ó tugadh isteach an scéim in 2021, d'éirigh le 25 iarratas, agus chríochnaigh ochtar múinteoirí clárúchán ina sprioctheanga. In 2025, ceadaíodh iarratas amháin agus cláraíodh múinteoir amháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Tionchar:

- Thuairiscigh múinteoirí gur thacaigh an scéim leo a gcuid riachtanas clárúcháin a chomhlánú.
- Chuir clárú méadaithe le leathnú ar chumas teagaisc cáilithe i scoileanna.



Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag feidhmiú na scéimeanna in 2026. Cuirfear deireadh leis an dá cheann ina dhiaidh sin toisc go bhfuil cláir iarchéime mhalartacha á gcur ar fáil anois tríd an Roinn Oideachais agus Óige.



81 Rannpháirtí Cláraithe do Sheisiún Tacaíochta 2025

Léargas ginearálta:

Oibríonn TIBÉ chun infheictheacht na Scéime Cúntóirí Béarla (SCB) a mhéadú mar bhealach chun feasacht teanga agus idirchultúrtha a fhorbairt sa tsochaí, agus ag an am céanna tacú le cumas teagaisc féideartha sa todhchaí. In 2025, lean TIBÉ ar aghaidh ag cur na scéime chun cinn agus ag cur tacaíochtaí ar fáil do Chúntóirí Béarla amach.

Príomhaidhmeanna:

- Iarratasóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi na buntáistí pearsanta agus gairmiúla a bhaineann le páirt a ghlacadh sa Scéim.
- Tacú le spéis mhéadaithe sa scéim tríd an infheictheacht agus tionscnaimh spriocdhírthe.

Gníomhaíocht:

In 2025, agus iarratais ar SCB 2025-2026 oscailte go dtí mí an Mhárta, rinne feachtas múscailte feasachta leathan leas d'iarratasóirí ionchasacha. Áiríodh leis an bhfeachtas dhá fhíseán nuafhorbartha, póstaer bolscaireachta ar taispeáint ar champais na n-ollscoileanna, feachtas ar na meáin shóisialta agus seisiún tacaíochta ar líne a tionóladh i mí Eanáir 2025.

Fuair an Roinn Oideachais agus Óige 155 iarratas san iomlán ó dhaoine atá ag lorg socrúcháin san Ostair, sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Spáinn. B'ionann sin agus méadú thart ar 10% ar líon na n-iarratas i gcomparáid le 2024.

Tionchar:

- Mhéadaigh an seisiún tacaíochta a chuir TIBÉ ar fáil infheictheacht SCB i measc iarratasóirí ionchasacha.
- Tháinig méadú thart ar 10% ar líon na n-iarratas ar Scéim 2025-2026 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, i gcomhthráth leis an gclár comhordaithe gníomhaíochtaí múscailte feasachta.
- Léiríodh le haiseolas dearfach gur chuir an seisiún lucht freastail ar an eolas agus spreagadh iad chun smaoineamh ar iarratas a dhéanamh.

**Na chéad chéimeanna eile:**

- Seisiún tacaíochta bliantúil a chur ar fáil ar líne chun spéis agus iarratais a spreagadh.
- Leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht ar líon na ndaoine sa scéim agus le forbairt straitéisí chun infheictheacht SCB a mhéadú.
- Feachtas bliantúil ar na meáin shóisialta chun cur le feasacht ar an scéim tuilleadh.



Tacaíodh le 206 CTI



390 Rannpháirtí Cláraithe

Léargas ginearálta:

Tá ról lárnach ag TIBÉ maidir leis an teagasc agus an fhoghlaím a neartú laistigh den scéim Chúntóirí Teanga Iasachta (CTI) ach tacaíochtaí a sholáthar agus a fheabhsú a chuirtear ar fáil do Chúntóirí Teangacha Iasachta (CTInna) agus do Mhúinteoirí Comhoibrithe (MCanna). Trí sheisiúin spriocdhírithe, acmhainní agus rannpháirtíocht leanúnach, cabhraíonn TIBÉ le scoileanna uasmhéadú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le CTI a bheith acu ina bpobal scoile.

Príomhaidhmeanna:

- Tacú le heispéireas teagasc agus foghlama ardchaighdeán do phobail scoile a óstálann CTI.
- Cuir chuige éifeachtacha i leith an teagasc agus na foghlama a scaipeadh agus a phlé, cuir chuige a chuireann le timpeallacht tharraingteach sa seomra ranga.
- Na torthaí foghlama is fearr is féidir a chinntiú do scoláirí acu tacú leis an bpleanáil le haghaidh ratha agus nuálaíochta i gcleachtais teagasc agus foghlama.

Gníomhaíocht:

Seisiúin Tacaíochta do Chohórt 2024-2025

I mí Eanáir 2025, lean TIBÉ ag tacú le cohórt 2024-2025 de CTInna agus MCanna tríd an dara babhta de sheisiúin tacaíochta ar líne. Díríodh sna seisiúin sin ar straitéisí praiticiúla maidir le comhoibriú sa seomra ranga agus móiminteam a choinneáil sa dara leath den scoilbhliain.

Aiseolas ó rannpháirtithe:

"Bíonn na seisiúin seo an-phraiticiúil i gcónaí, agus fágann muid i gcónaí le roinnt smaointe nua. Is smaoineamh maith é ceann a bheith agat i mí Eanáir chun an bhliain féilire a thosú le hinspioráid úr. Danke!"

"Ba bhreá liom smaointe nua a fháil ó gach duine a bhí páirteach, merci!"

Suirbhé ar CTInna 2024-2025

I mí Aibreáin 2025, de réir mar a bhí cohórt 2024-2025 de CTInna ag druidim le seachtainí deireanacha a gcuid socrúchán, rinne TIBÉ suirbhé chun a gcuid machnaimh ar an eispéireas a ghabháil. Thuairiscigh CTInna cuimhní cinn an-dearfach ar a gcuid ama i scoileanna óstacha, lena n-áirítear:

"Bhí mé in ann an fhoghlaím teanga a nascadh le mo dhara hábhar agus chruthaigh mé rang Corpoideachais bunaithe ar an nGearmáinis."

"Bhí lá iontach agam le linn thréimhse ThinkLanguages. Bhí cáirióice Fraincise agus Spáinnise againn leis an gcúntóir Spáinneach i mo scoil, agus d'éirigh go han-mhaith leis. Bhí na scoláirí an-pháirteach san imeacht, agus bhí am iontach againn."

Ullmhúchán do Chohórt 2025-2026

I mí Bealtaine 2025, d'óstáil TIBÉ, in éineacht leis an gCigireacht agus leis an Roinn Oideachais agus Óige, dhá sheisiún eolais do scoileanna ar éirigh leo ina n-iarratais CTI do scéim 2025-2026. Díríodh sna seisiúin sin ar thacú le scoileanna ullmhú roimh theacht a gcuid CTInna. Ar na tráthnónta céanna, chuir TIBÉ seisiúin réamheolais ar fáil do MCanna chun tacú leo pleanáil dá ról in óstáil an CTI.

Ó mhí an Mheithimh ar aghaidh, cuireadh dlús leis na hullmhúcháin do theacht CTInna 2025-2026. D'fhorbair TIBÉ an nuachtlitir bhliantúil do CTInna agus chruthaigh sé leathanach tiomnaithe ar Facebook chun tacú le cumarsáid agus líonrú.

I mí Mheán Fómhair 2025, thairg TIBÉ sraith seisiún réamheolais ar líne do CTInna. Bhí sé mar aidhm ag na seisiúin sin sceitimíní a chothú faoin eispéireas a bhí le teacht, treoir a sholáthar maidir le teagasc agus foghlaim, agus ceisteanna a fhreagairt. Chláraigh 65 CTI san iomlán.

Aiseolas:

"Go raibh maith agaibh as gach ceist a fhreagairt agus mé a chur ar mo shuaimhneas."

"Bhí an t-eolas an-chabhrach, agus bhí sé iontach labhairt le CTInna eile."

"Go raibh maith agaibh as fáilte mhór a chur romhainn agus roinnt acmhainní a thabhairt dúinn."




Ionduchtúchán CTI agus Seisiún Tacaíochta MC-CTI

I mí Dheireadh Fómhair 2025, thacaigh TIBÉ arís leis an Roinn Oideachais agus Óige ag an ionduchtú bliantúil CTI. Le linn na hócáide seo, thug TIBÉ breac-chuntas ar an raon tacaíochtaí teagaisc agus foghlama atá ar fáil do CTInna. Chuir an t-ionduchtú ar chumas FTInna casadh ar a gComhlaigh Naisc TIBÉ agus ar CTInna eile a shanntar don réigiún céanna. Feidhmíonn an Comhlach Naisc mar phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe teagaisc agus foghlama i rith na bliana.



Tar éis ionductúcháin, d'óstáil TIBÉ a shraith bhliantúil de sheisiúin tacaíochta MC-CTI i mí Dheireadh Fómhair 2025. Chuir Comhlaigh TIBÉ na himeachtaí pearsanta seo ar fáil in 19 n-ionad ar fud na tíre thar thréimhse coicíse. Chláraigh 390 rannpháirtí, an líon is airde go dtí seo. Díríodh sna seisiúin ar chomhoibriú a fhorbairt idir MCanna agus CTInna, ar phleanáil don bhliain acadúil agus ar smaointe praiticiúla sa seomra ranga a roinnt.

Aiseolas ó sheisiúin MC-CTI:



Pobail Chleachtais do CTInna

Chríochnaigh TIBÉ 2025 le sraith thiomnaithe de Phobail Chleachtais ar líne do CTInna, a réachtáladh i mí na Nollag. Chruthaigh na seisiúin seo spás struchtúrtha le haghaidh chun comhoibriú agus piarfhoghlaim a dhéanamh, mar aon le cleachtais éifeachtacha sa seomra ranga a roinnt thar réigiúin agus comhthéacsanna teanga éagsúla.

Tionchar:

- In 2025, leathnaigh TIBÉ an scéim CTI agus rinne sé í a bheachtú, ag cinntiú go raibh CTInna, MCanna agus scoileanna ullmhaithe níos fearr chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh agus eispéiris foghlama teanga a fheabhsú.
- Léiríodh sa rannpháirtíocht ba mhó riamh i seisiúin MC-CTI aitheantas méadaithe ar an luach a chuirtear ar thacaíochtaí TIBÉ.
- Feabhsaíodh ullmhacht agus muinín CTInna a bhuí le tacaíochtaí cuimsitheacha a cuireadh ar fáil dóibh sular thosaigh siad, ag an ionductúchán agus tacaíochtaí luath sa bhliain. Chuir siad seo ar fad le himeascadh níos réidhe sna pobail scoile.
- Chuir comhpháirtíochtaí níos láidre MC-CTI agus cleachtais teagaisc níos nuálaí le heispéiris níos saibhre idirchultúrtha agus foghlama teanga do scoláirí.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Pobail Chleachtais MC-CTI nua ar líne a sheoladh i mí Eanáir 2026 chun cur leis an gcomhoibriú agus idirphlé gairmiúil idir MCanna agus CTInna.
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ábhar na seisiún tacaíochta bliantúil MC-CTI atá sceidealaithe do Dheireadh Fómhair 2026, ag cinntiú go dtagann na seisiúin le tosaíochtaí teagaisc agus foghlama atá ag teacht chun cinn, le haiseolas rannpháirtithe agus le riachtanais scoileanna atá ag síorfhorbairt.
- Leanúint ar aghaidh leis an mbeachtú ar thacaíochtaí teagaisc agus foghlama TIBÉ ar fud na scéime CTI, ag baint úsáid as léargais ó shuirbhéanna, aiseolas ionductúcháin agus seisiúin réigiúnacha chun acmhainní, ábhair threorach agus tacaíochtaí réamheolais a fheabhsú.



3 Acmhainn

Léargas ginearálta:

Is sraith acmhainní é Spotsolas ar Scoileanna, arna gcruthú ag múinteoirí, a thaispeánann dea-chleachtas i ranna agus i seomraí ranga Nuatheangacha lasachta (NTI) ar fud na hÉireann. Tacaíonn an tsraith le pobal foghlama gairmiúla inar féidir le múinteoirí dul i ngleic le straitéisí praiticiúla teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar fhianaise, agus iad a chur in oiriúint dá gcomhthéacsanna féin.

Príomhaidhmeanna:

- Samplaí de dhea-chleachtas in oideachas NTI a roinnt ar fud scoileanna na hÉireann.
- Múinteoirí NTI a spreagadh chun foghlaim óna chéile.
- Tacú le modheolaíochtaí teagaisc nuálacha agus na modheolaíochtaí sin a scaipeadh ar fud phobal na Nuatheangacha lasachta.

Gníomhaíocht:

In 2025, foilsíodh trí chás-staidéar mar chuid den tsraith Spotsolas ar Scoileanna. Rinne gach ceann acu iniúchadh ar théama difriúil agus leag siad béim ar chuir chuige is féidir le scoileanna eile a ghlacadh nó a chur in oiriúint.

Iniúchadh a Dhéanamh ar Ghairmeacha san AE agus ar Cheannaireacht Scoláirí

Rinne scoláirí i Scoil Ghramadaí Ardeaglais Phádraig iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le foghlaim teangacha tacú le conairí chuig gairmeacha san Aontas Eorpach. Trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha, ghlac scoláirí páirt in iniúchadh gairme, malartú cultúrtha agus forbairt ceannaireachta fad is a bhí siad ag neartú a gcuid scileanna teanga agus ag cur lena dtuiscint ar dheiseanna san Eoraip.

**Conair chun Teanga Nua a Thabhairt isteach i Scoileanna**

Roinn Meánscoil Toirbhirte Choill an Átha a turas chun an Pholainnis a thabhairt isteach mar ábhar curaclaim. Rinne an acmhainn doiciméadú ar phróiseas na scoile ón bpleanáil tosaigh go dtí an cur i bhfeidhm iomlán, ag tairiscint treoir phraiticiúil maidir le teangacha nach múintear chomh coitianta sin a chur san áireamh agus chun scoileanna a spreagadh chun a soláthar teanga a leathnú.

**Ceol agus Rithim a Úsáid sa Seomra Ranga NTI**

Léirigh an cás-staidéar seo an chaoi ar féidir le rithim agus ceol tacú le foghlaim ghramadaí. Is minic a shíleann scoláirí go bhfuil struchtúir ghramadaí teibí; cuidíonn patrúin cheoil le hábhar a leabú i gcuimhne, rud a fhágann go bhfuil an foghlaim gníomhach, taitneamhach agus inbhuanaithe.



Tionchar:

- Sáraítear leis an tsraith an bhearna idir teoiric agus cleachtas, ag taispeáint do mhúinteoirí an chaoi ar féidir fíorghníomhaíocht seomra ranga a dhéanamh den oideolaíocht agus beartas.
- Faigheann múinteoirí rochtain ar mhodheolaíochtaí praiticiúla a ndearnadh tástáil orthu, rud a thacaíonn le foghlaim ghairmiúil mhachnamhach atá féinstiúrtha.
- Spreagann na cás-staidéir nuálaíocht, ag tairiscint samhlacha do mhúinteoirí ar féidir leo cuir chuige nua a spreagadh agus rannpháirtíocht na scoláirí a fheabhsú.

Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag roinnt samplaí dea-chleachtais le gné-ailt eile de chuid Spotsolas ar Scoileanna in 2026.





2 Acmhainn Forbartha



1 Chomhpháirtíocht Nua



1 Acmhainn Idirbhliana Nuashonraithe

Léargas ginearálta:

In 2025, lean TIBÉ ar aghaidh ag forbairt, ag athbhreithniú agus ag cur chun cinn raon leathan acmhainní agus ranganna teagaisc chun cáilíocht, comhsheasmhacht agus inrochtaineacht an teagaisc agus na foghlama teanga a fheabhsú. Áiríodh leis an obair sin ábhair a bhí ann cheana a nuashonrú, comhpháirtíochtaí nua a bhunú agus tacaíochtaí seanbhunaithe a scaipeadh ar mhúinteoirí ar fud na tíre.

Príomhaidhmeanna:

- Acmhainní agus ranganna teagaisc praiticiúla, ardchaighdeán a chur ar fáil do mhúinteoirí a lena bhfeabhsaítear teagasc agus foghlaim.
- Modheolaíochtaí teagaisc nuálacha a chothú i ngach teanga.
- Glacadh teangacha i scoileanna a neartú trí thacú le cleachtas éifeachtach agus tarraingteach sa seomra ranga.

Gníomhaíocht:

Le linn 2025, d'fhorbair agus rinne TIBÉ iniúchadh ar thacaíochtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfanann acmhainní ábhartha, inrochtana agus ailínithe le riachtanais teagaisc atá ag teacht chun cinn. Lean an comhoibriú ar aghaidh le comhpháirtithe amhail Oide Teicneolaíocht san Oideachas, agus bunaíodh comhpháirtíocht nua le Gaisce - Gradam an Uachtaráin.



20 Bealach chun Glacadh NTInna a Mhéadú i do Scoil

Cruthaíodh an acmhainn seo chun tacú le múinteoirí iar-bhunscoile próifíl na dteangacha a ardú. Cuirtear réimse smaointe i láthair leis an acmhainn, ó imeachtaí scoile uile go gníomhaíochtaí laethúla sa seomra ranga, ar féidir iad a chur in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla scoile. Tá sé mar aidhm ag an acmhainn spéis scoláirí a spreagadh agus láithreacht teangacha a neartú i bpobail scoile.



Rang Teagaisc AudioPen

Lean TIBÉ ar aghaidh ag leathnú a shraith ranganna teagaisc teicneolaíochta digití. In 2025, forbraíodh rang teagaisc nua ar AudioPen, ag taispeáint conas is féidir an uirlis a úsáid chun anailís, atheagrú, achoimre nó tras-scríobh a dhéanamh ar chaint ó bhéal lena húsáid sa seomra ranga. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar ranganna teagaisc teicneolaíochta digití atá ann cheana freisin, agus cuimsíodh gnéithe nua IS chun na ranganna a athfhorbairt le go gcoinneoidís ábharthacht agus luach oideolaíochta.



Modúil do Thosaitheoirí na hIdirbhliana

Ag tógáil ar Mhodúil athbhreithnithe do Thosaitheoirí na hIdirbhliana sa Ghearmáinis, sa Spáinnis, san Iodáilis, sa Fhraincis agus sa Pholainnis, nuashonraíodh an modúil Sínise in 2025. Deartar na modúil seo do scoláirí na hIdirbhliana atá ag tosú ar theanga nua, agus is féidir iad a chur in oiriúint do chomhthéacsanna na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Cuimsítear i ngach modúil tascanna do scoláirí, agus rannóg múinteoirí ina leagtar amach léargas ginearálta ar thopaicí, cuir síos ar thascanna agus torthaí foghlama.

Gaisce - Comhpháirtíocht Ghradaim an Uachtaráin

In 2025, rinneadh Comhpháirtí oifigiúil Dúshlán Gaisce de TIBÉ. Leis an gcomhpháirtíocht seo, déantar ailíniú idir foghlaim teangacha agus bealaí forbartha óige a aithnítear go náisiúnta. D'fhorbair TIBÉ bailiúchán smaointe do na réimsí dúshlán Scil Phearsanta agus Rannpháirtíocht sa Phobal, rud a chuir ar chumas daoine óga gníomhaíochtaí dírithe ar theangacha a úsáid mar chuid dá riachtanais chun Gradam Cré-umha Gaisce a fháil. Is gá do rannpháirtithe uair an chloig amháin ar a laghad sa tseachtain a chríochnú ar feadh trí seachtaine déag.



Tionchar:

- Cinntíodh le hacmhainní nuashonraithe agus nuaforbartha go bhfanadh ábhair cothrom le dáta, praiticiúil agus go mbeadh ábhair ag teacht le cuir chuige oideolaíocha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga.
- Thacaigh ranganna teagaisc teicneolaíochta digitéil le múinteoirí chun modheolaíochtaí nuálacha a leabú ina seomraí ranga.
- Le 20 Bealach chun Glacadh NTInna a Mhéadú i do Scoil, cuireadh straitéisí praiticiúla ar fáil chun próifíl na dteangacha a ardú agus chun tacú le glacadh méadaithe.
- Chuir Modúil Nuashonraithe do Thosaitheoirí na hIdirbhliana feabhas ar chaighdeán agus ar inrochtaineacht na foghlama teanga ag leibhéal tosaitheoirí san Idirbhliain.
- Leis an chomhpháirtíocht náisiúnta nua le Gaisce, cuireadh foghlaim teangacha mar chuid de chreat aitheanta forbartha óige, rud a d'oscail bealaí breise do rannpháirtíocht scoláirí.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Níos mó daoine a spreagadh le tabhairt faoi ranganna teagaisc digiteacha agus comhoibriú le Oide Teicneolaíocht san Oideachas a neartú, le béim ar leith ar IS i bhfoghlaim teanga.
- Athfhorbairt iomlán ar ranganna teagaisc digiteacha, a chuimsíonn gnéithe nua IS.
- Leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú ar Mhodúil Tosaitheoirí na hIdirbhliana sa tSínis agus sa tSeapáinis agus tús a chur le hathbhreithniú ar an gCóiréis, an Liotuáinis, an Phortaingéilis agus an Rúisis.
- Acmhainní nuaforbartha a scaipeadh agus a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear 20 Bealach chun Glacadh NTInna a Mhéadú i do Scoil, in éineacht le tacaíochtaí seanbhunaithe amhail an podchraoladh MFL Teachers Talk agus WebQuest.
- Rannpháirtíocht le dúshlán atá dírithe ar theanga de chuid Gaisce a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar líon na scoláirí ag tabhairt faoi dhúshlán ar fud na scoileanna.



603 Rannpháirtí Cláraithe



20 Seisiún

Léargas ginearálta:

Le Pobail Chleachtais (PC) TIBÉ, tugtar le chéile múinteoirí a bhfuil comhspéis acu i dteangacha agus i dteagasc teangacha chun smaointe a mhalartú, réitigh a fhiosrú agus cleachtas sa seomra ranga a roinnt. Éascaítear PCanna go réigiúnach agus go téamach, agus reáchtáiltear iad go pearsanta agus ar líne, ag brath ar riachtanais na rannpháirtithe. Sna na seisiúin seo, cothaítear cultúr comhoibrithe, muinín fhrithpháirteach agus idirphlé gairmiúil, rud a chuireann ar chumas múinteoirí dúshlán a phlé agus cuir chuige atá idir chruthaitheach agus phraiticiúil a fhorbairt i leith an teagaisc teangacha.

Príomhaidhmeanna:

- Pobail bheoga réigiúnacha agus téamacha múinteoirí NTI a thógáil agus a chothú ar fud na hÉireann.
- Deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí NTI chun nascadh, comhoibriú agus dea-chleachtas a roinnt atá oiriúnaithe dá gcuid riachtanas.

Gníomhaíocht:

In 2025, d'éascaigh TIBÉ 20 Pobal Cleachtais, le níos mó ná 600 múinteoir cláraithe do na seisiúin. Áiríodh sna PCanna meascán de sheisiúin a bhain go sonrach le tionscadail agus seisiúin théamacha, rud a thug deis do rannpháirtithe dul i ngleic leis na topaicí is ábhartha dá gcuid riachtanas. Bhí ról lárnach ag Comhlaigh TIBÉ in éascú na seisiún seo, ag baint úsáid as a dtaithí sa seomra ranga chun a chinntiú go raibh an t-ábhar praiticiúil, ábhartha agus bunaithe ar chleachtas fíorshaoil.

Ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu trí PCanna 2025:

- Foireann Uirlisí Oíche Oscailte;
- Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS);
- #ThinkLanguages;
- DigiTech agus uirlisí digiteacha;
- Tacaíocht do Chúntóirí Teanga lasachta (CTInna);
- Tacaíocht don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF);
- Seisiúin do theangacha ar leith.

Aiseolas



Tionchar:

- Neartaigh PCanna líonrú i measc múinteoirí NTI, rud a chruthaigh deiseanna comhoibrithe agus comhroinnte acmhainní.
- Ghlac múinteoirí páirt níos doimhne i bpléite téamacha agus praiticiúla, rud a mhéadaigh a muinín agus a spreagadh.



Na chéad chéimeanna eile:

- Aiseolas ó PCanna 2025 a úsáid chun riachtanais atá ag teacht chun cinn agus réimsí tosaíochta do mhúinteoirí a shainiú.
- Leanúint ar aghaidh ag eagrú PCanna, idir théamach agus PCanna a bhaineann le tionscadal ar leith araon chun tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil agus comhoibriú a chothú.

Léargas ginearálta:

Tacaíonn an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (ECML) de chuid Chomhairle na hEorpa le barr feabhais agus nuálaíocht i bhfoghlaim teangacha ar fud na mBallstát. I rith 2025, lean TIBÉ lena chomhoibriú leis an ECML chun oideachas teanga ardchaighdeán a chur chun cinn agus chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí beartais agus oideolaíochta ar fud na hEorpa.

Príomhaidhmeanna:

- Leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú leis an ECML agus iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna scaipthe le páirtithe leasmhara i mbeartas, teagasc agus foghlaim.
- Dul i dteagmháil le piaraí agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí i bpolasaí agus i gcleachtas an oideachais teanga.

Gníomhaíocht:


Comhordú Tionscadail (ARPIDE)

Rinne TIBÉ comhordú ar an tionscadal ECML, *Using ECML resources to support plurilingual and intercultural education for democratic culture* (ARPIDE). Tacaíonn an tionscadal seo leis na Ballstáit Moladh CM/Moladh(2022)1 ó Chomhairle na hEorpa maidir le hoideachas breisteangach agus idirchultúrtha a chur chun feidhme. Is é príomhchuspóir an tionscadail nósanna imeachta agus uirlisí meastóireachta struchtúrtha a fhorbairt chun cabhrú le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara oideachais acmhainní ECML a oiriúnú agus a chomhtháthú i gcomhthéacsanna éagsúla.

Mar chuid den ról comhordaithe seo, rinne TIBÉ an méid a leanas:

- comhar a éascú idir comhpháirtithe tionscadail ó na Ballstáit;
- chuir sé le forbairt creataí struchtúrtha meastóireachta agus oiriúnaithe ;
- thacaigh sé le hailíniú acmhainní ECML le tosaíochtaí beartais náisiúnta agus réadúlachtaí sa seomra ranga;
- chinntigh TIBÉ scaipeadh agus rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara na hÉireann.

Tagann an obair seo le sainchúram náisiúnta TIBÉ maidir le tacú le cur i bhfeidhm beartais, forbairt curaclaim agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí, rud a fhágann go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta maidir le huirlisí praiticiúla a mhúnlú, a úsáidfear ar fud na hEorpa.



Bealtaine 2025 — Oiliúint & Comhairleoireacht ECML

Rinne TIBÉ comhordú ar chur i bhfeidhm agus ar rannpháirtíocht na hÉireann san imeacht Oiliúna agus Comhairleoireachta ECML, *Plurilingual and Intercultural Education: Teacher and Learner Competences*. Thug an ócáid saineolas idirnáisiúnta go hÉirinn tráth a ndearnadh forbairt shuntasach ar an gcuraclam, go háirithe le tabhairt isteach teangacha iasachta i gCuraclam athfhorbartha na Bunscoile.



Cuir an oiliúint ar chumas na rannpháirtithe:

- tuiscint a fhorbairt ar an eolas, na scileanna agus na dearchtaí a theastaíonn le haghaidh foghlaim bhreisteangach agus idirchultúrtha;
- iniúchadh a dhéanamh ar na luachanna agus na hinniúlachtaí gairmiúla a theastaíonn chun tacú leis an obair sin i gcleachtas;
- scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht na n-inniúlachtaí sin i gcomhthéacsanna oideachais éagsúla;
- triail a bhaint as ábhair agus gníomhaíochtaí teagaisc praiticiúla.

I measc na bpáirtithe leasmhara bhí ionadaithe ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Oide, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus soláthraithe Oiliúna Tosaigh Múinteoirí. Neartaíodh leis an spás gairmiúil comhroinnte idirphlé agus comhleanúnachas trasghníomhaireachta ar fud an churaclaim, an mheasúnaithe agus na foghlama gairmiúla.

Meitheamh 2025 — Cruinniú Lónra DECODE

D'fhreastail TIBÉ ar an gcrúinniú lónra i gcomhair *Developing competences for democratic culture for young learners through language education (DECODE)*.



Díríonn an tionscadal ar Chreat Tagartha na hInniúlachtaí don Chultúr Daonlathach (2018) a chur i bhfeidhm san oideachas bunscoile.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal ábhair phraiticiúla dhigiteacha don seomra ranga agus treoirlínte cur chun feidhme a chruthú a chothaíonn inniúlachtaí don chultúr daonlathach trí chur chuige breisteangach agus idirchultúrtha.



Deireadh Fómhair 2025 — Cruinniú an Lónra Il-litearthachta

Bhí ionadaíocht ag TIBÉ ag an gcrúinniú dar teideal *Pluriliteracies for global citizenship - deeper learning in the foreign language classroom Plurilitcit*. Tacaíonn an tionscadal le foghlaim níos doimhne, le comhtháthú teanga agus ábhair, agus le forbairt il-litearthachtaí don tsaoirínacht dhomhanda—tosaíocht do go leor ballstát ECML, Éire san áireamh.

Tagann an tionscadal go dlúth le béim straitéiseach na hÉireann ar chomhtháthú teanga agus ábhair agus ar thuiscint idirchultúrtha.

Samhain 2025 — Ceardlann IS don Oideachas Teanga

Ghlac TIBÉ páirt sa cheardlann ECML, IS don Oideachas Teanga. Rinneadh iniúchadh sa cheardlann ar chomhtháthú eiticiúil, fóinteach agus íogair ó thaobh an chomhthéacs na hintleachta saorga san oideachas teanga, lena n-áirítear treoir Eorpach atá ag teacht chun cinn agus impleachtaí don churaclam, don mheasúnú agus d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí.

Thacaigh an obair seo le hullmhacht na hÉireann maidir leis an intleacht shaorga a chomhtháthú ar bhealach atá eiticiúil agus bunaithe ar oideolaíocht.

2025 — Clár píolótach na hUirlise Féinmheastóireachta

Tugadh cuireadh d'Éirinn, trí TIBÉ, an chéad leagan d'uirlis féinmheastóireachta a thriail ar bhonn píolótach. Dearadh í chun cabhrú le húdaráis phoiblí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le CM/Mol(2022)1 maidir le hoideachas breisteangach agus idirchultúrtha a chur chun feidhme. Díríodh sa chuid phíolótach ar iar-bhunoideachas sóisearach.

Léiríonn rannpháirtíocht TIBÉ an ról atá aige maidir le hoideachas breisteangach agus idirchultúrtha a chur chun cinn i gcóras iar-bhunscoile na hÉireann. Tacóidh léargais a bhaileofar le planáil fhianaisebhunaithe d'fhorbairtí straitéiseacha amach anseo laistigh de Languages Connect.





Tionchar:

- Neartaigh comhordú an tionscadail ARPIDE ceannaireacht na hÉireann maidir le huirlisí praiticiúla ar leibhéal Eorpach a mhúnlú a thacaíonn le cur chun feidhme CM/Mol(2022)1.
- Le seachadadh na hócáide Oiliúna agus Comhairleoireachta, neartaíodh comhleanúnachas ar fud na gcomhlachtaí curaclaim, foghlama gairmiúla agus measúnaithe agus cothaíodh tuiscint chomhroinnte ar oideachas breisteangach agus idirchultúrtha.
- Thug rannpháirtíocht i líonra DECODE léargas luachmhar chun tacú le tabhairt isteach teangacha iasachta i mbunscoileanna.
- Thacaigh rannpháirtíocht sa líonra Plurilitcit chun an bhéim náisiúnta ar fhoghlaim níos doimhne, FCÁT agus oideachas saoránachta domhanda a threisiú.
- Thacaigh rannpháirtíocht sa cheardlann IS don Oideachas Teanga le hullmhacht na hÉireann maidir le comhtháthú eiticiúil na hintleachta saorga san oideachas teanga.
- Thacaigh píolótú na huirlise féinmheastóireachta le machnamh náisiúnta ar chur i bhfeidhm beartais agus chuidigh sé le planáil amach anseo faoin straitéis Déanann Teangacha Nasc.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Rannpháirtíocht straitéiseach leanúnach a choinneáil leis an ECML chun ailíniú le forbairtí beartais Eorpacha a neartú, agus comhleanúnachas a fheabhsú ar fud tionscnaimh TIBÉ.
- Leanúint ar aghaidh leis an mbeachtú agus píolótú ar uirlis féinmheastóireachta/dhiagnóiseach an ECML.
- Úsáid a bhaint as léargais ó chruinnithe líonra chun eolas a dhéanamh do phleanáil don chéad chéim eile den straitéis Déanann Teangacha Nasc.
- Ceardlann ARPIDE 2026 a ullmhú agus a sheachadadh agus aschuir chroíthionscadail a scaipeadh trí ECML agus líonraí náisiúnta.
- An fhoghlaim ón tionscadal DECODE a úsáid chun tacú le hacmhainní bunscoile a leabaíonn cuir chuige bhreisteangacha, idirchultúrtha agus an chultúir dhaonlathaigh.



2 Phobal Cleachtais Ar Líne



62 Múinteoir a Ghlac Páirt

Léargas ginearálta:

Foireann uirlisí féinmheastóireachta is ea Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS) a thacaíonn le hiar-bhunscoileanna chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga a aithint agus freagairt di. Soláthraítear le SIAÁS creat soiléir chun an ghné idirchultúrtha de shaol na scoile a iniúchadh agus cuirtear cur chuige scoile uile chun cinn leis maidir le cuimsiú agus feabhsú. Cuimsítear leis an bhfoireann uirlisí suirbhéanna do bhaill de phobal na scoile, lena n-áirítear an bord bainistíochta, ceannaireacht shinsearach, múinteoirí, baill foirne nach múinteoirí iad, scoláirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí. Cuireadh an fhoireann uirlisí in oiriúint ó thionscadal an Lárionaid Eorpaigh um Nuatheangacha (ECML), *A Roadmap for the Languages of Schooling*.

Príomhaidhmeanna:

- Creat struchtúrtha a chur ar fáil do scoileanna chun a gcleachtais idirchultúrtha a mheas agus a fheabhsú.
- Fiosracht, oscailteacht agus spéis i dteangacha a chothú ar fud phobal na scoile.
- A chinntiú go n-aithnítear na teangacha agus ar na cultúir go léir atá i bpobal na scoile agus a chinntiú go bhfuil meas orthu.
- Tacú le scoileanna chun foireann uirlisí SIAÁS a chur i bhfeidhm trí phobail chleachtais chun comhoibriú a chur chun cinn, modheolaíochtaí a fheabhsú agus timpeallachtaí scoile cuimsitheacha a fhorbairt.

Gníomhaíocht:


Bunaíodh meitheal ag deireadh 2024 ina raibh múinteoirí a bhfuil saineolas suntasach acu san oideachas idirchultúrtha. In 2025, d'fhorbair an mheitheal sraith foirmeacha aistrithe d'fhoghlaimeoirí Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) atá ag aistriú idir iar-bhunscoileanna. Cinntítear leis na foirmeacha seo go leanann eolas riachtanach teanga, oideachais agus folláine scoláirí nuair a bhogann siad scoileanna, rud a thacaíonn le comhtháthú níos réidhe agus le planáil níos eolaí. Tionóladh dhá phobal cleachtais náisiúnta in 2025, le níos mó ná 60 múinteoir páirteach iontu. Leis na seisiúin sin, cruthaíodh deiseanna chun dea-chleachtas a roinnt, dúshlán cur chun feidhme a phlé agus réitigh inoibrithe a aithint. Cuireadh seisiún Oiliúna Tosaigh Múinteoirí ar fáil do mhúinteoirí réamhsheirbhíse iar-bhunscoile ar chur chuige breisteangach agus idirchultúrtha—ag baint úsáid as SIAÁS mar shampla praiticiúil lárnach. Leathnaigh sé seo SIAÁS níos faide ná múinteoirí inseirbhíse, agus leabaíodh ar oideolaíochtaí idirchultúrtha i measc daoine a bheidh ina n-oidí amach anseo.

Tionchar:

- Bhí tionchar dearfach ag rannpháirtíocht i bpobail chleachtais SIAÁS ar scoileanna rannpháirteacha trí chomhoibriú agus idirphlé gairmiúil a neartú.
- Chabhraigh na pobail le múinteoirí dul i ngleic le dúshlán chomhroinnte, éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur chun cinn, agus timpeallachtaí foghlama níos cuimsithí a chothú.
- Leag aiseolas dearfach na rannpháirtithe béim ar luach na foirne uirlisí agus ar luach na struchtúr comhoibriúch a thacaíonn lena cur chun feidhme.

➤ Na chéad chéimeanna eile

- Leanúint ar aghaidh ag óstáil pobail chleachtais atá dírithe ar SIAÁS.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt acmhainní nua SIAÁS tríd an meitheal.
- Na trí fhoirm aistrithe náisiúnta do scoláirí EAL a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, agus iad a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara ábhartha.
- Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirt i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta chun obair sa réimse seo a chur chun cinn agus a scaipeadh.





140 Múinteoir NTI a fuair Tacaíocht

Léargas ginearálta:


In 2025, éascaíodh dhá sheisiún smaointeoireachta (Think-In) IS do Mhúinteoirí NTI chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an Intleacht Shaorga (IS) tacú le teagasc agus foghlaim nuatheangacha iasachta. Scrúdaíodh sna himeachtaí seo riachtanais múinteoirí atá ag teacht chun cinn, spreagadh idirphlé gairmiúil, agus gineadh léargais a dhéanfaidh eolas do thacaíocht, forbairt acmhainní agus forbairt acmhainne ar fud an phobail NTI amach anseo.

Príomhaidhmeanna:


- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le IS feidhmiú mar acmhainn fhóna agus phraiticiúil i dteagasc agus i bhfoghlaim NTI.
- Riachtanais na múinteoirí NTI atá ag teacht chun cinn a aithint maidir le huirlisí agus cuir chuige IS.
- Guth agus ionchur múinteoirí a éascú chun forbairt acmhainní agus tacaíochtaí amach anseo a threorú.

IS DO MHÚINTEOIRÍ NTI - STAITISTICÍ RANNPHÁIRTITHE**PRÓIFÍLÍ SCOILE**

Eolas agus tuiscint ar úsáid IS san oideachas



Stádas DEIS



Gníomhaíocht

In 2025, d'óstáil TIBÉ agus Oide Teicneolaíocht san Oideachas dhá sheisiún smaointeoireachta náisiúnta IS do Mhúinteoirí NTI. Ghlac os cionn 150 múinteoir NTI agus príomhpháirtí leasmhar ó gach cearn d'Éirinn páirt. Leis na Seisiúin Smaointeoireachta, atá ailínithe le Gníomh 1.C.9 den Straitéis Déanann Teangacha Nasc, cruthaíodh spás le haghaidh rannpháirtíocht chriticiúil, comhoibriú, agus iniúchadh praiticiúil ar IS san oideachas teanga.

Tugadh le chéile sa chlár cuir i láthair threoraithe, seisiúin faoi stiúir piaraí agus plé grúpa struchtúrtha. Rinne múinteoirí iniúchadh ar chur i bhfeidhm praiticiúil IS sa seomra ranga, breithnithe eiticíúla agus straitéisí chun IS a chomhtháthú ar bhealach fóinteach sa teagasc agus san fhoghlaím.


Buaicphointe tábhachtach ab ea seisiún ar innealtóireacht treoracha ag baint úsáid as creat RASE (Ról, Fiafraigh, Sonrach, Turgnamh), a d'aithin múinteoirí mar ábhar an-ábhartha d'úsáid i rang fíorshaoil. Léirigh seisiún TeachMeet dúshlán, nuálaíochtaí agus cleachtas machnamhach faoi stiúir múinteoirí, agus luadh go minic é mar cheann de na gnéithe is luachmhaire mar gheall ar a infheidhmeacht dhíreach sa seomra ranga.

Léiríodh rannpháirtíocht thar a bheith láidir sna sonraí meastóireachta:

- Thuairiscigh 92% de na rannpháirtithe go raibh siad "an-sásta" leis an ócáid ar an iomlán.
- Thug 79% le fios go raibh "gach seans" go ndéanfaidh siad an méid a d'fhoghlaím siad a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga.
- Chuir go leor síos ar na seisiúin mar "an FGL is fearr ar ar fhreastail siad riamh."

Thug na seisiúin smaointeoireachta léargas saibhir arna spreagadh ag múinteoirí ar réadúlachtaí chomhtháthú IS i scoileanna. Leag múinteoirí béim ar shaincheistean amhail neamhchinnteacht bheartais, ualach oibre, srianta ama, ullmhacht dhigiteach, agus imní faoi chosaint sonraí agus claontacht algartamach. Tá forbairt FGL, acmhainní agus tacaíochtaí scoilbhunaithe sa todhchaí á múnú ag na peirspictíochtaí sin anois.

PRÓIFÍL TEANGA




Teangacha a ndéantar ionadaíocht orthu

1	Liotuáinis	2	Iodáilis	46	Fraincis
1	Portaingéilis	7	Gaeilge		
1	Seapáinis	8	EAL		
1	Polainnis	25	Gearmáinis		
1	Cóiréis	29	Spáinnis		



Aiseolas na Rannpháirtithe



Tionchar:

Ceann de na torthaí ba luachmhaire a bhaineann leis na seisiúin smaointeoireachta ná plé díreach le múinteoirí NTI. Trí phlé, tascanna grúpa agus malartuithe neamhfhoirmiúla, roinn múinteoirí léargais bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- a leibhéil éagsúla ullmhachta digití agus rochtain ar uirlisí IS;
- dúshlán a bhaineann go sonrach le comhthéacs amhail éiginnteacht bheartais, ualach oibre agus srianta ama;
- an-spéis i bhfeidhmchláir IS atá praiticiúil agus a spárálann am chun tacú leis an gcleachtas sa seomra ranga.

Chomh maith leis sin, neartaigh na himeachtaí an comhoibriú idir TIBÉ agus Oide Teicneolaíocht san Oideachas, agus dhoimhnigh siad an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Chigireacht, CNCM, Scoilnet, COGG agus Institiúidí Ardoideachais.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Seisiún Smaointeoireachta IS do Mhúinteoirí NTI a dhéanamh arís in 2026 chun rannpháirtíocht náisiúnta a leathnú.
- Imeacht tiomnaithe leantach IS a fhorbairt agus a sheachadadh do mhúinteoirí NTI bunaithe ar riachtanais aitheanta.
- Tacaíochtaí agus acmhainní a fhorbairt agus a scaipeadh chun cabhrú le múinteoirí teanga IS a chomhtháthú i gcleachtas an tseomra ranga



20 Comhlach TIBÉ

Léargas ginearálta:

Is múinteoirí teanga iar-bhunscoile iad Comhlaigh TIBÉ a bhfuil ról ríthábhachtach acu i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun cinn na bpríomhghníomhartha sa Straitéis Déanann Teangacha Nasc. Lonnaithe ar fud na tíre, tógann siad ar an acmhainn réigiúnach, neartaíonn siad naisc le scoileanna agus cuireann siad tacaíocht dhíreach, phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí, do Chúntóirí Teangacha lasachta (CTInna) agus do phobail scoile. Cinntítear lena gcuid oibre go bhfuil gníomhartha náisiúnta TIBÉ bunaithe ar réadúlachtaí laethúla sa seomra ranga.

Príomhaidhmeanna:

- Feidhmíonn comhlaigh TIBÉ mar cheannairí maidir le dea-chleachtas a chur chun cinn san oideachas teanga trí shaineolas a roinnt ag Pobail Chleachtais (PCanna), Comhdhálacha Líonra Gairmiúil Múinteoirí (TPN) agus imeachtaí eile um oideachas teanga;
- Tacaíonn siad le CTInna le ceistanna teagaisc agus foghlama i rith na bliana;
- Feidhmíonn siad mar a bheadh droichead idir cleachtas seomra ranga agus foireann TIBÉ, ag soláthar aiseolais agus léargais chomhthéacsúla a dhéanann eolas do phleanáil straitéiseach agus forbairt acmhainní.

Gníomhaíocht:

In 2025, leathnaigh foireann na gComhlach go 20 ball. Bhí a bpríomhfhócas dírithe ar thacaíocht a neartú don líon méadaitheach CTInna atá rannpháirteach sa scéim náisiúnta CTInna. D'fheidhmigh gach Comhlach mar phríomhtheagmhálaí do chohórt ainmnithe de CTInna, ag tacú leo le ceistanna teagaisc agus foghlama i rith na bliana. Chuidigh siad freisin le gníomhaíochtaí náisiúnta tríd an méid a leanas:

- Pobail Chleachtais NTI a éascú;
- tacú le CTInna ar leibhéal grúpa agus ar leibhéal aonair araon;
- meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí teangacha nua agus teangacha nach múintear chomh coitianta, lena n-áirítear an tSínis, an Pholainnis agus an tSeapáinis;
- páirt a ghlacadh san ionduchtú náisiúnta CTInna;
- seisiúin tacaíochta CTI a éascú agus seiceálacha tréimhsiúla a réachtáil;
- PCanna tiomnaithe a óstáil do CTInna agus dá Múinteoirí Comhoibrithe.



Dáileadh geografach na gcomhlach TIBÉ ar fud na hÉireann.

Chomh maith leis sin, ghlac Comhlaigh páirt in uasoiliúint agus i bhfoghlaim ghairmiúil chun cur lena gcumas tacú le scoileanna tuilleadh agus cur le forbairtí straitéiseacha.

Tionchar:

- Leathnaigh obair na gComhlach sroicheadh náisiúnta TIBÉ, ag neartú naisc le múinteoirí NTI, CTInna agus pobail scoile.
- Trí mheantóireacht spriocdhírthe agus idirghabháil luath, chuidigh Comhlaigh le rath leanúnach na scéime CTI agus thacaigh siad go héifeachtach le CTInna agus le Múinteoirí Comhoibrithe araon.
- Chinntigh rannpháirtíocht na gComhlach go raibh obair TIBÉ fós ábhartha, praiticiúil agus bunaithe ar fhíordhúshláin agus fíor-riachtanais na múinteoirí agus na scoláirí.



➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag baint tairbhe as seasamh uathúil na gComhlach mar mhúinteoirí reatha chun aiseolas ábhartha a bhailiú agus a chinntiú go bhfanann TIBÉ freagrach do riachtanais scoilbhunaithe.
- Nuálaíocht leanúnach a chothú i bhforbairt acmhainní agus tacaíocht múinteoirí, le haird ar leith ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear IS sa seomra ranga teangacha.
- Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha a chinntiú do Chomhlaigh a chuirfidh ar a gcumas bheith ag súil le riachtanais an phobail teagaisc NTI agus aghaidh a thabhairt orthu.





17 Malartú Scoile

Léargas ginearálta:

Tugadh isteach Maoiniú do Scéim na Malartuithe Scoile in 2018. Cuirtear €5,000 in aghaidh na bliana ar fáil ar feadh trí bliana ar a mhéad chun tacú le scoileanna ceadaithe malartuithe nua a bhunú agus rannpháirtíocht sna malartuithe atá ann cheana a mhéadú. Ó seoladh an scéim, tá maoiniú faighte ag beagnach 40 scoil, agus bhain go leor eile tairbhe as faisnéis agus treoir.

Príomhaidhmeanna:

- Scoileanna a spreagadh chun cláir nua mhalartaithe a bhunú.
- Tacú le scoileanna le malartuithe atá ann cheana féin chun rannpháirtíocht a mhéadú.
- Comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a chothú le scoileanna óstacha thar lear.
- Dea-chleachtas a thaispeáint chun níos mó scoileanna a spreagadh le páirt a ghlacadh i malartuithe.

Gníomhaíocht:

Lean scoileanna a ceadaíodh idir 2018 agus 2023 ar aghaidh ag fáil tacaíochta i rith 2025. Bhí malartuithe ar siúl ar fud na hEorpa agus na hÁise, le scoláirí ag tabhairt cuairt agus ag óstáil scoileanna comhpháirtíochta in áiteanna lena n-áirítear Berck-sur-Mer, Dunkirk, Lille, Ribeaupvillé agus Vichy (an Fhrainc); Barcelona agus Valladolid (an Spáinn); Landau in der Pfalz, Niederkassel agus Trostberg (an Ghearmáin); agus Mukogawa (an tSeapáin). Scaipeann TIBÉ tacaíochtaí maidir le malartuithe scoile ag imeachtaí múinteoirí agus comhoibríonn sé le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile maidir leis na tacaíochtaí céanna. Mar shampla, i mí an Mheithimh 2025, chuir TIBÉ píosa i láthair ag Scoil Samhraidh na Múinteoirí Gearmáinise ag Goethe-Institut, ag soláthar faisnéise agus ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna faoi dheiseanna malartaithe scoile.

Tionchar:

- Fuair scoláirí blaiseadh den saol i gcóras oideachais eile agus bhí cónaí orthu le teaghlaigh óstacha thar lear.
- Chuir óstáil ar scoláire comhpháirtíochta ar chumas daoine óga a gcultúr a roinnt agus cuairt a thabhairt ar chodanna d'Éirinn nár thug siad cuairt orthu roimhe seo.
- Thug na malartuithe deis uathúil chun scileanna teanga a fhorbairt agus tuiscint ar an ábhar a dhoimhniú.



Na chéad chéimeanna eile:

- Ceardlanna a phleanáil agus a sheachadadh maidir le malartuithe a éascú in 2026 ag imeachtaí páirtithe leasmhara.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le scoileanna chun gníomhaíochtaí malartaithe a eagrú.
- Leanúint ar aghaidh ag maoiniú scoileanna atá ceadaithe cheana féin don scéim trí bliana.
- Scoileanna agus múinteoirí breise a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú malartaithe agus chun dul i ngleic le deiseanna Erasmus+ trí Léargas.
- Leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun gníomhaíocht mhalartaithe fhíorúil mhéadaithe a chur chun cinn.



**Sleachta ó Scoláirí
Rannpháirteacha**

"Bhraith mé nach mbeadh a leithéid de dheis agam riamh arís, deis a thacódh le mo neamhspleáchas agus le mo chuid Fraincise."

"Bhí an tréimhse a chaith mé leis an teaghlach malartaithe mar a bheadh brionglóid ann. Bhí a dtithe go hálainn, agus bhí siad thar a bheith fáilteach."

"Tá cúrsaí scoile sa Ghearmáin níos eagraithe agus dírithe ar fholláine na scoláirí. Is cosúil go bhfuil scoláirí níos spreagtha."

"Chomh maith le feabhas a chur ar mo scileanna teanga, rinne mé cairdeas le daoine nua, go háirithe mo pháirtí malartaithe. Táimid fós i dteagmháil gach lá agus tá sé i gceist againn bualadh le chéile arís tar éis ár gcuid scrúduithe. D'éirigh mé níos muiníní freisin nuair a thriail mé rudaí nua."

"Ba é an chuid is fearr liom den mhalartú ná dinnéar agus cluichí boird le mo theaghlach óstach gach tráthnóna."

"An t-eispéireas ab fhearr i mo shaol."

"Tóg an deis, buail le daoine nua, bain triail as rudaí nua, faigh blaiseadh den domhan agus den saol mór."

**Sleachta ó
Thuismitheoirí
agus Caomhnóirí
Rannpháirteacha**

"B'eispéireas uathúil é maireachtáil le teaghlach eile thar lear. Fuair mo mhac blaiseadh de shaol scoile a bhí éagsúil agus fuair sé peirspictíocht nua. Rachaidh sé seo chun tairbhe dó nuair a fhágfaidh sé an baile amach anseo."

"Bhain sé an oiread sin taitnimh as go bhfuil sé ag dul arís i mbliana."

"Bíonn siúlach scéalach! Eispéireas iontach chun feabhas a chur ar scileanna teanga do pháiste, bualadh le daoine nua agus taithí a fháil ar chultúr nua."

"Bhí níos mó i gceist leis an malartú Gearmáinise seachas feabhas a chur scileanna Gearmáinise amháin. Fuair mo mhac grá don chultúr, cara saoil agus an oiread sin neamhspleáchais."

**Sleachta ó
Mhúinteoirí
Rannpháirteacha**

"Mar mhúinteoir neamhtheanga le deich mbliana de thaithí, is é an malartú seo an rud is fearr atá déanta agam i mo ghairm mhúinteoireachta. Tá an nasc le scoil eile i ndiaidh a bheith sárluachmhar."

"Dúirt cúigear múinteoirí a raibh baint acu leis an malartú go raibh sé mar bhuaicphointe a ngairme. Tá liosta fada feithimh anois do mhúinteoirí sa Ghearmáin le páirt a ghlacadh, mar bhain siad an-taitneamh as an malartú le dhá bhliain anuas. Dúirt scoláirí gurbh í an tseachtain sa Ghearmáin an tseachtain ab fhearr dá saol, agus rinne go leor acu cairdeas a mhairfidh ar feadh an tsaoil."

"Creidim go n-athraíonn malartuithe saol duine."



352 Múinteoir Réamhsheirbhíse a Fuair Tacaíocht

Léargas ginearálta:

In 2025, lean TIBÉ lena chomhoibriú le soláthraithe Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) chun acmhainn a fhorbairt i measc múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile na todhchaí. Tá sé mar aidhm ag na comhpháirtíochtaí seo feachtas a ardú ar ról TIBÉ agus a chinntiú go bhfuil eolas ag múinteoirí réamhsheirbhíse ar mhodheolaíochtaí, uirlisí agus straitéisí a thacaíonn le teagasc éifeachtach teanga.

Príomhaidhmeanna:


- Feachtas a ardú ar obair TIBÉ i measc múinteoirí réamhsheirbhíse.
- Plé le soláthraithe OTM agus comhoibriú ar thionscadail chun acmhainn a fhorbairt i modheolaíochtaí agus scileanna oideolaíochta cuí.
- A chinntiú go bhfuil fáil éasca ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh teagasc teanga ardchaighdeán agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

Gníomhaíocht:

Rinne TIBÉ plé le roinnt soláthraithe OTM in 2025, ag soláthar aoi-léachtaí chun daoine a chur ar an eolas faoi thacaíochtaí atá ar fáil agus comhthéacs a thabhairt do chuir chuige nuálacha san oideolaíocht teanga.

D'fhreastail múinteoirí bunscoile réamhsheirbhíse ar sheisiún iomlánach inar clúdaíodh tacaíochtaí TIBÉ, an modúl Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus deiseanna uasoiliúna teanga.

Rinne mic léinn OTM iar-bhunscoile iniúchadh ar bhunús na Foghlama Comhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), lena n-áirítear a prionsabail agus a hábharthacht do theagasc teanga. Cuireadh ar an eolas iad freisin i dtaobh acmhainní TIBÉ a thacaíonn le cleachtas nuálach sa seomra ranga. Ina theannta sin, ghlac mic léinn páirt i seisiún ar chuir chuige bhreisteangacha agus idirchultúrtha le béim ar leith ar an bhfoireann uirlisí, Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS) mar thacaíocht phraiticiúil sa seomra ranga.



'Aontaím go Láidir'
Bhí an seisiún tairbheach

Aiseolas ó Mhic Léinn ITE

Tionchar:

- Neartaigh TIBÉ a chaidrimh le soláthraithe ITE, ag treisiú a ról mar phríomhthacadóir d'oideachas múinteoirí agus nuálaíocht san oideolaíocht teanga.
- Cuireadh seisiún eolais ar fáil do 250 mac léinn de chuid an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas (MGO) a bhí ag ullmhú chun nuatheangacha iasachta a mhúineadh faoi Churaclam athfhorbartha na Bunscoile.
- Cuireadh níos mó ná 100 múinteoir réamhsheirbhíse ar an eolas i dtaobh acmhainní, modheolaíochtaí nuálacha agus cuir chuige bhreisteangacha agus idirchultúrtha TIBÉ, ag soláthar straitéisí praiticiúla dóibh dá gcleachtas seomra ranga amach anseo.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Comhoibriú le soláthraithe OTM a neartú agus a leathnú.
- Leanúint ar aghaidh ag tabhairt cuairt ar sholáthraithe OTM chun feasacht a ardú ar na tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí teanga na todhchaí.
- Múinteoirí réamhsheirbhíse a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bPobail Chleachtais agus úsáid a bhaint as acmhainní TIBÉ agus Languages Connect le linn a socrúcháin scoile.

Léargas ginearálta:

Cur chuige oideachais is ea an Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) a chomhtháthaíonn dhá fhócas, foghlaim teangacha agus foghlaim ábhair. Saibhrítear léi eispéiris oideachais scoláirí ach tacú le heolas disciplín, fad is a neartaítear forbairt teanga.

In 2025, lean TIBÉ de bheith i gceannas ar iarrachtaí náisiúnta chun FCÁT a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar fud teangacha iasachta, ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara, ag tacú le scoileanna, agus ag leathnú deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí.

Príomhaidhmeanna:

- Cleachtais FCÁT a chur chun cinn in Éirinn trí foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú.
- Comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara a neartú chun cur chuige aontaithe a bhunú i leith FCÁT i gcás NTI, Gaeilge agus ábhair eile.
- FGL spriocdhírthe agus acmhainní a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna FCÁT a chuireann FCÁT i bhfeidhm.
- Ceannaireacht na hÉireann i FCÁT a léiriú ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear FCÁT Domhanda 2025 a óstáil.

Gníomhaíocht:

Forbairt Fhoireann Uirlisí FCÁT

Bunaíodh Meitheal um Fhoireann Uirlisí FCÁT in 2025 chun acmhainn phraiticiúil a dhearadh a thacaíonn le scoileanna FCÁT a chur i bhfeidhm ar bhealaí a léiríonn a gcomhthéacsanna áitiúla. Is í an tOllamh Do Coyle, saineolaí ar FCÁT a bhfuil aithne idirnáisiúnta uirthi atá i gceannas ar an meitheal, agus ar an meitheal tá ionadaithe ó TIBÉ, Institiúid Ardoideachais, Oide agus ceathrar múinteoirí iar-bhunscoile reatha. Cinntítear leis an gcur chuige comhoibríoch seo ailíniú idir taighde, beartas, forbairt ghairmiúil agus cleachtas sa seomra ranga. Le linn 2025, réachtáil an meitheal ceardlanna agus seimineáir inar ndearnadh iniúchadh ar phríomhphrionsabail FCÁT. Rinne múinteoirí rannpháirteacha píolótú ar choincheapa atá ag teacht chun cinn ina suíomhanna seomra ranga féin agus chuir siad aiseolas atriallach ar fáil. Cinntítear leis an bpróiseas forbartha seo atá bunaithe ar chleachtas go bhfuil an Fhoireann Uirlisí FCÁT bunaithe ar eispéireas barántúil sa seomra ranga agus gur féidir é a chur in oiriúint i gcomhthéacsanna éagsúla scoile. Táthar ag súil go gcuirfear an Fhoireann Uirlisí amach i mí an Mheithimh 2026.

Plé le Mic Léinn Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Thug TIBÉ aoi-léachtaí spriocdhírthe do mhic léinn OTM in 2025, ag díriú ar bhunús oideolaíoch FCÁT agus a chur i bhfeidhm i seomraí ranga na hÉireann. Bhí sé mar aidhm ag na léachtaí seo ábhair oidí a ullmhú chun cleachtais FCÁT a chomhtháthú ina dteagasc agus feachtas a mhéadú ar thacaíochtaí TIBÉ do mhodheolaíochtaí nuálacha teagaisc teanga.

FCÁT Domhanda 2025 — 13-14 Meitheamh 2025

D'éascaigh TIBÉ FCÁT Domhanda 2025 (World CLIL 2025) i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Mhá Nuad agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Thug an chomhdháil idirnáisiúnta dhá lá seo le chéile múinteoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas agus cleachtóirí ó 26 tír chun taighde FCÁT, cleachtas sa seomra ranga agus forbairtí beartais a iniúchadh faoin téama: **Nascann FCÁT: ról FCÁT ar fud disciplíní ábhair, ag tacú le hinniúlachtaí il-lítearthachta, breisteangacha agus ilchultúrtha agus iad a fhorbairt.**

Chruthaigh FCÁT Domhanda 2025 spás gairmiúil bríomhar don idirphlé, comhoibriú agus malartú eolais. Neartaigh an ócáid ceannaireacht na hÉireann i FCÁT go hidirnáisiúnta agus atreisíodh an tábhacht a bhaineann le cleachtas atá bunaithe ar thaighde mar bhunús d'fhorbairt inbhuanaithe oideachais teanga.

Léiríodh leis an gclár tírdhreach athraitheach an taighde agus an chleachtais FCÁT, le béim ar na nithe seo a leanas:

- Il-litearthachtaí
- Foghlaim ghairmiúil múinteoirí
- Il-litearthachtaí ábhair
- Nuálaíocht dhigiteach
- Cothromas agus cuimsiú
- Idirphlé taighde-chleachtais

Leag na seisiúin béim ar chomhtháthú teanga agus ábhar ar fud na leibhéal oideachais, ó na luathbhlianta go dtí an t-ardoideachas.

Páirtithe Leasmhara agus Rannpháirtithe

Áiríodh le FCÁT Domhanda 2025 ionadaíocht ó:

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- Oide
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Roinn Oideachais agus Óige
- An Chigireacht
- Ambasáidí agus institiúidí cultúrtha

I measc na dtoscairí bhí múinteoirí bunscoile, iar-bhunscoile agus ardoideachais; oideachasóirí múinteoirí; taighdeoirí; agus mic léinn dhochtúireachta, le freastal idirnáisiúnta ó 26 tír. Chothaigh an chomhdháil rannpháirtíocht chomhghleacúil, chomhoibríoch agus deiseanna líonraithe fóinteacha.

216
i láthair ó na tíortha thíos:

An Astráil, an Ostair, an tSile, an tSín, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Íoslainn, an India, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Chosaiv, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Téaváin, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Vítneam

3
Eochairchainteoir

19
bPóstaer

58
Seisiún

Cainteoirí agus Clár

Thug triúr scoláirí aitheanta go hidirnáisiúnta eochairaithisc:

Christiane Dalton-Puffer, Ollscoil Vín
30 Years of CLIL Research — Looking Back and Looking Ahead

Francisco Lorenzo, Ollscoil Pablo de Olavide
Adapting the CEFR for Bilingual Teaching of History and Science


T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Beyond Words: Building Teacher Knowledge for Equitable Content and Language Integration

Rinne plé painéil deiridh, faoi chathaoirleacht Russell Cross, iniúchadh ar **“Reconceptualising professional learning across curricula boundaries.”** [Athchoincheapú a dhéanamh ar fhoghlaim ghairmiúil thar theorainneacha curaclam].

Bhí páipéir taighde chomhthreomhara agus ceardlanna faoi stiúir cleachtóirí le feiceáil ag an gcomhdháil, ag tabhairt aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- forbairt múinteoirí agus ceannaireacht in FCÁT;
- litearthacht disciplín san eolaíocht, sa stair agus sa mhatamaitic;
- teicneolaíochtaí digiteacha agus IS in FCÁT;
- cothromas, cuimsiú agus rochtain shocheacnamaíoch;
- FCÁT i gcomhthéacsanna ardoideachais agus oiliúna múinteoirí;
- samhlacha luathbhlianta agus bunscoile FCÁT.

Chuir na rannpháirtithe síos ar na ceardlanna mar cheardlanna tarraingteacha, bunaithe ar thaighde agus praiticiúil, a chuir straitéisí ar fáil atá réidh le húsáid sa seomra ranga.



Tionchar:

- Tharraing FCÁT Domhanda 2025 aird idirnáisiúnta agus leathnaigh sé líonraí gairmiúla, rud a d'fhág TIBÉ mar cheannaire i nuálaíocht FCÁT.
- Thacaigh comhoibriú neartaithe idir TIBÉ, Oide, COGG agus an CNCM le fis náisiúnta aontaithe do FCÁT ar fud na n-ábhar.
- Chinntigh rannpháirtíocht le mic léinn OTM go bhfuil ábhair oidí eolach ar mhodheolaíochtaí FCÁT, rud a chuireann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Aiseolas na Rannpháirtithe

"Go raibh míle maith agat as comhdháil den scoth. Is féidir liom a rá gan bhréag nach cuimhin liom aon ócáid den chineál céanna le tamall anuas lenar bhain atmaisféar chomh comhbhách, measúil agus lúcháireach le haschuir ardchaighdeán den sórt sin. Tháinig mé amach le hinspioráid agus thar aon rud eile bhí dóchas athnuaite agam do thodhchaí an oideachais teanga le creideamh i gcomhghleacaithe agus grúpaí nasctha atá le teacht."

An tOllamh Do Coyle

"Go raibh míle maith agaibh go léir as comhdháil an-eagraithe. Míle buíochas libh."

Feargal O'Laighin
Institiúid Oideachais
Marino

"Comhghairdeas libh as ról TIBÉ i gcomhdháil den scoth a eagrú. Bhain mé an-taitneamh as na ceardlanna agus as bheith ag foghlaim ó shaineolaithe idirnáisiúnta."

Blathnaid Breslin
COGG

"Go raibh **MÍLE** maith agaibh as ócáid iontach dhá lá in Ollscoil Mhá Nuad. A leithéid de sceideal imeachtaí... ní raibh aon easpa roghanna ann dóibh siúd a bhí i láthair. Bíodh a fhios agat gur éirigh go hiontach leis an gcomhdháil agus gur phléisiúr dom freastal air. Comhghairdeas libh as jab iontach!"


Ursula Ní Dhufaigh,
Oifigeach Oideachais,
CNCM

"Comhdháil iontach an-eagraithe a bhí ann. Chuir sibh cuma dhearfach ar Éirinn... bhí deiseanna iontacha ann chun líonrú a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta FCÁT."

Jacqui de Paor,
An Roinn Leanaí, Míchumais
agus Comhionannais

"Go raibh maith agat as comhdháil den scoth. B'eisceachtúil raon agus cáilíocht na gcur i láthair... deis annamh chun taithí a fháil ar an doimhneacht agus ar an éagsúlacht sin in aon suíomh amháin. Bhraith mé cosúil le leanbh i siopa milseán!"

Marcus Ó Floinn,
Ceannaire Sinsearach,
Oide Gael Aonad





Victoria Van Oss • 1st
Researcher & project coordinator of the Europe Horizon Pluridentities proj...

Last week, I had the pleasure of attending the World CLIL 2025 conference at Maynooth University (Ireland), jointly organized by Maynooth University, Post-Primary Languages Ireland (PPLI), and Queen's University Belfast. The conference theme - CLIL Connects: the role of CLIL across subject disciplines, supporting and developing plurilingual, plurilingual and pluricultural competencies - offered a stimulating platform for discussion and exchange.

I was delighted to present our recent findings on Socio-Economic Selectivity in CLIL Programs: An Investigation of Flemish Secondary Schools. This research was conducted in collaboration with my lovely colleagues Margaux D'Hulstet, J.B. Surmont and Esl Struys from Pluridentities Horizon.

It was truly inspiring to connect with scholars from around the world and to explore new perspectives on CLIL, equity, and educational practice. Many thanks to the organizers and participants for an enriching experience!

#WorldCLIL #CLIL #Multilingualism #EducationResearch #EquityInEducation



Xueting Bai • 3rd
Chinese Language Teacher, course coordinator

World CLIL Conference at Maynooth University

Over 200 passionate educators and researchers from around the globe gathered at Maynooth University to share innovative research and insights on CLIL (Content and Language Integrated Learning) in school education.

I'm deeply inspired by the thought-provoking and creative ideas exchanged during these past two days. One statement that particularly resonated with me:

"Every teacher is a language teacher, and every teacher is a content teacher."

The theme of Global Citizenship echoed throughout the sessions, reinforcing our shared belief that Plurilingualism and Pluriculturalism are not just educational trends — they are the future.

Grateful to be part of this inspiring and forward-thinking community.



Silvia Frank Schmid • 2nd
Promovierende Dozentin bei Pädagogische Hochschule Luzern

I was thrilled to have had the opportunity to share some of my findings from my research cooperation with *Schule Buchrain* at the CLIL World Conference in Maynooth, Ireland. In my presentation I showed how young English language learners with varied English language competencies made their content and language learning visible with their whole linguistic and semiotic repertoire. In my view, we can only cater to all if we encourage learners to use all their meaning making resources. In this way we make the CLIL classrooms not only more inclusive, but we also prepare our learners for the multilingual world of the 21st century.

I would like to thank *Pädagogische Hochschule Luzern (PH Luzern)* and in particular the *Institute of Language Learning and Teaching and Educational Linguistics* for your support. I look forward to doing more research with you. *Hans M. Huerlimann, Fabienne Bernet and Daisy Louise Carter.*

#WorldCLIL



Silvia Minardi • 2nd
PhD language teacher, educator

#WorldCLIL2025 has come to an end, but what I've gathered will stay with me for a long time. From inspiring talks to fresh ideas, practical materials, and—most importantly—connections both new and renewed, this conference has been a true highlight.

I was also grateful for the opportunity to contribute. My own workshop on using Cognitive Discourse Functions (#CDFs) to support learners of Biology in CLIL aimed to show how scaffolded language use can foster deeper conceptual understanding. The discussions that followed were insightful, and I'm walking away with even more to think about thanks to the thoughtful questions and shared experiences from participants.

Thanks to the organizers and everyone who made #WorldCLIL2025 such a rich, collaborative space. Until next time!

#CLILNetLE



Vicky Bouché • 1st
PhD Candidate in AI and Language Learning | MFL Teacher | PPLI Associate | AIP

Today, I had the pleasure of attending the first day of the World CLIL Conference at Maynooth University, and it was truly inspiring. Well done to Maynooth University Department of Education, Post-Primary Languages Ireland, Queen's University Belfast, and all the brilliant organisers and volunteers who made today possible.

From keynote talks to engaging workshops, the first day truly highlighted the transformative power of CLIL in language education. By integrating content and language instruction, CLIL does not just teach vocabulary. It immerses learners in meaningful contexts, deepens subject knowledge, and develops critical, metacognitive, and pluricultural skills.

One session especially stood out to me. Speakers emphasised how CLIL shifts the focus from linguistic accuracy to meaningful communication, empowering students to use language as a dynamic tool for expression, collaboration, and understanding. This communicative approach reflects what language learning should truly be about: connection, not perfection. Experiences like these remind me why CLIL is such a game-changer.

A heartfelt thank you again to the organisers for bringing together such a vibrant community of educators and researchers.

I am excited to continue learning, connecting, and exploring how CLIL and emerging technologies like artificial intelligence can work together to enrich language education.



Liz Dale • 2nd
Language and CLIL teacher educator

Many thanks to Post-Primary Languages Ireland for an inspiring #WorldCLIL25. Was great to share *Eline van Batenburg* and my experiences with student teachers at the *Amsterdam University of Applied Sciences* exploring language mapping and plurilingualism. Also wonderful to connect with so many inspiring colleagues!



Sarah Ni Dhuinnín • 1st
Léachtóir san Oideachas le Seirbhís na Ghaeilge | Lecturer in Education with ...

It was a pleasure to take part in #WORLDCLIL2025 earlier this month and to share an element of my PhD research. Sincere thanks to #PPLI for organising such an engaging and insightful conference. It was a wonderful opportunity to connect—and reconnect—with CLIL colleagues both nationally and internationally.

Impactful Teacher Development for the Integration of Content and Language in Secondary Education

Dr. Sarah Ni Dhuinnín | Mary Immaculate College, Limerick



Sprioc 1 - Ag Dul Chun Cinn

Leanfaidh TIBÉ ag díriú ar acmhainn uilechórais d'oideachas teanga ardchaighdeán a neartú trí fhoghlaim ghairmiúil spriocdhírthe, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus bealaí inbhuanaithe d'fhorbairt múinteoirí.

Leanfaidh TIBÉ ag obair le hambasáidí agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun deiseanna uasoiliúna teanga agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí a leathnú. Ag an am céanna, beidh tacaíocht fós ar fáil do mhúinteoirí atá cáilithe i dteanga ach nach bhfuil á múineadh faoi láthair, mar aon le tacaíocht dóibh siúd a chomhlánaíonn na riachtanais deiridh maidir le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ag breathnú chun cinn, beidh gá le hiniúchadh leanúnach a dhéanamh ar chonairí d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus le nasc-chúrsaí—go háirithe do theangacha curaclaim nua agus do theangacha curaclaim tearctheagasctha—i gcomhar le comhpháirtithe ardoideachais agus beartais.

De réir mar a leanann an Roinn Oideachais agus Óige ag cur le rannpháirtíocht sa scéim Cúntóirí Teanga lasachta (CTI), leanfaidh TIBÉ de bheith ag díriú ar cháilíocht, comhsheasmhacht agus tionchar a chinntiú trí na hacmhainní agus tacaíochtaí gairmiúla a chuireann sé ar fáil. Oibreoidh TIBÉ leis an Roinn freisin chun cuir chuige nuálacha a iniúchadh chun tacú le scoileanna i gceantair iargúlta nó thuaithe rochtain a fháil ar sholáthar CTI.

Ina theannta sin, scrúdófar deiseanna chun leas níos mó a bhaint as scéim chomhlántach na gCúntóirí Béarla mar mheicníocht chun cumas teagaisc teanga a fhorbairt sa todhchaí, bunaithe ar fhianaise atá ag teacht chun cinn ar an ról atá aici maidir le tacú le hinniúlacht teanga, inniúlacht idirchultúrtha agus iontráil i ngairm na múinteoireachta.


Beidh soghluaisteacht na mac léinn agus na múinteoirí mar phríomhthosaíocht i gcónaí. Soláthraíonn maoiniú Erasmus+ creat inbhuanaithe chun malartú agus soghluaisteacht idirnáisiúnta a leabú laistigh de phleanáil scoile, ag tabhairt beocht do theangacha trí úsáid bharántúil agus tumoideachas cultúrtha. Leanfaidh TIBÉ lena aistriú straitéiseach ó sholáthar díreach deontais i dtreo tacú le scoileanna agus múinteoirí dul i ngleic go muiníneach le deiseanna Erasmus+, ag cinntiú inmharthanacht fhadtéarmach agus ailíniú le dea-chleachtas na hEorpa.

Léiríonn rannpháirtíocht láidir i bPobail Chleachtais an luach a chuireann múinteoirí ar líonraí gairmiúla. Leanfaidh TIBÉ de bheith ag freagairt d'aiseolas múinteoirí ach pobail theanga-sonrach agus pobail théamacha a éascú, agus ag an am céanna oibreoidh TIBÉ le páirtithe leasmhara chun ról na líonraí san fhoghlaim ghairmiúil a threisiú. Beidh fócas i gcónaí ar iniúchadh a dhéanamh ar mheicníochtaí a thacaíonn leis na pobail seo a bheith ag éirí níos féinchothabhálaí.

Leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag taispeáint eiseamláirí de dhea-chleachtas i ngach teanga agus ag forbairt agus ag scaipeadh acmhainní agus ranganna teagaisc ar ardchaighdeán, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha. De réir mar a éiríonn intleacht shaorga ina gné níos suntasaí den tírdhreach teagaisc agus foghlama, tá TIBÉ tiomanta do thacú le múinteoirí IS a úsáid ar bhealaí eiticíúla, fóinteacha a fheabhsaíonn foghlaim teanga, bealaí atá slán ó thaobh na hoideolaíochta de.

Deis shuntasach don chóras is ea leathnú na Foghlama Comhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT). Má leathnaítear FCÁT isteach sna blianta tosaigh den iar-bhunoideachas, agus i gcomhthéacs an tsoláthair teanga bunscoile, tá sé de chumas aige dlús a chur le foghlaim teangacha trí rannpháirtíocht fhóinteach atá saibhir ó thaobh ábhair de. Tacaíonn FCÁT freisin le cothromas agus cuimsiú ach foghlaimeoirí Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) a chumasú chun rochtain níos éifeachtaí a fháil ar an gcuraclam, rud a chuireann le torthaí feabhsaithe agus le neamhionannais oideachais laghdaithe.

Mar fhocal scoir, leanfaidh an cultúr láidir comhoibrithe, a bhí ina shainghné ag obair 2025, de bheith mar bhonn faoi obair TIBÉ. Beidh rannpháirtíocht leanúnach agus níos doimhne le páirtithe leasmhara ar fud beartais, curaclaim, foghlama gairmiúla agus líonraí idirnáisiúnta ríthábhachtach i gcónaí chun dea-chleachtas a roinnt, comhleanúnachas a chinntiú agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint d'fhorbairt leanúnach an oideachais teanga in Éirinn.



Tá sé mar aidhm ag **Sprioc 2** rogha na dteangacha a fhoghlaimítear a éagsúlú agus a mhéadú agus teangacha na Nua-Éireannach a chothú. Tá sé seo á chur i bhfeidhm ag TIBÉ trí úsáid a bhaint as múinteoirí cuartaíochta; soláthar agus tacaíocht do na teangacha a tugadh isteach le déanaí agus do theangacha tearctheagasctha; píolótú ar shamhlacha éagsúla solúbtha soláthair, mar shampla ranganna comhroinnte ar fud scoileanna, foghlaim chumaisc, ranganna Idirbhliana agus Ardteistiméireachta; agus dreasacht a thabhairt do scoileanna trí scéim leithdháilte bhreise chun na teangacha a chuireann siad ar fáil a éagsúlú. Cuirtear creat cuimsitheach FGL agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí freisin chun cabhrú leis an méid seo.

Tá **Sprioc 2** á cur i bhfeidhm ag an mbunleibhéal freisin trí thrí shnáithe oibre: (i) clár uasoiliúna teanga do mhúinteoirí bunscoile i réimse teangacha lena n-áirítear cúrsaí uasoiliúna teanga ar líne, ranganna cumaisc ranganna ar an láthair a chuirtear ar fáil in Éirinn agus thar lear. Cuirtear na cúrsaí ar fáil i rith na bliana i gcomhar le comhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla (ii) éascú an chláir teanga bunscoile 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' a réitíonn an bealach do Churaclam Teanga na Bunscoile agus (iii) forbairt acmhainní chun tacú le cur i ngníomh an churaclaim.



Think Boosting
Life Skills
#ThinkLanguages

SPRIOC 2

ROGHNÚ NA dTEANGACHA A FHOGHLAIMÍTEAR
A ÉAGSÚLÚ AGUS A MHÉADÚ AGUS
TEANGACHA NA NUA-ÉIREANNACH A CHOTHÚ

Léargas ginearálta:

Tá sé mar aidhm ag TIBÉ glacadh na dteangacha a fhoghlaimítear trí thionscnaimh éagsúla a éagsúlú agus a mhéadú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as múinteoirí cuartaíochta agus soláthar na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha ag leibhéal iar-bhunscoile.

Éascaíonn TIBÉ samhlacha éagsúla soláthair, lena n-áirítear foghlaim chumaisc agus ranganna comhroinnte ar fud scoileanna, agus ranganna Ardteistiméireachta ar líne agus go pearsanta ar an Satharn. Tá TIBÉ tiomanta do thacaíocht, acmhainní agus deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna araon chun plé leis na teangacha seo agus iad a fhoghlaim.

Príomhaidhmeanna:

- Tacú le forbairt agus maoirseacht chomhordaithe ar sholáthar teanga trí obair Oifigigh Forbartha TIBÉ, lena gcinntítear comhsheasmhacht, cáilíocht agus freagrúlacht do riachtanais na scoláirí agus na scoileanna.
- Rochtain ar fhoghlaim teangacha a chur ar fáil sa tSraith Shóisearach, le béim ar leith ar rannpháirtíocht luath, leanúnachas agus dul chun cinn go dtí an tSraith Shinsearach.
- Deiseanna struchtúrtha foghlama teanga a thairiscint san Idirbhliain a ligeann do scoláirí teangacha nua a bhlaiseadh agus spéis a fhorbairt i staidéar leanúnach.
- Tacú le scoláirí rochtain a fháil ar sholáthar teanga Ardteistiméireachta i scoil nach mbeadh sé sin ar fáil murach an tacaíocht, le teangacha baile agus oidhreacht.
- Samhlacha soláthair malartacha spriocdhírthe a sheachadadh, lena n-áirítear cúrsaí foghlama cumaisc agus ranganna ar líne agus ar líne ar an Satharn, chun cothromas rochtana a sholáthar agus tacú le gnóthachtáil na scoláirí.



Oifigigh Forbartha TIBÉ

Tá 49 Oifigeach Forbartha fostaithe ag TIBÉ chun tacú le teagasc na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus na dteangacha tearctheagasctha in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Áirítear leis seo an tSeapáinis, an Liotuáinis, an Mhandairínis, an Pholainnis, an Phortaingéilis agus an Rúisis mar theangacha curaclaim, an Chóiréis mar mhodúl Idirbhliana, agus an Rómáinis a chuirtear ar fáil mar thacaíocht teanga neamhchuraclaim mar gheall ar an líon mór cainteoirí teanga oidhreachta.

Is múinteoirí cáilithe iad na hOifigigh Forbartha seo a sheoltar amach chuig scoileanna ar bhonn cuartaíochta lasmuigh den chuóta chun tacú le soláthar teanga. D'fhéadfaí féachaint ar an gcur chuige seo a thuiscint mar nasc-chlár a chuireann ar chumas scoileanna ábhair teanga nua a thabhairt isteach le riosca íosta agus le hacmhainní. Sa chás go n-éiríonn leis an soláthar, is féidir le scoileanna an múinteoir a fhostú go díreach ina dhiaidh sin trí leithdháileadh breise, scéim ar leith arna héascú ag TIBÉ.



Tugtar mionsonraí sa tábla thíos ar líon na nOifigeach Forbartha atá fostaithe ag TIBÉ do gach teanga, agus líon na scoileanna ina múintear gach teanga.

Teanga	Oifigigh Forbartha 2025 (Múinteoirí, seachas múinteoirí atá fostaithe go díreach ag scoileanna trí leithdháileadh breise)	Scoileanna 2025 (seachas Ranganna Teanga Ardeistiméireachta de chuid TIBÉ)
Seapáinis	15	27
Liotuáinis	3	1
Mandairínis	6	43
Polainnis	14	19
Portaingéilis	3	5
Rúisis	5	3
Cóiréis (Modúl Idirbhliana)	1	9
Rómáinis (tacaíocht neamhchuraclaim)	2	N/B (Rang Teanga AT amháin)
Iomlán	49	107



Soláthar Teangacha Ionscoile

Teangacha iasachta lasmuigh den fhócas traidisiúnta Eorpach

Cuireann soláthar teangacha nach dtairgtear go traidisiúnta laistigh den churaclam teanga in Éirinn, lena n-áirítear an tSeapáinis agus an Mhandairínis, cuireann sé ar chumas scoláirí plé le comhthéacsanna teanga agus cultúrtha lasmuigh den Eoraip. Soláthraíonn foghlaim na dteangacha seo rochtain ar thraidisiúin chultúrtha éagsúla agus ar shochaithe comhaimseartha in Oirthear na hÁise, rud a thacaíonn le scoláirí feacht dhomhanda agus tuiscint idirchultúrtha a fhorbairt. Ina theannta sin, is féidir plé leis na teangacha seo tacú leis an scoláire eolas teanga agus cultúrtha a fháil a bhaineann le réimsí lena n-áirítear an teicneolaíocht, nuálaíocht agus malartú idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi sin leathnaítear an léargas oideachais agus tacaítear le hullmhúchán le haghaidh rannpháirtíochta i gcomhthéacs atá ag éirí níos domhanda.

Teangacha baile agus oidhreacht agus forbairt bhreisteangach

Léiríonn tacaíocht do theagasc agus d'fhoghlaim teangacha baile agus oidhreacht, mar shampla an Pholainnis, an Liotuáinis agus an Phortaingéilis, léiríonn sí tiomantas do chuir chuige níos cuimsithí agus níos breisteangaí i leith an oideachais teanga. Tá ról ag na teangacha seo freisin maidir le tacú le scoláirí ó chúlraí éagsúla teanga, lena n-áirítear iad siúd a raibh taithí imirce acu le déanaí. Ach rochtain ar na teangacha seo a éascú laistigh den churaclam foirmiúil scoile, is féidir leis an scoláire tógáil ar na hacmhainní teanga atá ann cheana agus litearthacht acadúil a fhorbairt ina dteanga bhaile nó ina dteanga oidhreacht. Tá sé seo ag teacht le forbairtí curaclaim a rinneadh le déanaí lena leagtar béim ar inniúlacht bhreisteangach agus a spreagann foghlaimoirí chun tarraingt ar a réimse scileanna teanga ina iomláine.

An tSraith Shóisearach

Sa bhliain acadúil 2025–2026, d'fhan soláthar teanga na Sraithe Sóisearaí le tacaíocht ó TIBÉ seasmhach, ag leanúint ar aghaidh ag soláthar rochtain luath ar raon teangacha a tugadh isteach le déanaí agus ar theangacha tearctheagasctha. Coinníodh soláthar ar fud naoi n-iar-bhunscoil, le 457 scoláire ag déanamh staidéir ar an tSeapáinis, ar an Mandairínis agus ar an bPolainnis ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Áirítear leis sin méadú 58 scoláire sa Pholainnis i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe sin. Léiríonn soláthar leanúnach na Sraithe Sóisearaí daingniú laistigh de scoileanna rannpháirteacha agus éileamh leanúnach ar fhoghlaím teangacha ag an gcéim seo.

Idirbhliain

Sa bhliain acadúil 2025–2026, d'éascaigh TIBÉ ranganna teanga Idirbhliana in 107 scoil, lenar tugadh deis do 5,794 scoláire Idirbhliana plé le teanga nua. Tá an Idirbhliain fós ina príomhphointe rochtana do theangacha a tugadh isteach le déanaí agus do theangacha tearctheagasctha, agus tá níos mó ná teanga amháin á tairiscint ag roinnt scoileanna ag an gcéim seo.

Teanga	Scoláirí Idirbhliana (baineann)	Scoláirí Idirbhliana (fireann)	Scoileanna
Seapáinis	1,141	670	27
Cóiréis	251	245	9
Liotuáinis	62	82	1
Mandairínis	1,250	1,134	43
Polainnis	278	263	19
Portaingéilis	66	183	5
Rúisis	87	82	3
Iomlán (5,794 scoláire)	3,135	2,659	107

Leagtar amach sa tábla thíos na teangacha a chuirtear ar fáil trí sholáthar Idirbhliana a fhaigheann tacaíocht ó TIBÉ.

Ardteistiméireacht (Soláthar lonscoile)

Éascaíonn TIBÉ éagsúlú an tsoláthair teangacha i scoileanna ach an deis a thabhairt teangacha breise a chur lena gcuraclam gan úsáid a bhaint as leithdháileadh rialta scoile. Dá bhrí sin, cuirtear ar chumas scoileanna teanga nua a thriail sula dtugann siad gealltanais í a sholáthar go fadtéarmach. Cuirtear níos mó rogha teangacha ar fáil do scoláirí, rud a fhreastalaíonn ar spéiseanna agus inniúlachtaí éagsúla agus tugtar aghaidh ar éagothroime i soláthar teangacha.

Is beag múinteoir atá ar fhoirne na scoileanna a bhfuil an cumas acu na teangacha curaclaim a tugadh isteach le déanaí a mhúineadh agus dá bhrí sin tá soláthar i scoileanna ag brath ar an soláthar seachtrach seo, ar a laghad sna luathbhlianta fad is atá an teanga á leabú agus á bunú.

Tacaíonn TIBÉ freisin le soláthar na Rómáinise mar theanga neamhchuraclaim Ardteistiméireachta chun scoláirí a spreagadh chun litearthacht ina dteanga oidhreacht a choinneáil agus a fhorbairt. Sa bhliain acadúil 2025–2026, cuireadh maoiniú ar fáil do dhá iar-bhunscoil, rud a chuir ar a gcumas ranganna a chur ar fáil do 64 scoláire agus na hábhair ábhartha a fháil.

Léirítear sa tábla thíos líon na ndaltaí atá ag staidéar i scoileanna, ag leibhéal na hArdteistiméireachta, le hOifigigh Forbartha TIBÉ.

Teanga	Scoláirí sa chúigiú bliain (baineann)	Scoláirí sa chúigiú bliain (fireann)	Daltaí sa séú bliain (baineann)	Daltaí sa séú bliain (fireann)	Scoileanna
Seapáinis	83	73	136	78	27
Liotuáinis	42	28	10	5	1
Mandairínis	57	57	45	40	43
Polainnis	145	85	95	58	19
Portaingéilis	33	12	0	0	5
Rúisis	33	23	18	23	3
Rómáinis (tacaíocht neamhchuraclaim)	34	22	35	22	2
Iomlán	427	300	339	226	107

Tionchar:

- Tacaíodh le conairí comhleanúnacha teanga ar fud na Sraithe Sóisearaí, na hIdirbhliana agus na hArdteistiméireachta, rud a chumasaíonn rannpháirtíocht luath, rogha eolach ábhair, agus dul chun cinn go dtí an tSraith Shinsearach do theangacha iasachta agus do theangacha baile agus oidhreachta araon.
- Cáilíocht fheabhsaithe an tsoláthair do theangacha a tugadh isteach le déanaí agus do theangacha tearctheagasctha trí thacaíocht struchtúrtha ó Oifigigh Forbartha TIBÉ, ag cur le cur i bhfeidhm comhsheasmhach, rannpháirtíocht scoláirí, agus leanúnachas foghlama.
- Cuireadh ar chumas scoláirí a labhraíonn teangacha eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge sa bhaile litearthacht acadúil a choinneáil agus a fhorbairt ina dteanga bhaile nó ina dteanga oidhreachta, ag tacú le folláine, dearbhú féiniúlachta, agus aitheantas foirmiúil d'inniúlacht teanga ag leibhéal Ardteistiméireachta.
- Spreagadh scoileanna chun a dtairiscint teanga a éagsúlú ach riosca a laghdú sna céimeanna luatha den soláthar, rud a ligeann do scoileanna triail a bhaint as teangacha nua agus acmhainn inbhuanaitheachta fhadtéarmach a fhorbairt ag an am céanna.
- Cuireadh le forbairt na hinniúlachta breisteangaí agus idirchultúrtha ag gach céim, ag tacú le cuimsiú, comhtháthú sóisialta, agus dearcadh dearfach foghlaimoírí i leith na héagsúlachta teanga agus cultúrtha.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Tógáil ar chuir chuige reatha maidir le soláthar teanga scoilbhunaithe ach iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha inscálaithe a aithníonn éagsúlacht teanga agus a leathnaíonn rochtain ar chonairí oideachais.
- Leanúint ar aghaidh ag neartú comhleanúnachais ar fud sholáthar na Sraithe Sóisearaí, na hIdirbhliana agus na hArdteistiméireachta, le bealaí dul chun cinn níos soiléire agus le hailíniú na gconairí curaclaim.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar éileamh agus glacadh chun bonn eolais a chur faoi phleanáil fhreagrach, leithdháileadh acmhainní, agus forbairt beartais teanga sa todhchaí.

Aiseolas ó Scoláirí



"Is maith liom nuair a dhéanaimid rudaí a bhaineann leis an bhfíorshaol amhail bia a ordú."

"Bíonn cuma aisteach ar an scríbhneoireacht ar dtús ach nuair a fhoghlaimíonn tú na patrúin tá sé suimiúil i ndáiríre."

"Níor shíl mé riamh go ndéanfainn Sínis ach tá sí suimiúil i ndáiríre nuair a thosaíonn tú ag caint."



"Braitheann tú gur féidir leat níos mó a dhéanamh ná mar a cheap tú i dtosach."

"Cuireann sé bród orm go bhfuil níos mó i gceist leis an Liotuáinis ná rud éigin sa bhaile."

"Is deas teanga a fhoghlaim a labhraíonn daoine i mo theaghlach."



"Is maith liom nuair a ligtear dúinn otúin a dhéanamh agus díreach ár ndícheall a dhéanamh."



Samhail Soláthar Chomhthreomhar - Ranganna Teanga Ardteistiméireachta


Éascaíonn TIBÉ Ranganna Teanga Ardteistiméireachta chun tacú le scoláirí ar mian leo tabhairt faoi na scrúduithe teanga a tugadh isteach le déanaí don Ardteistiméireacht, scrúduithe nach féidir leo tabhairt fúthu ina ngnáthshuíomh scoile.

Léirítear sa tábla seo a leanas na ranganna teanga agus líon na scoláirí a chláraigh i mí Mheán Fómhair 2025

Teanga	Ranganna Teanga Ardteistiméireachta	Scoláirí	Suíomhanna
Sínis	7	120	Baile Átha Cliath, Corcaigh, Ar Líne
Seapáinis	6	115	Baile Átha Cliath, Corcaigh, Ar Líne
Liotuáinis	2	57	Baile Átha Cliath
Polainnis	10	208	Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh
Portaingéilis	2	45	Ar Líne
Rómáinis	4	116	Baile Átha Cliath
Rúisis	5	97	Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ar Líne
Iomlán	36	758	

Cuirtear ranganna i dteangacha éagsúla ar fáil ar líne agus in ionaid i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh, ar mhaidin Shathairn den chuid is mó. Freastalaíonn os cionn 750 scoláire ar na ranganna seo i 36 grúpa ranga de scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain. Tugadh rang nua Liotuáinise isteach ar líne i Meán Fómhair 2025 chun freastal ar éileamh méadaitheach. Bhí éileamh láidir ar an bPolainnis freisin, rud a d'fhág gur bunaíodh dhá ghrúpa ar líne do scoláirí cúigiú bliain don dara bliain as a chéile. Cuirtear curaclam iomlán na hArdteistiméireachta i bhfeidhm i ngach rang.

Clár na Ranganna Teanga Ardteistiméireachta 2017-2025





Gníomhaíocht:

I mí na Bealtaine 2025, ghlac scoláirí ó ranganna ar an láthair i gColáiste Pobail Lorcáin páirt i Lá Ilchultúrtha inar ndearnadh ceiliúradh ar éagsúlacht agus ar shaibhreas cultúrtha phobal na ranganna teanga Ardteistiméireachta. Thaispeáin na scoláirí a gcuid buanna trí léirithe amhránaíochta agus damhsa agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí idirghníomhacha, lena áiríodh tráth na gceist a chuir fuinneamh agus taitneamh leis an lá. Tugadh deis leis an ócáid do scoláirí gnéithe dá gcúlraí cultúrtha a roinnt i dtimpeallacht thacúil chuimsitheach.

Ar an 25 Deireadh Fómhair, ghlac scoláirí ón rang Polainnise i mBaile Átha Cliath páirt i gceardlann chultúrtha i Leabharlann na Polainne i mBaile Átha Cliath, Biblary. Bhí an cheardlann faoi stiúir ealaíontóirí ó Fhondúireacht Ealaíne Avang na Polainne. Bhí deis ag na scoláirí rosól traidisiúnta a ullmhú, an damhsa polonez a fhoghlaim agus plé le teicnící gutha le hamhránaithe ceoldrámaíochta gairmiúla. Tugadh leis an ócáid deis luachmhar do scoláirí blaiseadh a fháil ar chultúr na Polainne ar bhealach praiticiúil tarraingteach

Tionchar:

- I mí Mheán Fómhair, tháinig méadú ar líon na scoláirí a bhí cláraithe i gclár ranganna teanga Ardteistiméireachta a chuir TIBÉ ar fáil don scoilbhliain 2025-2026 go dtí 758 scoláire. Cuimsíonn leis an bhfigiúr sin clárúcháin nua don chúigiú bliain agus scoláirí ag filleadh don séú bliain.
- Tugtar deis do scoláirí rochtain a fháil ar ábhar Ardteistiméireachta nach bhfuil ar fáil ina gcuid scoileanna.
- Tugtar rochtain do scoláirí a bhfuil cónaí orthu i gceantair bheaga ar chothromas soláthair, rud a chuireann ar a gcumas ullmhú do theanga churaclaim nó neamhchuraclaim nuair nach bhfuil tairseach chriticiúil scoláirí ná múinteoir ar fáil.
- Bíonn deis ag scoláirí teanga iasachta bhreise a dhéanamh don Ardteistiméireacht, rud is féidir a bheith deacair teacht air laistigh de chlár ama scoile.
- Bíonn deis ag scoláirí a bhfuil teangacha oidhreachta acu an teanga sin a dhéanamh ag leibhéal Ardteistiméireachta. Tugann sé seo deis dóibh aitheantas a thabhairt dá n-inniúlacht i dteanga, rud a fhágann go bhfuil rochtain níos leithne acu ar chonairí oideachais.
- Tacaítear le scoláirí le cothabháil na teanga baile, rud a thacaíonn lena bhfolláine agus a chuireann le gnóthachtáil acadúil.
- Gné thábhachtach de ranganna teanga Ardteistiméireachta is ea forbairt ar inniúlacht bhreisteangach agus bhreischultúrtha. Spreagann sé seo comhtháthú sóisialta agus cuimsiú foghlaimeoirí oidhreachta agus foghlaimeoirí neamhoidhreachta araon.



Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag tairiscint ranganna teanga Ardteistiméireachta i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh
- Leanúint ar aghaidh ag leathnú ranganna ar líne chun freastal ar scoláirí nach féidir freastal ar ranganna ar an láthair de bharr cúrsaí tíreolaíochta
- Leanúint ar aghaidh ag iniúchadh samhlacha nuálacha soláthair chun tacú le cothabháil na teanga baile agus éagsúlú na hacmhainne teangacha iasachta
- Araibis a thabhairt isteach ar líne mar theanga atá ar fáil i gClár na Ranganna Teanga Ardteistiméireachta

Samhail Soláthair Nuálach – Tionscadal Foghlama Cumaisc na hArdteistiméireachta

Is tionscadal comhoibríoch é Tionscadal Foghlama Cumaisc na Polainnise don Ardteistiméireacht idir Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ), Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), agus H2 Learning. In éineacht leis na comhpháirtithe seo, chuir TIBÉ cúrsa iomlán Pholainnis na hArdteistiméireachta ar fáil i sé scoil BOOCM trí shamhail foghlama cumaisc. Dearadh an cúrsa le go múinfí é thar 180 uair an chloig, thar dhá bhliain acadúla. Tugtar le chéile leis ranganna ar líne, ranganna féinstiúrtha agus ranganna ar an láthair i scoileanna rannpháirteacha.

Ag tógáil ar an rath a bhí an gcéad cheithre bliana den tionscadal, cuireadh cúrsa iomlán Pholainnis na Sraithe Sinsearaí ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2025 i sé scoil BOOCM. Tá beirt mhúinteoirí agus 57 scoláire páirteach sa tionscadal faoi láthair.

Tá na scoileanna BOOCM seo a leanas i ndiaidh a bheith páirteach sa bhliain acadúil dár tús mí Mheán Fómhair 2025:

- Coláiste Dún an Rí, Dún an Rí, Co. an Chabháin
- Coláiste Naomh Maodhóg, an Bábhún Buí, Co. an Chabháin
- Coláiste Bhréifne, Co. an Chabháin
- Coláiste Ard Feá, Co. Mhuineacháin
- Coláiste Inbhir, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin
- Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt, Co. an Chabháin

Tá BOOCM i ndiaidh gléasanna, nascacht, Microsoft 365 agus tacaíocht Teams a chur ar fáil chun rannpháirtíocht na scoláirí i ranganna ar líne a éascú. Soláthraíonn TIBÉ agus H2 Learning forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do mhúinteoirí foghlama cumaisc Polainnise. Tá FGL leanúnach tábhachtach chun na scileanna agus an mhuinín riachtanach a thabhairt do na ríomh-mhúinteoirí chun ceachtanna a bhainistiú agus a sholáthar go héifeachtach san fhormáid nua seo agus úsáid á baint as straitéisí teagaisc cuimsitheacha éagsúla a oireann do stíleanna agus do riachtanais éagsúla foghlama.

Ó thaobh na scoláirí de, oibríonn cur chuige na foghlama cumaisc go maith. Mothaíonn siad compordach leis an meascán de ranganna ar líne, ranganna ar an láthair, agus gníomhaíochtaí foghlama féinstiúrtha. Mar chuid den chur chuige cumaisc, eagraíodh turas lae do na scoláirí ag Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Tanagh.

Dearadh an lá chun eispéireas tumfhoghlama a chur ar fáil a spreag obair foirne agus comhoibriú a chuir le haistear foghlama teanga na scoláirí Bhraith na ríomh-mhúinteoirí agus na ríomh-mheantóirí scoilbhunaithe freisin go raibh ról tábhachtach ag an lá maidir leis an nasc idir iad féin agus a gcuid scoláirí a neartú.


Tionchar:

- Fuair 57 scoláire léinn rochtain ar chúrsa foghlama cumaisc Pholainnis na hArdteistiméireachta sa bhliain acadúil seo caite.
- Fuair TIBÉ saineolas agus taithí maidir le modheolaíochtaí foghlama cumaisc, a dhéanfaidh eolas d'fhorbairt cúrsaí foghlama cumaisc do theangacha eile.
- Tá ardleibhéil rannpháirtíochta agus díograis léirithe ag scoláirí. Bhain siad taitneamh as an eispéireas foghlama, agus léirigh siad tiomantas dá gcuid staidéar ar a dteanga bhaile.
- A bhúi leis an tionscadal, mothaíonn scoláirí go gcuimsítear a gcultúr agus go dtugtar dearbhú dó laistigh de phobal na scoile. Aithnítear an luach atá ar a dteanga agus ar a gcultúr.

**Na Chéad Chéimeanna Eile:**

- Soláthar agus rolladh amach na samhla foghlama chumaisc a spreagadh i níos mó scoileanna amach anseo, rud a chuirfidh ar chumas líon suntasach cainteoirí imirceacha litearthacht ina dteanga oidhreachta a choinneáil agus a fhorbairt
- Leanúint ar aghaidh ag feabhsú an tionscadail bunaithe ar aiseolas ó na scoláirí, na ríomh-mhúinteoirí, na ríomh-mheantóirí agus na scoileanna
- Rath an tionscadail a scaipeadh agus na rannpháirtithe a mhealladh chun an tionscadal seo a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara ábhartha eile

Clár Foghlama Cumaisc Pholainnis na hArdteistiméireachta



Leithdháileadh Breise do Scoileanna chun Tacú le hÉagsúlú an tSoláthair Teangacha Iasachta

Spreagann Leithdháileadh Breise do scoileanna iar-bhunscoileanna chun teangacha tearctheagasctha agus teangacha a cuireadh le curaclam na hArdteistiméireachta le déanaí a chur ar fáil, ar mhaithe le héagsúlú a dhéanamh ar sholáthar teangacha iasachta. Chun go mbeidh scoileanna páirteach ann, ní mór múinteoirí iar-bhunscoile atá cláraithe go hiomlán a bheith ar fáil dóibh chun na teangacha a mhúineadh. Tacaítear le scoileanna maidir le forbairt ábhair nua trí chuidiúcháin ó bhaill d'fhoireann Teagaisc agus Foghlama TIBÉ.

Athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte Bhreise:

Rinneadh athbhreithniú ar an scéim in 2025 chun éifeachtacht na scéime a mheas agus chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin. Tarraingítear san athbhreithniú ar chuidiúcháin scoile, ceistneoirí, agus sonraí TIBÉ chun torthaí agus inbhuanaitheacht a mheas.

Léiríonn na torthaí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthar teanga a éagsúlú agus rannpháirtíocht na scoláirí a mhéadú. Tá formhór na scoileanna ag leathnú na mbliainghrúpaí agus tá ranganna Ardteistiméireachta á dtairiscint i ngach scoil cé is moite de dhá chás. Léiríonn múinteoirí agus príomhoidí tiomantas ard i gcónaí, cé gur dúshlán fós é an spleáchas leanúnach ar mhaoiniú Leithdháilte Bhreise. Áirítear leis na buntáistí feasacht chultúrtha níos fearr, infheictheacht níos mó teangacha laistigh de scoileanna, agus conairí láidre ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach. I measc na ndúshlán is mó tá rollú luaineach na scoláirí, iomaíocht ó ábhair nua na Sraithe Sinsearaí, brú ar amchláir, agus na rioscaí a bhaineann le spleáchas ar mhúinteoir aonair. Deimhnítear le hanailís bhuiséid go bhfuil an infheistíocht ag fás ar aon dul leis an leathnú, cé go bhfuil scoileanna níos seanbhunaithe ag tosú ar roinnt uaireanta a thógáil isteach san amchlár, rud a thacaíonn le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Díríonn na moltaí ar mhaoiniú Leithdháilte Bhreise a choinneáil, cur chun cinn teangacha a neartú i scoileanna agus i bpobail áitiúla, rannpháirtíocht le bunscoileanna a fheabhsú, tacú le forbairt múinteoirí, agus ceiliúradh a dhéanamh ar rath na scoláirí. I measc na moltaí oibríochtúla breise do TIBÉ tá critéir incháilitheachta níos soiléire, próisis tuairiscithe struchtúrtha, meicníochtaí tacaíochta níos láidre do mhúinteoirí, agus cumarsáid fheabhsaithe le scoileanna.

"Bhunaigh sé an teanga mar ábhar comhionann ar a raibh luach laistigh den scoil"

Príomhoide

"Chláraigh mé do ranganna Polainnise toisc go ndeachaigh mé go dtí an Pholainn cúpla uair agus thaitin sé go mór liom. Ní dhearna mé an ldirbhliain – mar sin, bhí orm gach rud a fhoghlaim ó bhonn nuair a chuaigh mé isteach sa 5ú bliain. Roimhe sin, d'fhoghlaim mé Polainnis ar Duolingo ar feadh cúpla mí. Tá sé i gceist agam staidéar a dhéanamh ar an bhfiaclóireacht sa Pholainn amach anseo"

Scoláire sa 5ú bliain

Scoláire

Tionchar:

- Tá méadú tagtha ar líon na scoileanna rannpháirteacha ó ocht gcinn in 2019 go 18 scoil in 2025. Táthar ag súil go mbeidh níos mó scoileanna páirteach sa scéim sa chéad bhliain acadúil eile.
- Tá méadú tagtha ar líon na dteangacha sna scoileanna rannpháirteacha ó cheithre cinn (Seapáinis, Rúisis, Iodáilis, Polainnis) in 2019 go sé cinn (Seapáinis, Rúisis, Iodáilis, Polainnis, Sínis, Liotuáinis) in 2025.
- Tá méadú tagtha ar líon na n-uaireanta a chuirtear ar fáil san iomlán ó 63.55 uair sa tseachtain in 2019 go 169.5 uair sa tseachtain in 2025. Ba chóir a lua gur tháinig laghdú ar líon na n-uaireanta idir 2024 agus 2025 toisc go bhfuil scoileanna ag tógáil isteach níos mó uaireanta san amchlár, rud a laghdaigh na huaireanta Leithdháilte Bhreise, cé nár laghdaigh líon na n-uaireanta sa sprioctheanga.
- Tá 72 rang san iomlán i mbliainghrúpaí éagsúla san áireamh sa scéim.
- Tá 2,200 scoláire san iomlán ag baint tairbhe as an scéim faoi láthair.
- In 2025, d'fhostaigh scoil múinteoir Polainnise amháin de chuid TIBÉ chun múineadh sa scéim leithdháilte bhreise.

**Na chéad chéimeanna eile:**

- Na deiseanna faoi Chiorclán 0006/2020 a chur chun cinn agus leithdháileadh breise do scoileanna breise a éascú sa chéad bhliain acadúil eile.
- Scoileanna a spreagadh chun níos mó uaireanta a thógáil isteach san amchlár chun an spleáchas ar an scéim sa scoil a laghdú.
- Leanúint ar aghaidh le tacaíocht spriocdhírthe TIBÉ do scoileanna.





58 Múinteoirí TIBÉ a fuair tacaíocht



25 seisiún a cuireadh ar fáil

Léargas ginearálta:

Lean TIBÉ ar aghaidh ag cur tacaíochtaí foghlama gairmiúla ar fáil dár nOifigigh Forbartha (múinteoirí) i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus soláthair. Thacaigh an clár le múinteoirí a bhí ag obair i dtimpeallachtaí ar an láthair, ar líne agus i dtimpeallachtaí cumaisc agus léiríodh leis an éagsúlacht mhéadaitheach ar fud na foirne ó thaobh taithí agus cúlaí teanga de.

Príomhaidhmeanna:

- Caighdeán an tsoláthair teanga i gcomhthéacsanna éagsúla teagaisc agus foghlama a fheabhsú agus a choinneáil.
- Tacú le cur i bhfeidhm sonraíochtaí teanga Ardteistiméireachta idir teangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasccha.
- Cumas múinteoirí a neartú don teagasc ar an láthair, ar líne agus don teagasc cumaisc.
- Foghlaim ghairmiúil dhifreálach a sholáthar atá freagrúil d'eispéireas agus do chúlra teanga an mhúinteora.
- Tacú le comhoibriú, le muinín ghairmiúil agus le folláine na múinteoirí.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn maidir le húsáid éifeachtach IS sa teagasc agus san fhoghlaim.

Gníomhaíocht:

Cuireadh foghlaim ghairmiúil ar fáil trí thrí shnáithe chomhtháite: ionduchtú do bhaill foirne nua; forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar bhonn leanúnach; agus tacaíocht spriocdhírthe do theagasc ar líne agus do theagasc cumaisc. Cuireadh meantóireacht, cuairteanna scoile, breathnóireacht ranga agus gníomhaíochtaí gairmiúla teanga-shonrach le teanga leis na snáitheanna seo, rud a chinntigh comhleanúnachas agus leanúnachas i rith na bliana.

Ionduchtú

Thacaigh ionduchtú struchtúrtha le múinteoirí nuacheaptha le hionduchtú curaclaim, pleanáil, cleachtas ranga agus measúnú foirmitheach. Áiríodh leis an tacaíocht freisin meantóireacht, cuairteanna scoile agus treoir maidir le bheith ag obair laistigh de struchtúir scoile uile, mar shampla comhoibriú le comhordaitheoirí Nuatheangacha lasachta, treoirchomhairleoirí agus comhordaitheoirí riachtanais speisialta oideachais.

FGL Leanúnach

Cuimsíodh leis an gclár FGL téamaí oideolaíocha lena n-áirítear an cur chuige gníomhaíocht-dírthe, measúnú, rannpháirtíocht scoláirí, agus forbairt ábhair. Thacaigh FGL teanga-shonrach agus Pobail Chleachtais le cur i bhfeidhm curaclaim agus le comhroinnt straitéisí éifeachtacha. Cuireadh deiseanna ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil taithí acu cleachtas a roinnt mar aon le deiseanna do mhúinteoirí nua chun muinín agus líonraí a chothú.

Tacaíocht Spriocdhírthe do Theagasc ar Líne agus do Theagasc Cumaisc

Fuair múinteoirí nua ar líne oiliúint i samhlacha teagaisc ar líne, struchtúir phleanála, measúnú, agus cleachtas machnamhach. Bhí múinteoirí ar líne ag a bhfuil níos mó taithí páirteach i seisiúin ardleibhéil ar chuir chuige dhigiteacha, difreáil, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, agus comhtháthú IS. Thacaigh clinici leantacha le cur i bhfeidhm praiticiúil.

Lá Foirne mhí an Mheithimh d'Oifigigh Forbartha TIBÉ

Leis an lá foirne bliantúil, tugadh le chéile foghlaim ghairmiúil, nuashonruithe oibríochtúla agus tógáil pobail. Díríodh sna seisiúin ar chleachtas seomra ranga, modheolaíochtaí gníomhaíocht-díríthe, agus ceardlanna difreáilte ar IS. Leis an ócáid, cuireadh spás don mhachnamh, daingniú, agus chun caidrimh ghairmiúla a threisiú.

Tacaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise

Bhí meantóireacht, cuairteanna scoile, agus breathnóireacht ranga fós lárnach chun tacú le hoifigigh forbartha. Chuir piarfhoghlaim, deiseanna breathnóireachta agus gníomhaíochtaí faoi stiúir an mhúinteora le samhail foghlama gairmiúla atá idir chomhoibríoch agus inbhuanaithe.

Plé leis an bPobal NTI i gCoitinne


Ghlac múinteoirí páirt i bhfoghlaim ghairmiúil le pobal níos leithne na Nuateangacha lasachta, lenar áiríodh Pobail Chleachtais théamacha agus Seisiúin Smaointeoireachta IS (AI Think-In). Thacaigh na himeachtaí sin le comhroinnt trasteanga agus neartaigh siad idirphlé gairmiúil ar fud na hearnála.

Tacaíocht le Clárúchán Múinteoirí

Fostaíonn TIBÉ 49 múinteoir cuartaíochta agus tacaíonn sé le 9 múinteoir, a fhostaíonn scoileanna faoin scéim leithdháilte bhreise. Tá clárú na Comhairle Múinteoireachta críochnaithe ag 40 de na múinteoirí (ráta clárúcháin 69%). Leanann TIBÉ de bheith ag fostú cohórt iomlán múinteoirí cláraithe Liotuáinise agus sciartha suntasacha de mhúinteoirí Seapáinise, Polainnise, Sínis agus Portaingéilise go náisiúnta, ag tacú le samhlacha soláthair ionscoile agus malartacha araon.

Léiríonn na figiúirí thíos céatadán na múinteoirí cláraithe agus cáilithe uile de chuid na Comhairle Múinteoireachta i ngach teanga go náisiúnta atá fostaithe ag TIBÉ in 2025. Tugann sé seo léiriú ar a mhéid a thacaíonn an soláthar sna teangacha sin le TIBÉ, go háirithe i gcásanna ina bhfuil an chuid is mó den chohórt múinteoirí cáilithe atá ar fáil fostaithe trí TIBÉ.

Céatadán de mhúinteoirí cláraithe na Comhairle Múinteoireachta i ngach teanga atá fostaithe ag TIBÉ, 2025



Teanga	Múinteoirí TIBÉ (Oifigeach Forbartha agus Leithdháileadh Breise)	Cláraithe leis an CM	Ráta Clárúcháin	lomlán na múinteoirí cláraithe CM go náisiúnta – R4 2025
Sínis	7	7	100%	18
Seapáinis	19	12	63%	17
Liotuáinis	4	2	50%	2
Polainnis	19	15	79%	19
Portaingéilis	3	1	33%	5
Rúisis	6	3	50%	41
lomlán	58	40	69%	



Pobal Cleachtais Sírise



Lá Foirne – Meitheamh 2025

Aiseolas



Tionchar:

- Thuairiscigh múinteoirí ardábharthacht agus luach praiticiúil i ngníomhaíochtaí FGL.
- Breathnaíodh ar ionduchtú, meantóireacht, cuairteanna scoile, agus breathnóireacht mar thacaíochtaí láidre.
- D'fhreastail foghlaim ghairmiúil dhifreáilte ar riachtanais múinteoirí a raibh taithí agus comhthéacsanna teagaisc éagsúla acu.
- Neartaigh FGL spriocdhírthe muinín i gcur i bhfeidhm sonraíochtaí curaclaim.
- D'fheabhsaigh tacaíochtaí foghlama ar líne agus cumaisc cumas múinteoirí chun an fhoghlaim a phleanáil, a sholáthar agus a mheas.
- Chuir FGL teanga-shonrach agus Pobail Chleachtais le comhleanúnachas agus le hinbhuanaitheacht curaclaim.
- Neartaigh piarfhoghlaim caidrimh ghairmiúla agus thacaigh sí leis an bhfolláine.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le múinteoirí le linn do theangacha a tugadh isteach le déanaí agus cinn thearctheagasctha bheith á gcur i bhfeidhm agus á ndaingniú
- Samhail chomhleanúnach foghlama gairmiúla a choinneáil lena dtugtar le chéile comhordú lárnach agus soláthar comhoibríoch.
- Conairí struchtúrtha ionduchtaithe a fhorbairt tuilleadh.
- Conairí difreáilte FGL a neartú d'oifigigh forbartha nua agus d'oifigigh forbartha a bhfuil taithí acu, lena n-áirítear iad siúd atá ag teagasc ar líne.
- Deiseanna a leathnú don phiarfhoghlaim, don mheantóireacht agus d'ionchuir ghairmiúla faoi stiúir múinteoirí.



4 Champa



81 Scoláire

Léargas ginearálta:

Tá TIBÉ i ndiaidh campai samhraidh a mhaoiniú i dteangacha tearctheagasccha do scoláirí iar-bhunscoile. Cuirtear na cláir seo (a mhaireann coicís) ar fáil ar fud na tíre agus tugann siad deiseanna chun scileanna teanga a fhorbairt in éineacht le gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt a mhúintear tríd an sprioctheanga. Reáchtáladh ceithre champa ina raibh 81 scoláire páirteach in 2025, ceann san Iodáilis, ceann sa tSeapáinis agus dhá cheann i Sínis.

Príomhaidhmeanna:

- Scoláirí a spreagadh chun leanúint ar aghaidh le teanga thearctheagasccha ag leibhéal na hArdeistiméireachta.
- Feasacht a ardú ar roghanna teanga atá ar fáil in institiúidí ardoideachais.

Gníomhaíocht:

D'óstáil ceithre institiúid ardoideachais campai samhraidh in 2025. Bhí meascán saibhir d'fhoghlaím teanga, rannpháirtíocht chultúrtha agus gníomhaíochtaí praiticiúla ar fáil i ngach campa.

Sínis in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

I nDún Dealgan chlúdaigh scoláirí an tSínis, teicnící scríbhneoireachta na Sírise, teicnící péintéireachta na Síne, stair, ceol traidisiúnta na Síne, amhránaíocht, déanamh cácaí gealaí, searmanas tae traidisiúnta na Síne, déanamh feananna agus túschrúsa ar Ba-duan-jin nó ar chluichí fisiciúla na Síne. Bhreathnaigh siad ar scannán freisin agus thug siad cuairt ar chuideachta áitiúil chun an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha a fheiceáil. Ar an lá deireanach, cuireadh a gcuid saothair ar taispeántas i dtaispeántas agus bhí taibhiú ann le hamhráin, cuir i láthair agus searmanas tae, agus d'fhreastail tuismitheoirí, aíonna agus ardbhainistíocht ó DKIT.

Sínis in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Port Láirge

I bPort Láirge, d'fhoghlaím scoláirí faoin tSínis, puthphéinteáil agus uiscephéinteáil na Síne, searmanais tae na Síne, callagrafaíocht na Síne, ealaíona comhraic na Síne, déanamh páipéir na Síne, déanamh snaidhmeanna na Síne, déanamh laindéar na Síne agus ceoldrámaí agus ceol na Síne. Bhí taispeántas cócaireachta bia Síneach acu freisin agus turas go Baile Átha Cliath a chuimsigh turas go Leabharlann Chester Beatty agus deis chun bia barántúil na Síne a thriail. Bhí searmanas deiridh acu ar an lá deireanach. Chuir siad fiseáin rialta dá gcuid gníomhaíochtaí ar chuntas Instagram SETU Language Culture Society.

"Ní raibh gníomhaíocht ab fhearr liom mar bhí gach rud foirfe."

"Ba é an ghníomhaíocht ab fhearr liom ná tae a ullmhú. Thaitin an challagrafaíocht agus déanamh eitleog liom freisin."

"Is eispéireas an-spráíúil é, do pháistí. Tugann sé léargas gairid ar an gcultúr agus ar na daoine ann. Tugann sé tuilleadh eolais faoi dhaoine ón am atá thart, a gcuid gníomhaíochtaí, a gcultúr agus a dteanga."

"Ba é an ghníomhaíocht chultúrtha ab fhearr liom ná na carachtair Shínise a scríobh."

Lodáilis in Ollscoil na Gaillimhe

I nGaillimh, d'fhoghlaim scoláirí lodáilis, chruthaigh siad maisc do charnabhail na Veinéise, bhí eispéireas réaltacht fhíorúil acu, chruthaigh siad a saothar ealaíne Botticelli féin, rinne siad píotsa, d'fhoghlaim siad conas fotheidil a chur le cartúin agus dubáil a dhéanamh orthu, d'imir siad spóirt agus cluichí lodálacha, bhí seisiúin cheoil acu, d'fhéach siad ar scannán clasaiceach, chuir siad seó deiridh ar siúl agus chruthaigh siad físeán bunaithe ar an eispéireas a bhí acu ar an gcampa samhraidh coicíse.

"Thaitin an campa seo go mór liom! Bhí sé an-spráúil, bhí na daoine go léir go hálainn, rinne mé cairdeas le roinnt daoine áille, bhí na múinteoirí breá in ann gach rud a mhíniú agus anois táim ag smaoineamh ar lodáilis a dhéanamh san Ollscoil."

"Ba iad na cluichí ar nós Pantalone an ghníomhaíocht ab fhearr liom agus an cluiche ina raibh orainn na rudaí a dúirt siad linn a dhéanamh san lodáilis agus ceol á sheinm agus an cluiche rubamazzeto!"

"Déarfainn gurbh í an ghníomhaíocht chultúrtha ab fhearr liom ná nuair a tháinig an triúr bhan isteach chun damhsa Seapánach a mhúineadh dúinn agus tugadh an deis dom Yukata álainn Seapánach a chaitheamh."

Seapáinis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

I mBaile Átha Cliath, d'fhoghlaim scoláirí faoi theanga agus cultúr na Seapáine. Rinne siad réimse leathan gníomhaíochtaí lena áiríodh manga, anime, drámaíocht, drumadóireacht Taiko, callagrafaíocht, filíocht haiku, agus d'fhoghlaim siad faoi fhéilte agus maorachtaí áitiúla sa tSeapáin, cluichí agus ceardaíocht aonach na Seapáine, damhsa agus cultúr Kimono. Bhí lá spóirt scoile Seapánach acu agus turas chuig áit chónaithe ambasadóir na Seapáine, áit a raibh searmanas tae acu. Bhí cuir i láthair dheiridh agus taibhiú le gradaim acu ar an lá deireanach den champa.

"Thaitin an drumadóireacht Taiko liom. Ní féidir liom aon uirlis eile a sheinm go maith ar chor ar bith ach is cosúil gur cnagcheoltóir maith mé!"

Tionchar:

- Leis na campaí cuireadh infheictheacht láidir ar fáil do theangacha tearctheagasctha sna hollscoileanna, ag tacú le bealaí isteach sa staidéar teanga ag an tríú leibhéal.
- Thuairiscigh go leor scoláirí gur spreagadh iad chun leanúint ar aghaidh leis an teanga ag an Ardteistiméireacht nó níos faide anonn.
- Fuair campaí meánrátaíl de 4.6 as 5.
- Nuair a fiafraíodh díobh faoi staidéar amach anseo, dúirt 46% de scoláirí go raibh sé beartaithe acu leanúint ar aghaidh leis an teanga, agus dúirt 48% "go mb'fhéidir" go leanfaidís ar aghaidh léi.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag cur campaí samhraidh chun cinn agus ag tacú leo in 2026.
- Ollscoileanna eile a spreagadh chun campaí a óstáil, go háirithe i dteangacha oidhreachta agus i dteangacha tearctheagasctha.
- Tacú le hinstiúidí a fuair maoiniú roimhe seo chun soláthar campaí samhraidh a choinneáil, go neamhspleách nuair is féidir.



Campa Samhraidh Síinise
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan



Campa Samhraidh Síinise
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan



Campa Samhraidh Síinise
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Port Láirge



Campa Samhraidh Seapáinise
UCD



Campa Samhraidh Iodáilise
Ollscoil na Gaillimhe





60,000 Dalta



1,344 Scoil.



11 Teanga



Léargas ginearálta:

Lean an modúl Cuir Fáilte Roimh Theangacha ar aghaidh go dtí a chúigiú bliain in 2025, lena gcuirtear ar fáil buneolas struchtúrtha do dhaltáí agus do mhúinteoirí bunscoile ar theangacha agus ar chultúir bhreise in éineacht leis an mBéarla agus an Ghaeilge. Anois i gCéim a Dó, tá an fócas ar scoileanna agus múinteoirí a ullmhú chun nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Cuirtear an modúl ar fáil, a mhaireann deich n-uair an chloig, le linn uaireanta scoile do rang a cúig agus rang a sé. Is é an múinteoir ranga nó teagascóir cuartaíochta a oibríonn i gcomhar le foireann na scoile a chuireann an modúl ar fáil. Roghnaíonn scoileanna teanga bunaithe ar acmhainn teagaisc teangacha iasachta, ar chomhthéacs na scoile, agus ar dhéimeagrafaic na ndaltaí. Cuirtear Cuir Fáilte Roimh Theangacha ar fáil thar dhá théarma acadúla.

Príomhaidhmeanna:

- Feasacht a ardú ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas nuatheangacha iasachta chun tras-scileanna a chothú.
- Scoileanna a ullmhú do chur i bhfeidhm Churaclam Teanga athfhorbartha na Bunscoile.
- Roghnú teangacha a spreagadh ag an dara leibhéal.
- acu le cur i bhfeidhm Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026
- Litearthacht a fheabhsú, i mBéarla agus sa Ghaeilge araon.

Gníomhaíocht:

Chláraigh 1,344 bunscoil i mbliana, 20% acu ag glacadh páirt den chéad uair. Roghnaigh scoileanna teanga bunaithe ar chumas teagaisc, ar chomhthéacs na scoile, agus ar dhéimeagrafaic na ndaltaí. Bhainistigh TIBÉ fócaíochtaí deontais, dáileadh acmhainní, oiliúint teagascóirí, gníomhaíocht chur chun cinn agus fiosrúcháin laethúla, chomh maith le bailiú aiseolais a éascú trí shuirbhéanna agus cuairteanna scoile. Chomh maith leis sin, chuir TIBÉ seisiúin oiliúna ar fáil do theagascóirí nua agus a bhfuil taithí acu, do mhúinteoirí ranga, do cheannairí scoile agus do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ). D'fhreastail os cionn 1,025 duine ar aon cheardlann déag ar líne. Dearadh agus soláthraíodh seisiúin teagascóirí TCÉ i gcomhar leis an Ionad um Staidéar Bodhar i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Bhí éagsúlacht mhór sna teangacha a roghnaigh na scoileanna. Ba iad an Fhraincis agus an Spáinnis ba mhó a roghnaíodh, agus ina dhiaidh sin bhí an Ghearmáinis, an Iodáilis, TCÉ, an tSeapáinis, an Mhandairínis, an Phortaingéilis, an Pholainnis, an Rómáinis agus an Úcráinis. Roghnaigh roinnt scoileanna níos mó ná teanga amháin.

Aiseolas:

Bailíodh aiseolas ó bhainistíocht scoileanna, múinteoirí agus teagascóirí trí shuirbhéanna agus cuairteanna scoile chun tacaíocht a thairiscint, sonraí a bhailiú, agus eolas a dhéanamh don phleanáil. Is iondúil go mbíonn breathnóireacht ranga, plé le daltaí, múinteoirí agus teagascóirí óstála (más cuí), agus ionadaithe ó bhainistíocht na scoile i gceist le cuairt scoile. In 2025, rinneadh ceithre chuairt scoile.

Leagtar amach thíos roinnt de na nithe a tháinig aníos arís is arís eile san aiseolas:

- Measann múinteoirí go bhfuil rannpháirtíocht in Cuir Fáilte Roimh Theangacha ríthábhachtach chun naisc thraschuraclaim a éascú.
- Léiríonn na daltaí díograis i leith teangacha.
- Measann múinteoirí agus teagascóirí go gcuireann rannpháirtíocht in Cuir Fáilte Roimh Theangacha le cuimsiú laistigh de scoileanna.
- Luann múinteoirí go mbíonn cuid de na páistí nach mbíonn páirt acu i ngníomhaíochtaí scoile de ghnáth díograiseach ina gcuid rannpháirtíochta le Cuir Fáilte Roimh Theangacha.

Léirítear rogha teanga na scoileanna rannpháirteacha anseo*:

Líon na scoileanna de réir teanga	
Teangacha Roghnaithe	Líon na Scoileanna
Fraincis	630
Gearmáinis	105
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ)	76
Iodáilis	25
Seapáinis	10
Mandairínis	7
Polainnis	2
Portaingéilis	6
Rómáinis	1
Spáinnis	513
Úcráinis	3
Iomlán	1344*

* Roghnaigh roinnt scoileanna níos mó ná teanga amháin

Foilseacháin agus Cuir i Láthair

- In 2025, foilsíodh sraith alt san iris InTouch, a léiríonn eispéiris phearsanta daltaí, múinteoirí, teagascóirí agus scoileanna a raibh baint acu le Cuir Fáilte Roimh Theangacha.
- Bhí sraith iontrálacha rialta maidir le Cuir Fáilte Roimh Theangacha le feiceáil i nuachtlitir Bluestar
- Cuireadh páipéar ar thionchar Cuir Fáilte Roimh Theangacha i láthair ag comhdháil IRAAL

Tionchar:

- D'fhreastail 1,025 múinteoir, teagascóir agus bainisteoir scoile ar oiliúint.
- Ghlac níos mó ná 60,000 páiste páirt sa mhodúl i rith na bliana.
- Léiríonn na daltaí litearthacht fheabhsaithe i mBéarla agus sa Ghaeilge araon, chomh maith le feasacht teanga mhéadaithe i measc na ndaltaí atá rannpháirteach sa mhodúl.
- Baineann múinteoirí óstacha agus teagascóirí seachtracha araon tairbhe as comhoibriú, rud a fheabhsaíonn foghlaim agus cleachtas gairmiúil.

**Sleachta ó
Theagascóirí
ar Cuairt**

"Tá na daltaí fós ag canadh agus ag damhsa amhrán na haibítire míonna tar éis dóibh an modúl a chríochnú. Tá daltaí/múinteoirí ag tnúth leis na ranganna Spáinnise agus mhothaigh siad an-bhrónach ag deireadh na 10 seachtaine"

"Is breá liom nuair a thugann na daltaí cosúlachtaí idir teangacha éagsúla faoi deara. Agus iad a chloisteáil ag rá "níl aon teanga ar eolas acu", agus fós bhí siad go léir in ann cur le gníomhaíocht cathracha ilteangacha."

"Ag breathnú ar na daltaí ag éirí beoga agus ar bís nuair a tháinig tú gach seachtain. Fuair mé an méid céanna ó na ceachtanna is a fuair na daltaí. Ba mhaith an spreagadh a ndíograis agus a spraoi."

"Clár iontach a thug léargas do dhaltaí ar theanga nua agus ar thraidisiúin na tíre. Bhain na daltaí an-taitneamh as na gníomhaíochtaí praiticiúla agus na seisiúin damhsa inar féidir leo éisteacht le stíleanna ceoil agus ealaíontóirí móréilimh na tíre sin."

"Is deis iontach é do na páistí blaiseadh a fháil de theanga iasachta ag leibhéal bunscoile, go háirithe nuair is teanga í a d'fhéadfadh a bheith acu mar ábhar ag an leibhéal iar-bhunscoile"

**Sleachta ó
Mhúinteoirí Ranga
Óstacha**

"Thaitin sé go mór liom páistí a chloisteáil ag canadh (i bhFraincis) ag amanna sosa. Páistí ag taispeáint focal, comharthaí bóthair i bhFraincis ach a úsáidtear i mBéarla. Chabhraigh staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis le litriú an Bhéarla. Bhí craic mhaith sa cheacht faux amis. Chuidigh an ceacht Fraincise le páistí le roinnt dúshlán teanga. Bhí siad in ann cosúlachtaí i bhfocail a phiocadh amach agus a fheiceáil níos tapúla ná comhghleacaithe ranga mar go bhfuil siad cleachta le díriú ar fhocail le haghaidh brí. Mar shampla, spreag j'habite plé ranga iomlán ar ghnáthóga, cónaí srl srl..."

**Sleachta ó
Dhaltaí**

"Cabhróidh sé liom sa mheánscoil agus má théim go dtí an Ghearmáiríamh, beidh a fhios agam an méid ba chóir dom a rá"

"Tá deirfiúr bodhar ag duine dár ndaltaí agus d'éist an rang ar fad leis an gcaoi a ndéanann an dalta cumarsáid léi sa bhaile"

"Is maith liom teangacha a fhoghlaim mar is maith liom foghlaim faoi chultúir éagsúla"

"Cuidíonn foghlaim na Gearmáinise liom scríobh chuig mo chara pinn Gearmánach"

**Sleachta ó
Phríomhoidí**

"Thug an clár fuinneamh agus sceitimíní isteach inár scoil. Léirigh sé do dhaltaí nach ábhair acadúla amháin iad teangacha, ach scileanna fíorshaoil a nascann leis an domhan mór iad."

"Ghlac an scoil ar fad leis an tionscnamh seo, trí chórais cairde, mar shampla, agus trí laethanta foghlama scoile uile, ionas go bhféadfadh na páistí a n-eispéiris nua foghlama a roinnt go díreach leis na páistí go léir i ngach bliainghrúpa. Díríonn ár n-éiteas ar chuimsitheacht agus folláine, agus is deis iontach é an clár seo chun na luachanna gaolmhara a chur chun cinn, agus muintín agus féinmheas páistí a chothú."





Cúrsaí Teagaisc

Modern foreign languages in the Primary Curriculum: Practical supports

In September, Minister for Education and Youth Helen McEntee officially launched the redeveloped *Primary Curriculum* specifications for all primary and special schools in Ireland, marking a significant milestone in Irish education.

The language specification is one of five specifications and is underpinned by a plurilingual approach to language teaching. This approach values each child's unique linguistic repertoire as a precious resource and draws on their lived experiences of languages in the home, at school and within the wider community. A key development of the specification is the introduction of modern foreign languages (MFL) learning outcomes from 3rd to 6th class, focusing on language and cultural awareness (stage 3) and basic competence in an additional language (stage 4). The specification promotes the development of transversal skills across English, Irish, and additional languages, preparing pupils with the essential communicative and intercultural skills needed to thrive in a diverse, globalised world.

Languages Connect is supporting this integration of modern foreign languages in the *Primary Curriculum*, working alongside other key stakeholders including the NCCA, OIDE and the NCSE. This collaboration looks to ensure alignment with curriculum development, inclusive education, and teacher professional learning.

How Languages Connect supports teachers and schools

Languages Connect provides several quality-assured and fully funded supports. These offerings focus on guiding and empowering teachers and schools along the journey toward becoming MFL-ready. They currently include:

- Language upskilling opportunities;
- Say Yes to Languages modules;
- Tailored classroom resources & supports.

1. Foreign language upskilling opportunities for primary teachers

Languages Connect facilitates a fully funded Foreign Language Upskilling Scheme, enabling registered primary teachers to enhance proficiency in a foreign language of their choice. Over 400 teachers have already enrolled in upskilling courses this school year – with more courses due to start in the second term.



Key features

- Enhances teachers' language proficiency and cultural awareness
- Aligns content and methodology with the *Primary Curriculum Framework* and the language specification
- Delivered in partnership with education support centres, higher education institutions, embassies, cultural institutes and other approved providers
- Flexible delivery: online, blended, and in-person

2. Say Yes to Languages: Celebrating five years of success

Say Yes to Languages is a fully funded, 10-week sampler module introducing pupils to an additional language alongside English and Irish in a fun, engaging way. Now in its fifth year, *Say Yes to Languages* has reached over 255,000 pupils in 2,200 schools nationwide – with many schools taking part more than once since the module began. This year alone, over 1,350 schools are participating.

Say Yes to Languages supports schools by:

- Engaging schools with MFL in advance of enactment of the language specification
- Raising awareness of the benefits of MFL education to build transversal skills
- Preparing teachers via training, support and resources

3. Resources and practical supports

Languages Connect provides a wide range of teacher-friendly, quality-assured resources to support both *Say Yes to Languages* delivery and the wider implementation of plurilingual education in primary schools.

Resources

- Curriculum-aligned and classroom-tested;
- Demonstrate effective practice to enhance teacher confidence;
- Foster teacher agency.

Visit languagesconnect.ie/primary or email primary@ppl.ie or primaryupskilling@ppl.ie

Languages Connect, funded by the Department of Education and Youth, supports foreign language education in Ireland at primary and post-primary levels. Through the *Languages Connect Strategy*, Languages Connect works to enhance, expand, and diversify language learning opportunities and highlight the value of plurilingualism and multilingualism in Irish society. Its team of education and foreign language specialists delivers impactful projects, conducts research, develops resources and collaborates closely with teachers, schools and education partners.



INTOUCH 45 SAMHAIN/NOLLAIG 2025

Cúrsaí Teagaisc

Supporting literacy across the curriculum through integrated language learning

Languages Connect is delighted to bring you the fourth in a series of articles that provide insights and practical resources from schools that are embracing the integration of modern foreign language education in the curriculum. In this edition, Isabel Moore provides insights from her classroom.

Making it work

From 2022/23, I taught in Scoil Mhuire, Ballymore Eustace, where I had the opportunity to deliver *Say Yes to Languages* to fourth to sixth class. The structure of the programme worked seamlessly. While I taught Spanish to one class, their teacher would take my class for another subject, ensuring no time was lost. This collaborative approach created a real buzz among staff and pupils alike.

Awareness of interrelations

One of the most exciting aspects of the experience was seeing the transfer of skills. During a literacy lesson focused on etymology, we were exploring common Latin and Greek root words in English – words like 'scribe/script' meaning 'to write'. One pupil suddenly made a connection



and said, 'Miss Moore! Escribir in Spanish means 'to write'!

Foreign language upskilling

I completed a Spanish upskilling course through Kildare Education Support Centre in May 2024. It was a fantastic opportunity, not just to refresh my Spanish, but to develop my teaching skills. It was brilliant to practice with other like-minded teachers.

A new adventure

Since then, I've moved to a new teaching role in Kerry and the school is also involved in the programme, with French as the chosen language. Even as an observer, it's clear to see the enthusiasm it generates.

Delivering *Say Yes to Languages* didn't just add a subject to our timetable, it sparked a whole-school love of languages!



Activity: Multilingual root word detective

What you will need

- Display chart or whiteboard.
- A short list of root words to start.
- Space to add pupil discoveries.

Where will we find the vocabulary?

Start with a root word from an English literacy lesson. From there, pupils investigate how the same root appears in Spanish and Irish. As more words arise naturally during lessons, the chart grows.

Example

Root	English	Spanish	Irish
scrib	describe	escribir	scríobh
form	form	formar	foirm
cent	century	ciento	/

How can we assess what has been learnt?

- Have pupils explain a connection

they've made across two or more languages.

- Ask them to find a root word and apply it in three or more languages.
- Create mini challenges, where pupils find words with a common root during reading.

More activities can be found at www.languagesconnect.ie, under the Resources section: *MFL Teacher/Tutor Notes* (pg 11-12), *Language and Languages in the Primary School* (pg 34-39) and *Language Adventures* (pg 11-13).

ISABEL MOORE. For more information about *Say Yes to Languages*, email primary@ppl.ie or visit www.languagesconnect.ie.



INTOUCH 46 M Fómhair/D Fómhair 2025

Scoil Naomh Iosaf
@scoilnaomhiosaf

Vielen Dank Maria for taking us on a journey in the German language, culture, geography and so much more over the last 10 weeks as part of the Say Yes to Languages programme. Auf Wiedersehen!



9:59 am · 4 Jun 2025 · 686 Views

Coolmeen NS
@coolmeen_ns

Our 3rd-6th class completed ten weeks of learning French with Ms. Gomes as part of the 'Say Yes to Languages' programme. We even made some tasty French crêpes!



3:15 pm · 26 May 2025 · 268 Views

St John's Girls and Infant Boys' School
@StJohnsIk

We started our "Say Yes to Languages" classes in school today. Both 5th classes are doing Spanish & 6th class will study French. The girls loved their first lessons. Thank you to Mr. O'Connor, Ms. Walters & Ms. McNamara for teaching these lessons in our school. #languagesconnect



gaelscoilriada · Follow

gaelscoilriada 53w
¡Hola!
Cuireadh tús le ranganna Spáinnis an tseachtain seo mar chuid de chlár Cuir Fáilte roimh Theangacha!!

Our 3rd-6th class pupils started Spanish lessons this week as part of the Say Yes to Languages sampler module! 🇪🇸 For the next 10 weeks, they'll have 10 hours of fun language learning during the school day. After a pupil survey and class discussion, the students chose Spanish themselves! 🇪🇸 We're so excited to see them learn a

20
March 25, 2025

Log in to like or comment.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

Ag breathnú chun tosaigh, díreofar ar an rath a bhí ar Cuir Fáilte Roimh Theangacha a dhaingniú agus raon feidhme agus tionchar an chlár a leathnú. I measc na bpríomhthosaíochtaí tá:

- Leanúint ar aghaidh ag cur foghlaim teangacha iasachta chun cinn i mbunscoileanna agus samplaí de dhea-chleachtas a scaipeadh.
- Cuir Fáilte Roimh Theangacha a leathnú chuig scoileanna breise agus acmhainn a fhorbairt i measc múinteoirí cláraithe.
- Comhroinn teistiméireachtaí ó scoileanna rannpháirteacha chun tacú le feasacht.
- Iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha a neartaíonn comhoibriú idir teagascóirí agus múinteoirí ranga.
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar acmhainní do scoileanna agus do dhaltáí rannpháirteacha.
- Luach níos leithne na foghlama teangacha a chur chun cinn, lena n-áirítear an méid a chuireann sí le litearthacht agus tras-scileanna.



310 Múinteoir a Fuair Uasoiliúint



41 Cúrsa



16 Soláthraí Cúrsa

4 Theanga

Léargas ginearálta:

Lean Uasoiliúint Teangacha Iasachta do mhúinteoirí bunscoile ar aghaidh i rith 2025. I measc na ngníomhaíochtaí i rith na bliana bhí an Scéim Phíolótach um Uasoiliúint Teangacha Iasachta a cuireadh i gcrích ó Eanáir go Lúnasa agus tugadh isteach an Scéim Náisiúnta nua um Uasoiliúint Teangacha Iasachta do Mhúinteoirí Bunscoile ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Ar fud an dá chéim, dhírigh an obair ar rannpháirtíocht a leathnú, próisis soláthair a neartú, agus na struchtúir a bhunú atá riachtanach don inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Príomhaidhmeanna:

- Inniúlacht teanga i nuatheangacha iasachta a chothú i measc múinteoirí bunscoile sula dtugtar isteach an curaclam.
- Muinín agus inniúlacht múinteoirí in úsáid na sprioctheanga a neartú.
- Feasacht chultúrtha agus idirchultúrtha a fhorbairt.
- Soláthar a ailíniú le Creatchuraclam na Bunscoile agus le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile.
- Tacú leis an aistriú ó thionscadal píolótach go scéim náisiúnta inbhuanaithe.

Gníomhaíocht:

San iomlán, chríochnaigh 310 múinteoir 41 cúrsa uasoiliúna teanga arna soláthar ag 16 sholáthraí fhaofa ar fud na Fraincise, na Spáinnise, na Gearmáinise agus na hIodáilise.

Eanáir - Lúnasa 2025:

Críochnú an Chláir Phíolótaigh agus Clár Tumoideachais Fraincise

Tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht sa dara bliain den Chlár Píolótach i gcomparáid le 2024. Cuireadh cúrsaí ar fáil ar fud leibhéil A2.1-B1.2 CEFR sa Fhraincis, sa Spáinnis, sa Ghearmáinis agus san Iodáilis. Fuair múinteoirí rochtain ar fhormáidí ar an láthair, ar líne agus ar fhormáidí cumaisc ag brath ar chúinsí pearsanta agus gairmiúla.

Idir Eanáir agus Lúnasa, chláraigh 339 múinteoir agus chríochnaigh 196 cúrsa. Bhí an Fhraincis ar an teanga is mó a roghnaíodh, agus bhí éileamh láidir leanúnach ar an Spáinnis.

I mí an Mheithimh 2025, chuaigh TIBÉ i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na Fraince in Éirinn chun clár tumoideachais cónaithe Fraincise a phíolótú i Vichy. Ghlac fiche múinteoir páirt i ndianchlár a chuimsigh ranganna teanga, ceardlanna cultúrtha, agus cuairteanna scoile. Déanfaidh an méid a foghlaimíodh ón gclár píolótach eolas do phleanáil deiseanna tumoideachais amach anseo.

Meán Fómhair - Nollaig 2025:

Aistriú chuig an Scéim Náisiúnta

Ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh, tugadh isteach an Scéim nua um Uasoiliúint Teangacha lasachta do Mhúinteoirí Bunscoile, lenar léiríodh an t-aistriú ó chlár píolótach go soláthar náisiúnta.

I measc na bpríomhfhorbairtí bhí:


- Samhail maoinithe bunaithe ar dheontas a tugadh isteach le haghaidh roghnú soláthraithe a bhí idir chomhsheasmhach agus trédhearcach.
- Leathnú líonra na soláthraithe cúrsa faofa faoi Chomhaontuithe Seirbhíse nua.
- Próisis dearbhaithe cáilíochta fheabhsaithe, lena n-áirítear breathnóireacht, suirbhéanna agus cruinnithe athbhreithnithe iarchúrsa.

Le linn na céime seo, chríochnaigh 114 múinteoir eile cúrsaí, rud a fhágann gur chríochnaigh 310 múinteoir cúrsa in 2025.

Comhoibriú le Soláthraithe

Cuireadh Uasoiliúint Teangacha lasachta ar fáil in 2025 trí chomhoibriú le hInstitiúidí Ardoideachais, Institiúidí Cultúrtha, scoileanna teanga, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Leathnaíodh le dhá ghairm ar léirithe spéise an líonra soláthraithe faofa go 22, agus chuir 16 díobh cúrsaí ar fáil i rith na bliana. Leanadh de chúrsaí a chur ar fáil i bhformáidí ar an láthair, ar líne agus i bhformáidí cumaisc chun inrochtaineacht a uasmhéadú.

Múinteoirí ag Críochnú Cúrsaí Uasoiliúna de réir Teanga, 2025





Forbairt Clár agus Dearbhú Cáilíochta

Le linn 2025, neartaigh TIBÉ forbairt clár agus dearbhú cáilíochta. Rinne cuairteanna breathnóireachta, suirbhéanna aiseolais agus cruinnithe athbhreithnithe eolas do bheachtú leanúnach sonraíochtaí cúrsa, comhaontuithe soláthraithe agus próisis tuairiscithe. Forbraíodh tuilleadh cáipéisí teorach do sholáthraithe cúrsaí agus do theagascóirí teanga araon.

Tionchar:

- Chríochnaigh 310 múinteoir cúrsaí uasoiliúna.
- Chuir 16 sholáthraí 41 cúrsa ar fáil i gceithre theanga.
- Rinne an méid a foghlaimíodh ón gclár píolótach eolas do shamhail náisiúnta inbhuanaithe a bunaíodh.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Rannpháirtíocht múinteoirí i gcláir uasoiliúna a mhéadú.
- Deiseanna tumoideachais a leathnú bunaithe ar an scéim phíolótach rathúil sa Fhrainc.
- Leanúint ar aghaidh ag leathnú líonra na soláthraithe cúrsa.



Lá cúrsa uasoiliúna aghaigh ar aghaidh – Ollscoil Luimnigh



Sprioc 2 - Ag Dul Chun Cinn

Leanfaidh TIBÉ de bheith ag tabhairt tús áite do shamhail foghlama gairmiúla ar ardchaighdeán a thacaíonn le hOifigigh Forbartha atá ag obair i gcomhthéacsanna teagaisc, teangacha agus modhanna soláthair atá ag éirí níos éagsúla. De réir mar a leathnaíonn an soláthar i dtimpeallachtaí duine le duine, ar líne agus i dtimpeallachtaí cumaisc, beidh infheistíocht leanúnach in ionduchtú struchtúrtha, meantóireacht agus FGL difreáilte lárnach i gcónaí chun comhsheasmhacht, cáilíocht agus muinín múinteoirí a chinntiú.

Ag tógáil ar thionchar dearfach na samhla comhtháite foghlama gairmiúla, neartóidh TIBÉ conairí ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacheaptha, ag cinntiú rannpháirtíocht luath agus tacaíthe le sonraíochtaí curaclaim, cleachtais mheasúnaithe, comhoibriú scoile uile agus córais TIBÉ. Leanfar de bhéim a chur ar mheantóireacht, ar chuaipteanna scoile agus ar bhreathnóireacht ranga mar thacaíochtaí lárnacha d'fhás gairmiúil agus do chleachtas machnamhach.

Déanfar conairí difreáilte FGL a fhorbairt tuilleadh chun freagairt do leibhéil taithí, cúlra teanga agus comhthéacs teagaisc múinteoirí. Áireofar leis sin tacaíocht spriocdhírithe do mhúinteoirí a sholáthraíonn teangacha tearctheagasctha agus teangacha Ardteistiméireachta a tugadh isteach le déanaí, chomh maith le hard-deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí a bhfuil taithí acu, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair i suíomhanna ar líne agus i suíomhanna cumaisc. Beidh FGL agus Pobail Chleachtais theanga-sonrach fós ina bpríomh-chórais chun comhleanúnachas curaclaim a chothú, cleachtas éifeachtach a roinnt agus tacú le forbairt ábhair ar bhonn náisiúnta.

De réir mar a leanann soláthar digiteach agus cumaisc de bheith ag leathnú, tógfaidh TIBÉ ar an oiliúint atá ann cheana chun tacú tuilleadh le hacmhainní múinteoirí in oideolaíocht ar líne, measúnú, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus comhtháthú éifeachtach IS chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Leanfar de thacaíochtaí leantacha praiticiúla, lena n-áirítear clinicí agus malartú piaraí, a leabú chun tacú le cur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna fíor-ranga.

Beidh tacaíocht d'fholláine, do mhuinín ghairmiúil agus do chomhoibriú múinteoirí ina tosaíocht i gcónaí. Leanfar de dheiseanna piarfhoghlama, breathnóireachta, ionchuir faoi stiúir múinteoirí agus rannpháirtíocht na foirne uile a neartú chun tacú le pobal gairmiúil atá inbhuanaithe agus nasctha.

Ina theannta sin, leanfaidh TIBÉ de bheith ag tacú le múinteoirí chun clárú na Comhairle Múinteoireachta a chur i gcrích, go háirithe i gcomhthéacs múinteoirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta agus múinteoirí teangacha tearctheagasctha, áit a bhfuil an acmhainn náisiúnta teoranta i rith an ama. Tá an obair seo ríthábhachtach chun soláthar a chothú thar shamhlacha éagsúla agus chun tacú le forbairt fhadtéarmach an oideachais teanga in Éirinn.

Trí athbhreithniú, aiseolas agus rannpháirtíocht leanúnach le pobal níos leithne na Nuatheangacha Iasachta, cinnteoidh TIBÉ go bhfanfaidh an fhoghlaim ghairmiúil de bheith freagrúil, bunaithe ar fhianaise agus ailínithe le tosaíochtaí beartais náisiúnta, ag tacú le teagasc agus foghlaim teangacha ardchaighdeán i ngach comhthéacs soláthair.

Leathnófar an Scéim Uasoiliúna Teanga do mhúinteoirí bunscoile de réir a chéile chun tacú le níos mó múinteoirí leibhéal cuí inniúlachta agus muiníne a fhorbairt chun ullmhú do chur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile. Leanfar de sholáthraithe agus deiseanna breise a iniúchadh agus a threisiú. Leanfar leis an ullmhúchán do thabhairt isteach teangacha iasachta sa churaclam bunscoile tríd an gclár Cuir Fáilte Roimh Theangacha, ag tacú le feasacht a mhúscailt i measc daltaí ar an raon teangacha a úsáideann a gcomhdhaltaí, agus ag spreagadh glacadh teanga iasachta san iar-bhunscoil. Forbrófar acmhainní freisin chun tacú le múinteoirí an curaclam a chur i bhfeidhm.

Díríonn **Sprioc 3** ar an bhfeachtas múscailte feasachta Languages Connect, arna éascú ag TIBÉ. Cuirtear chun cinn leis an bhfeachtas na buntáistí cultúrtha, sóisialta, gairme agus pearsanta a bhaineann le foghlaim teangacha ach oibriú le páirtithe leasmhara éagsúla ar fud an oideachais agus níos faide i gcéin.

In éineacht leis na comhpháirtithe sin, cuireann TIBÉ foghlaim teangacha chun cinn trí chainéil éagsúla, trí imeachtaí a eagrú agus a mhaoiniú lena n-áirítear #ThinkLanguages, litríocht chlóite a dháileadh, agus trí chur chun cinn ar líne, ag díriú ar raon leathan lucht féachana.

Ardaíonn TIBÉ feasacht freisin ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil maidir le soláthar teangacha do pháirtithe leasmhara ábhartha ag baint úsáid as cainéil chumarsáide TIBÉ agus ag baint úsáid as cainéil chomhpháirtíochta chun é sin a dhéanamh. Cuireann TIBÉ go rialta le nuachtlitreacha ábhartha na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear nuachtlitreacha INTO, Oide, Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha, CareersPortal, Fiontraíocht Éireann agus an Mol Digiteach.

Méadaíonn na hionchuir seo raon na feasachtamaidir le hobair TIBÉ, ag cinntiú go bhfuil an sprioclucht féachana ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus na hacmhainní atá ar fáil dóibh.

A photograph of two young women in school uniforms, smiling. The woman on the right is wearing glasses and a dark jacket with a crest. The woman on the left is also smiling. The background is slightly blurred, showing other people in a school setting. The entire image has a warm, orange-toned overlay.

SPRIOC 3

FEASACHT A MHÉADÚ AR AN TÁBHACHT A
BHAINNEANN LE FOGHLAIM TEANGACHA CHUN
ÚSÁID NÍOS LEITHNE TEANGACHA IASACHTA
A SPREAGADH

 21,000 Scoláire  240+ Scoil  14 IA  13 Phictiúrlann  4 Institiúid Chultúrtha

Léargas ginearálta:

Ceiliúradh bliantúil Idirbhliana ar theangacha agus ar chultúir is ea #ThinkLanguages, arna éascú ag TIBÉ. Ó seoladh í in 2018, tá an fhéile tar éis leathnú gach bliain, le rannpháirtíocht mhéadaitheach ó scoileanna, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara pobail. In 2025, lean an ócáid ar aghaidh mar cheiliúradh seachtaine, lenar cuireadh ceardlanna idirghníomhacha, cainteanna spreagúla, quizeanna agus gníomhaíochtaí cultúrtha ar fáil ar fud na tíre.

Príomhaidhmeanna:

- Ceiliúradh a dhéanamh ar theangacha ar fud scoileanna, institiúidí ardoideachais, agus eagraíochtaí comhpháirtíochta náisiúnta.
- Tacú le múinteoirí luach na dteangacha laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de a thaispeáint.
- Scoláirí na hidirbhliana a mhealladh agus a spreagadh ach aird a tharraingt ar theangacha ina bpobail áitiúla agus i gcomhthéacsanna domhanda.
- Cuimsiú agus feacht a chur chun cinn ar na buntáistí pearsanta, sóisialta, cultúrtha agus gairmiúla a bhaineann le foghlaim teangacha.
- Scoláirí a spreagadh chun teangacha a roghnú sa tSraith Shinsearach agus leanúint ar aghaidh leo san oideachas tríú leibhéal.
- Naisc idir scoileanna agus a bpobail i gcoitinne a neartú chun feacht ar scileanna teanga a ardú.

Gníomhaíocht:

Anois agus an fhéile san ochtú bliain dá cuid, réachtáladh Seachtain #ThinkLanguages i scoileanna, ollscoileanna agus ionaid eile ar fud na tíre ón 17 - 21 Samhain 2025. Bhí os cionn 240 scoil páirteach san imeacht suaitheanta, agus rinne os cionn 21,000 scoláire Idirbhliana ceiliúradh ar theangacha agus cultúir ina scoil agus ina gceantar féin.

Acmhainní agus Tacaíocht do Mhúinteoirí

Reáchtáladh dhá sheisiún eolais ar líne do mhúinteoirí i mí Mheán Fómhair agus dhá Phobal Cleachtais i mí Dheireadh Fómhair chun ionchur agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le bainistíocht tionscadail na féile i scoileanna, chomh maith le deis a thabhairt chun smaointe agus eispéiris ó fhéilte roimhe seo a roinnt.

Roinn Comhlaigh TIBÉ a n-eispéiris #ThinkLanguages agus threoraigh siad múinteoirí nua agus múinteoirí a bhí ag filleadh le leideanna maidir le conas an ócáid a réachtáil go rathúil ina scoileanna. D'fhreastail 84 rannpháirtí ar na seisiúin faisnéise agus d'fhreastail 59 ar na Pobail Chleachtais. Dóibh siúd nach raibh in ann freastal ar na cruinnithe seo, roinneadh sraith físeán #ThinkLanguages, Leideanna do Mhúinteoirí ar líne.

Reáchtáladh clár iomlán cumarsáide le scoileanna ó Lúnasa go Nollaig trí shuíomh gréasáin Languages Connect, cainéil na meán sóisialta, grúpa tiomnaithe Facebook, agus comhfhreagras ríomhphoist leanúnach a thugann eolas maidir le spriocdhátaí clárúcháin, tairiscintí comhpháirtithe, infhaighteacht acmhainní agus sonraí an chomórtais. Cuireadh pacáistí tosaigh clóite chuig na scoileanna rannpháirteacha lena n-áirítear

lámhleabhar agus póstaer bholscaireachta. Chomh maith leis sin, fuair siad trealamh iomlán don imeacht a bhí saincheaptha do líon na scoláirí rannpháirteacha sa scoil.

Searmanas Oscailte

Cruthaíodh fiseán nua Searmanas Oscailte #ThinkLanguages in 2025 ina bhfuil meascán spreagúil de chainteoirí ag caint faoina n-aistir foghlama teanga agus ag míniú conas a chuir teangacha lena ngairmeacha beatha agus lena saol i gcoitinne. Bhí TIBÉ i gceannas ar fhorbairt iomlán an tSearmanais Oscailte, Mhúnligh siad an treo cruthaitheach, lena n-áirítear na scéalta a chur ar chlár, scríobh scripteanna, agus cainteoirí a fháil. Rinne an fhoireann maoirseacht ar gach céim den léiriúchán—ó scannánú go heagarthóireacht—agus chinntigh siad go raibh an t-ábhar ailínithe le teachtaireachtaí #ThinkLanguages agus Languages Connect.

Bhí ionchuir spreagúla ag Searmanas Oscailte 2025 ó dhaoine i réimsí éagsúla a bhain tairbhe as scileanna teanga ina saol laethúil. Labhraíonn na láithreoirí Seán Ó Maoilchiaráin agus Laura Pakenham le gach aoí faoina n-eispéireas agus faoina gcomhairle atá acu maidir le rath a bhaint amach. Roinneann Gráinne Mullins, bunaitheoir Grá Chocolates a bhfuil duaiseanna buaite acu, roinneann sí an chaoi ar chabhraigh a cuid scileanna Fraincise lena turas gnó a mhúnlú. Thug Shane Hurley, mac léinn Erasmus, léargas ar a shaol san Iodáil agus ar an gcaoi ar leathnaigh an Iodáilis a thuiscint ar an saol, agus thug an mac léinn Eleanor Dunne a dearcadh ar obair thar lear sa Ghearmáin. Chuir an cóitseálaí Ozzy fuinneamh sna scoláirí le roinnt gluaiseachtaí trí mheán na Portaingéilise, agus rinne Méabh Mc Mahon, Príomhláithreoir Euronews, machnamh ar an gcaoi ar chuir teangacha ar a cumas taisteal ar fud an domhain agus gairm bheatha a thógáil san iriseoireacht idirnáisiúnta. Ar deireadh, leag an tionchaire Seapánach-Éireannach Yuji Belez a béim ar an gcaoi ar chabhraigh teangacha leis cairdeas a chruthú, naisc a thógáil, agus deighiltí cultúrtha a shárú.

Tráth na gCeist Náisiúnta

Éascaíodh tráth na gceist náisiúnta #ThinkLanguages ar líne arís in 2025, le 1,400+ foireann ag glacadh páirte agus ardleibhéal rannpháirtíochta, ag mealladh rannpháirtíocht ó 5,600 scoláire. Tugann an tráth na gceist deis do scoláirí agus do scoileanna dul san iomaíocht lena chéile agus i gcoinne an chloig i dtástáil eolais teangacha. Cuireann gné na hiomaíochta, idir áitiúil agus náisiúnta, le sceitimíní i gcónaí. Bhí an tráth na gceist ar siúl dhá uair sa lá i rith Sheachtain #ThinkLanguages, rud a thug an tsolúbthacht do scoileanna é a reáchtáil ag an am is oiriúnaí dóibh.

Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil

Chun tacú le téama uileghabhálach #ThinkLanguages "Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil", d'fhéach scoileanna ar a bpobail áitiúla chun inspioráid a fháil i gcomhthéacs cuireadh a thabhairt do chainteoirí dá bhféile #ThinkLanguages. Ghlac daoine aonair ó ghnólachtaí, institiúidí ardoideachais agus grúpaí pobail ina bhfuil ról ag teangacha páirt i scoileanna ar fud na tíre. Thug Feisirí áitiúla de Pharlaimint na hEorpa agus ambasadóirí cuairt ar scoileanna chun léargas breise a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le teangacha iasachta. D'oibrigh roinnt scoileanna le gnólachtaí áitiúla freisin chun leabhair chócaireachta idirnáisiúnta agus seisiúin foghlama teanga neamhfhoirmiúla a chur ar fáil i gcaiféanna.

Tagann méadú bliain i ndiaidh bliana ar cheardlanna faoi stiúir scoláirí, lena dtugtar cuireadh do scoláirí léargas a thabhairt dá gcomhscoláirí ar a dteangacha agus a gcultúir bhaile agus oidhreacht féin. Ghlac roinnt tuismitheoirí agus múinteoirí páirt freisin agus thug siad léargas ar a n-oidhreacht, a gcultúir agus a dteangacha, lena n-áirítear ceol a sheinm nó earraí traidisiúnta a bhácáil do scoláirí chun iad a bhlaiseadh agus foghlaim fúthu. I measc na gceardlann agus na ngníomhaíochtaí eile a bhí faoi stiúir áitiúil bhí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, damhsa Bharatanatyam, bia na hÚcráine agus gairmeacha i dteangacha, chomh maith le geandáil ghasta teanga, comórtas amhránaíochta 'Teangaifhíse' agus spóirt ó thíortha

éagsúla.

#ThinkLanguages ag Leibhéal Bunscoile

Mar chuid d'iarrachtaí chun leanúint ar aghaidh ag tacú le haidhmeanna an Mhodúil Bunscoile, Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus chun cur le glacadh teangacha san iar-bhunoideachas, cuireadh deis chun cinn do scoláirí Idirbhliana píosa de #ThinkLanguages a thabhairt do dhaltai bunscoile áitiúla. Cuireadh treoirleite maidir le hullmhú agus forbairt na gcuaireanna san áireamh, agus roinneadh eolas i seisiúin na bPobal Chleachtais, rud a spreag scoileanna chun é sin a éascú. In 2025, cruthaíodh acmhainn thiomnaithe freisin. Forbraíodh an acmhainn sin, a dearadh go sonrach do dhaltai na hIdirbhliana a thugann cuairt ar bhunscoileanna, chun tacú leis an nasc idir foghlaim teangacha ag an mbunleibhéal agus na deiseanna atá ar fáil san iar-bhunscoil a neartú, agus ag an am céanna cumhacht a thabhairt do scoláirí Idirbhliana gníomhú mar ambasadóirí dearfacha teanga. Tugadh leis an acmhainn taise de smaointe gníomhaíochta simplí, tarraingteacha, lena n-áirítear cluichí teanga-bhunaithe, agus cleachtaí idirghníomhacha, a d'fhéadfadh scoláirí Idirbhliana a chur ar fáil i seomraí ranga, ag cabhrú leo an spraoi agus an ábharthacht a bhaineann le teangacha nua a fhoghlaim a léiriú.

Thapaigh roinnt scoileanna, lena n-áirítear Meánscoil na Toirbhirte, Durlas, Coláiste Pobail Leamhcáin, agus Coláiste Phort Laoise an deis. Stiúir scoláirí Idirbhliana blas-seisiúin teanga a bhí idir spráúil agus idirghníomhach. Trí amhráin tharraingteacha, scéalta agus cluichí mealltacha, fuair daltaí bunscoile buntreoir spreagúil ar an spraoi a bhaineann le teangacha a fhoghlaim.

Comhpháirtíochtaí #ThinkLanguages

Bhí comhoibriú le comhpháirtithe mar chuid den fhéile arís agus cuireadh gníomhaíochtaí éagsúla ar fáil a chuir feabhas ar eispéireas Sheachtain #ThinkLanguages. Mar chuid den straitéis 'Gairm san AE', rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála urraíocht ar dhuaisianna Chomórtas #ThinkLanguages don tríú bliain as a chéile. Bronnadh dearbhan ar an triúr iomaitheoirí ab fhearr sa chomórtas póstaer. Rachaidh an Fhoireann Seaimpiní bhuach agus a gcuid múinteoirí go dtí an Bhruiséil go luath in 2026 chun cuairt a thabhairt ar institiúidí éagsúla de chuid an AE agus chun bualadh le hÉireannaigh atá ag obair ann, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an áit ar thug teangacha iad ina gcuid gairmeacha. Ba spreagadh suntasach é an duais seo arís do scoláirí chun páirt a ghlacadh i gcuidiú le féilte #ThinkLanguages a eagrú ar fud na tíre.

#ThinkLanguages ag na hInstitiúidí Cultúrtha

In 2025, bhí na hInstitiúidí cultúrtha seo a leanas mar chomhpháirtithe de chuid Sheachtain #ThinkLanguages den chéad uair, rud a léiríonn leathnú suntasach ar líonra comhpháirtíochta an chlár:

- Goethe Institut Irland
- Alliance Française Baile Átha Cliath
- Instituto Cervantes de Dublin
- Istituto Italiano di Cultura di Dublino

D'óstáil siad imeachtaí ar an láthair agus chuir siad ceardlanna, aoichainteoirí agus acmhainní foghlama ar líne ar fáil. D'fhreastail níos mó ná 190 scoláire ar imeachtaí ar an láthair i rith na seachtaine. Tugtar gné nua luachmhar don chlár le cuimsiú na n-Institiúidí cultúrtha, rud a threisiúnn tábhacht na héagsúlachta teanga agus na tuisceana idirchultúrtha i saol an lae inniu.







#ThinkLanguages ag an bPictiúrlann

Mar chuid den chomhpháirtíocht leanúnach le hInstitiúid Scannán na hÉireann, taispeánadh rogha de scannáin i dteangacha iasachta ag Institiúid Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus a líonra pictiúrlann ar fud na tíre le linn Sheachtain #ThinkLanguages, rud a thug deis do scoláirí taithí a fháil ar theangacha ag an bPictiúrlann. Chomh maith le léirithe sa phictiúrlann, bhí deis ag scoileanna leas a bhaint as an ardán sruthaithe IFI@Schools a thugann deis do scoileanna scannáin a thaispeáint sa seomra ranga. Bhreathnaigh os cionn 1,800 scoláire ar cheann de na scannáin i dteangacha iasachta sa phictiúrlann i rith Sheachtain #ThinkLanguages, agus bhreathnaigh thart ar 1,600 scoláire eile ar scannán sa seomra ranga.



Irish Film Institute



#ThinkLanguages ar an gCampas

Gné rathúil i gceiliúradh na bliana seo ba ea rannpháirtíocht leanúnach na n-institiúidí ardoideachais ar fud na tíre. Ba bhuaicphointe do go leor daoine an ghníomhaíocht laistigh de na hInstitiúidí Ardoideachais, agus bhí réimse éagsúil gníomhaíochtaí a bhféadfadh scoláirí Idirbhliana páirt a ghlacadh iontu ar an gcampas. Thug breis is 1,760 scoláire cuairt ar champas ollscoile, agus fuair go leor eile léargas ar shaol an tríú leibhéal trí chainteanna ó mhic léinn a fheidhmíonn mar ambasadóirí teanga, a thug cuairt ar níos mó ná 30 scoil aonair.

Chuir

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

tús leis an gceiliúradh le linn Sheachtain #ThinkLanguages le sraith seachtaine de bhlasseisiúin sa Spáinnis, sa tSeapáinis, sa Ghearmáinis, sa Fhraincis agus sa tSínis. D'óstáil an Ollscoil ceardlanna do 180 scoláire i rith Sheachtain #ThinkLanguages, le hambasadóirí mac léinn ag roinnt a dtaithí phearsanta ar mhaireachtáil agus staidéar a dhéanamh sa Spáinnis, sa tSeapáinis, sa Ghearmáinis, sa Fhraincis agus sa tSín.

Chuir

Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

fáilte roimh roinnt scoláirí a thug faoi thuras timpeall an champais, seisiúin eolais le léachtóirí agus mic léinn reatha agus cuir i láthair a bhain le deiseanna Erasmus chomh maith le ceardlanna cultúrtha idirghníomhacha chun an Fhraincis agus an Spáinnis a chleachtadh agus chun triail a bhaint as teanga nua amhail an tSínis.

D'óstáil

Coláiste Mhuire gan Smál

96 scoláire den chéad uair i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Reáchtáil siad ceardlanna, taispeántais chultúrtha, cluichí teanga agus blas-seisiúin i nuatheangacha iasachta éagsúla.

D'óstáil

Ollscoil Mhá Nuad

215 scoláire ar an gcampas. Bhí deis ag scoláire turas a dhéanamh timpeall an champais, páirt a ghlacadh i mblass-seisiúin teanga agus gníomhaíochtaí cultúrtha idirghníomhacha eile, agus bualadh le hambasadóirí mac léinn.

Chuir

Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

seó ar siúl do níos mó ná 135 scoláire le ceardlanna cultúrtha, gníomhaíochtaí agus cluichí ó gach cearn den domhan.

Chuir

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

mic léinn ar ambasadóirí teanga iad chuig scoil le linn Sheachtain #ThinkLanguages. Labhair na hAmbasadóirí leis na scoláirí faoina n-aistear foghlama teanga, a n-eispéiris iontacha Erasmus, agus a bpleananna tar éis dóibh céim a bhaint amach. Fuair scoláirí an deis plé a dhéanamh ar staidéar a dhéanamh ar theanga sa choláiste agus ceisteanna a chur ar na hambasadóirí faoina gcuid staidéir.

D'óstáil

Coláiste Ósta na Sionna

imeacht ar líne le linn Sheachtain #ThinkLanguages den chéad uair. Bhí mic léinn ar ambasadóirí teanga iad ar fáil chun feachtas teanga a chur chun cinn chomh maith leis na buntáistí a bhaineann le eanga a bheith agat ag an tríú leibhéal.

Chuir

**Ollscoil Teicneolaíochta
na Sionainne**

mic léinn ar ambasadóirí teanga iad amach chun cuairt a thabhairt ar scoileanna le linn Sheachtain #ThinkLanguages chun labhairt faoi na gnéithe dearfacha agus na deiseanna a bhaineann le rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar theanga ag an tríú leibhéal.

Chuir

**Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath**

ambasadóirí teanga na mac léinn amach chun cuairt a thabhairt ar scoileanna i rith Sheachtain #ThinkLanguages chun labhairt faoi na gnéithe dearfacha agus na deiseanna a thugtar ach staidéar a dhéanamh ar theanga ag an tríú leibhéal.

Chuir

Ollscoil na Gaillimhe

roinnt ceardlann ar fáil do 120 scoláire sa Spáinnis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus sa Fhraincis, roimh chainteanna ó mhic léinn iarchéime. Fiosraíodh chomh maith na buntáistí a bhaineann le conair ollscoile a roghnú lena mbaineann teanga.

D'óstáil

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh,

os cionn 180 scoláire i rith na seachtaine.

I measc na gceardlann a bhí ar fáil bhí 8 dteanga: an tSínis, an tSeapáinis, an Chóiréis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Phortaingéilis agus an Spáinnis. Bhí deis ag na scoláirí páirt a ghlacadh i léachtaí teanga idirghníomhacha, agus i mblas-seisiúin teanga. Tugadh turas thart ar an gcampas do scoláirí freisin. Thug ambasadóirí teanga na mac léinn cuairt ar scoil i rith na seachtaine chomh maith.

D'óstáil

an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

os cionn 550 scoláire le linn Sheachtain #ThinkLanguages, le cuir i láthair agus turas ar an gcampas i measc na nithe a cuireadh ar fáil dóibh. Bhí ceardlanna teanga ann sa Fhraincis, sa Spáinnis agus san Iodáilis agus blas-ranganna san Araibis, sa tSínis, san Iodáilis, sa Rúisis agus sa Phortaingéilis. Bhí deis ag na scoláirí labhairt le 10 n-ambasadóir teanga mac léinn.

Chuir

**Ollscoil Teicneolaíochta
Bhaile Átha Cliath**

fáilte roimh 120 scoláire ar an gcampas le linn Sheachtain #ThinkLanguages. Tugadh turas ar an gcampas dóibh agus ghlac siad páirt i gceardlanna agus blas-ranganna i dteangacha éagsúla. Cuireadh ambasadóirí teanga mac léinn amach chuig 19 scoil.

D'óstáil **Ollscoil Luimnigh**

os cionn 165 scoláire agus thug siad léargas dóibh ar a mbíonn i gceist le staidéar a dhéanamh ar theangacha ar champas Ollscoil Luimnigh. Áiríodh leis seo ceardlanna éagsúla múscaíte feasachta teanga agus foghlama teanga, mar shampla callagrafaíocht, scríobh scripteanna, ceol agus damhsa, seomra éalaithe ilteangach agus ilchultúrtha, agus tráth na gceist teanga agus cultúir. Chuir siad ambasadóirí teanga amach chun cuairt a thabhairt ar dheich scoil i rith an chuid eile de Sheachtain #ThinkLanguages.



Coláiste Ósta na Sionna
Shannon College of Hotel Management



Buaiteoirí Chomórtas #ThinkLanguages 2025

I gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus leis an Straitéis 'Gairm san AE', gné thábhachtach den ócáid #ThinkLanguages is ea Comórtas Náisiúnta Vlag Fhoireann na Seaimpíní #Thinklanguages agus, rud nua i mbliana, Comórtas Póstaeir Aonair #ThinkLanguages.

Comórtas Vlag Fhoireann na Seaimpíní

Thug Comórtas Vlag Fhoireann na Seaimpíní, a dhéanann ceiliúradh ar chur chun cinn na foghlama teangacha i scoileanna agus sa phobal i gcoitinne, thug sé cuireadh d'fhoirne de sheisear scoláirí Idirbhliana aistear a scoile le linn Sheachtain #ThinkLanguages a dhoiciméadú trí vlag cruthaitheach a mhaireann trí nóiméad. Roghnaíodh na foirne sa bhabhta ceannais le cur i láthair painéal moltóirí ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta sa Roinn Oideachais agus Óige. Ba iad **Pobalscoil Inis Díomáin, An Grianán Mhuire, Baile Átha Luain agus Pobalscoil Naomh Mharcais, Tamhlacht** na scoileanna sa bhabhta ceannais d'Fhoireann na Seaimpíní #ThinkLanguages 2025.

Chuir na trí fhoireann an méid a d'fhoghlaim siad óna dtaithí i láthair. Léirigh na hiontrálacha go léir méid inmholta oibre a rinneadh ar bhainistíocht imeachtaí a gcuid féilte, agus cuir i láthair dheiridh, a chuaigh i bhfeidhm ar an bpainéal moltóirí. Rinne lucht freastail na hócáide trácht ar scileanna cur i láthair den scoth a bhí ag na scoláirí, ar a gcruthaitheacht, agus ar an bpaisean follasach atá acu do theangacha.

Ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta, bronnadh turas go dtí an Bhruiséil ar an bhfoireann bhuach, rud a thug deis dóibh a fheiceáil conas is féidir le scileanna teanga doirse a oscailt do ghairmeacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na hÉireann ar fud institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an AE. Bhronn an Príomhchigire Yvonne Keating ón Roinn Oideachais agus Óige an corn agus an duais ar Fhoireann Sheaimpíní na Bliana 2025, Pobalscoil Inis Díomáin.



Sa phictiúr anseo tá na hiomaitheoirí go léir ón mbabhta ceannais le Karen Ruddock, Stíúrthóir TIBÉ agus Yvonne Keating, an Roinn Oideachais agus Óige agus Méabh Mc Mahon ó Euronews



Iomaitheoir sa bhabhta ceannais - Pobalscoil Naomh Mharcais, Tamhlacht



Iomaitheoir sa bhabhta ceannais - An Grianán Mhuire, Baile Átha Luain



Buaiteoir - Pobalscoil Inis Dìomáin



Buaiteoirí Fhoireann
na Seaimpíní 2025

Pobalscoil Inis
Díomáin



Comórtas Póstaeir Aonair

Díríodh sa Chomórtas Póstaeir Aonair ar an téama "Smaoinigh ar Dheiseanna Oibre Domhanda". Tugadh cuireadh don triúr iomaitheoirí ab fhearr sa bhabhta ceannais den Chomórtas Póstaeir Aonair chuig an Roinn Oideachais agus Óige i mí Eanáir 2026 don Bhabhta Ceannais Náisiúnta, áit a raibh deis acu a gcuid oibre a thaispeáint. Ba iad scoláirí ó Choláiste Loreto, an Cabhán, Scoil Mhuire Lourdes Loch Garman, agus Coláiste Íosagáin an triúr ab fhearr, agus bronnadh an chéad áit ar Jewell Bellenó ó Scoil Mhuire Lourdes ar an lá.

Bhí agallamh bríomhar ar siúl ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta, le Méabh Mc Mahon, iriseoir agus láithreoir ilteangacha rathúil le Euronews a ghlac páirt i Searmanas Oscailte Sheachtain #ThinkLanguages 2025. Rinneadh iniúchadh sa phlé ar an ngrá atá ag Méabh do theangacha agus ar na deiseanna claochlaitheacha a fuair sí óna cuid staidéir sa Spáinn go dtí a gairm sa Bhruiséil, ag cur béim ar an bhfás pearsanta agus gairmiúil a thagann as an tumoideachas cultúrtha agus glacadh le foghlaim teangacha iasachta.

Roinn Méabh na dúshlán a bhí aici agus an rath a bhí uirthi maidir le teangacha nua a shealbhú, agus leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga agus tuiscint dhomhanda a chothú. Spreag Méabh an lucht freastail chun tabhairt faoina n-eachtraí foghlama teanga féin. Ba mhór ag na scoláirí agus ag na múinteoirí an deis chun níos mó a fhoghlaim faoi na deiseanna a bhaineann le teanga a fhoghlaim.









Na meáin shóisialta agus clúdach an phreasa

Baineadh an-úsáid as cainéil shóisialta i rith na seachtaine, le scoláirí, scoileanna agus comhpháirtithe ag gabháil don chomhrár ar líne agus ag roinnt sraith íomhánna agus físeán. Chabhraigh nuashonruithe beo ar a ngníomhaíocht chun teangacha a chur i lár an aonaigh don tseachtain. Léirigh scéalta cruthaitheacha Instagram agus físeáin TikTok páisean na scoláirí do theangacha. Ghlac roinnt Ball den Fhoireann Seaimpíní ról na dtuairisceoirí, le haith le feiceáil sa phreas áitiúil roimh na himeachtaí agus ina ndiaidh. Tugadh cuireadh d'Fhoireann na Seaimpíní agallaimh a dhéanamh ar an raidió áitiúil i rith na seachtaine féin, rud a chruthaigh an-spéis sa scoil agus sa phobal i gcoitinne, agus chuir buntáistí na dteangacha chun cinn i bhfad is i gcéin. Roinn comhpháirtithe, lena n-áirítear Institiúid Scannán na hÉireann, clúdach ar a n-ardáin meán, lena n-áirítear nuachtlitreacha, na meáin shóisialta, agus suíomhanna gréasáin, ag cabhrú chun aird a tharraingt ar #ThinkLanguages, agus ar theangacha i gcoitinne i rith na seachtaine.

Deis eile don chlúdach sóisialta agus preasa a bhí sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta i mí Eanáir, ar ar fhreastail ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Óige, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara eile. Bhí TIBÉ i gceannas ar straitéis chuíchóirithe meán, straitéis a bhí dírithe ar réigiún do Bhabhta Náisiúnta #ThinkLanguages. Rinne TIBÉ teachtaireachtaí ábhartha a chomhordú lena n-eisiúint sa phreas náisiúnta agus chuir siad teachtaireachtaí saincheaptha amach chuig soláthraithe nuachta réigiúnacha i gcontaetha baile iomaitheoirí an bhabhta ceannais. Aithníodh é seo go himhneánach mar an bealach ba láidre chun clúdach a dhéanamh, fad a tacaíodh le dáileadh náisiúnta níos leithne chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha a chinntiú agus infheictheacht fhoriomlán a uasmhéadú. Ghlac an preas clóite, ar líne agus craolta leis an eisiúint, lena n-áirítear an Westmeath Independent, Wexford Weekly, an Clare Herald, an Independent & Career News.





St Mark's showcase creativity and commitment to languages

Tallaght school reach final of the Think Languages Champion Team of the Year

THE national final of the #ThinkLanguages Champion Team of the Year competition took place at The Clock Tower in the Department of Education and Youth, marking a vibrant celebration of language learning.

Three finalists' teams made up of transition year students from across Ireland, including a team from our St Mark's Community School Tallaght, showcased their creativity and commitment to languages, with Ennistymon Community School, Clare crowned winners on the day.

St Mark's Community School's exceptional teamwork and innovative approach to promoting language learning during their #ThinkLanguages Week celebrations secured their place in the final, standing out among entries from schools across Ireland.

This year's finalist teams also included

students from Our Lady's Bower, Athlone. Each school submitted a vlog-style entry reflecting the competition's themes of enhancing life skills, creating global opportunities, and fostering broader personal connections.

The competition underscores the essential role that foreign language skills play in both personal growth and professional success.

This focus is at the heart of #ThinkLanguages Week, which serves as the foundation for the #ThinkLanguages Champion Team Competition.

Commenting on the significance of the #ThinkLanguages final, Minister for Education and Youth Hildegard Naughton noted:

"#ThinkLanguages highlights the vital role languages play in creating inclusive, connected, and opportunity rich futures for young people. I commend all the students, teachers, and partners

involved in the initiative.

Language learning fosters understanding, empathy, and global citizenship—qualities clearly demonstrated by finalists.

"Congratulations to them all, especially the winning team from Ennistymon Community School, and may they continue to champion languages in their studies and future careers."

#ThinkLanguages Week 2025, facilitated by Post-Primary Languages Ireland (PPLI) under the Languages Connect Strategy – Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education, took place last November.

The eighth annual #ThinkLanguages involved over 21,500 Transition Year students from more than 240 schools celebrating language learning through workshops, cultural events, music, dance, film and talks.

The annual event highlights how language learning enhances life skills, fosters inclusivity, boosts employability, and opens doors to global opportunities.

Karen Raddlock, Director of PPLI who led the event, commented, "The #ThinkLanguages Champion Team Final showcases huge creativity, teamwork, and passion for languages among students across Ireland. These young people are not only embracing multilingualism but also demonstrating skills that will open doors to global opportunities. At PPLI, we believe that it is important to showcase activities that celebrate language learning and empower students to experience a wider world."

The final also featured Meabh McMahon, EuroNews journalist, broadcaster and multilingualist, as a guest speaker, inspiring students with insights into the global impact of multilingualism.



TOP RIGHT: Students from St Mark's Community School were crowned runners-up of the #ThinkLanguages Champion Team Final 2025 following an exciting nationwide competition celebrating language learning, teamwork, and cultural creativity among senior cycle students



Ennistymon Community School has just completed a vibrant and ambitious ThinkLanguages Week.

It was packed with cultural workshops, primary-school outreach, local business partnerships, university engagement, and the launch of two new Erasmus+ projects.



...ve been shortlisted for the Festival of Languages competition! Our Celebration Event is on November. Many thanks to Ms Fleming...



Friday: The final day of our Language Week activities and Think Languages events was a resounding success! A packed day of Think Languages activities, plus a fun photo booth in the MFL Corridor. Huge well done to all involved! @cca_mfl

No comments yet.

Start the conversation.

102 likes
21 November 2025

Log in to like or comment.

light Community School CSTallaght
...en, Ms Crowe & some of our TY MFL students in @MaynoothUni as part of @langcon Week.

Our students represented us so well & really enjoyed college that has great links to our school.



JANUARY 31, 2024 BY WEXFORD WEEKLY

New Ross student announced as overall winner of Think Languages competition



The creativity and global awareness of Transition Year students were front and centre yesterday at The Clock Tower in the Department of Education and Youth, where the national finals of the #ThinkLanguages Poster Competition and the #ThinkLanguages Champion Team of the Year were celebrated...

The #ThinkLanguages Individual Poster Competition, held for the first time this year, invited students nationwide to design posters inspired by the theme "Think Global Opportunities", which highlights one of the key benefits of having foreign language skills and one of the themes of the national #ThinkLanguages Week Celebration which took place in November.

Eva, Anisha, Conn, Julia, Ciara, Erin,



languages
k
ents had a wonde
connect.ie Think
played their time in

inver.college · Follow

inver.college 25 w
#ThinkLanguagesWeek is providing students with lots of opportunity to sample many languages. Japanese and Sign Language were among the languages on offer in classrooms today. Our students are promoting languages throughout our school and their #ThinkLanguages t-shirts and signage are providing a splash of colour to the event.

UCD Centre for English and Global Languages
@UCDLanguages

Another very successful @Langsconnect.ie #ThinkLanguages 2025 at the UCD Language centre last week! We held language taster classes in Arabic, Chinese, Portuguese and Italian, a scenic campus tour in Spanish as well as fun Spanish workshops for TY secondary school students.



Maynooth University School of Modern Languages, Literatures and Cultures
18 November 2025 ·

Day 1 of #ThinkLanguages 2025 is officially in the books!

Yesterday afternoon, we wrapped up an incredible start to the celebration.

Students from schools across Ireland joined us on campus to experience what it's like to be a language learner.

The day was filled with inspiring talks and interactive, language-packed workshops for TY students — all in the spirit of celebrating languages and cultures together!

We're so excited for Day 2 today! #LanguagesMatter #ThinkLanguages #SMLLC




#ThinkLanguages 2025



Rannpháirtíocht Scoláirí in #ThinkLanguages


Ghlac 21,000 scoláire páirt i 240+ scoil



Bliain	Líon na Scoláirí Rannpháirteacha
2018	750
2019	3,000
2020	5,000
2021	12,000
2022	15,000
2023	15,000
2024	17,500
2025	21,000

#ThinkLanguages ag na hInstitiúidí Cultúrtha

Thug 190 scoláire cuairt ar institiúid chultúrtha den chéad uair



Institiúidí Cultúrtha	
Goethe Institut, Éire	26
Alliance Française, Baile Átha Cliath	48
Instituto Cervantes de Dublin	60
Istituto Italiano di Cultura di Dublino	56

#ThinkLanguages ag an bPictiúrlann

D'fhéach 3452 scoláire ar scannán i dteanga iasachta

Pictiúrlann (13 phictiúrlann)	1,862
IFI @ Scoileanna	1,590

Tionchar:

- Rinne 21,000 scoláire Idirbhliana ceiliúradh ar fud na tíre ar na buntáistí a bhaineann le scileanna teanga.
- Thug níos mó ná 1,760 scoil cuairt ar champas ollscoile agus bhí baint acu le gníomhaíochtaí #ThinkLanguages ar an gcampas.
- Thug os cionn 3,400 scoláire cuairt ar phictiúrlann nó bhreathnaigh siad ar scannán sruthaithe i dteanga iasachta a chuir an Institiúid Scannán na hÉireann ar fáil.
- Feasacht mhéadaithe ar chonairí gairme a bhaineann le teanga laistigh den Aontas Eorpach trí chomórtais Sheachtain #ThinkLanguages, ag tacú le straitéis na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Gairm san AE.
- Dúirt 99% de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go molfaidís an t-imeacht do dhaoine eile.
- Fuair 81% de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu amach go raibh scileanna teanga ag comhscoláirí ranga nach raibh aon eolas acu orthu, mar thoradh ar #ThinkLanguages.
- Dúirt 75% de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu gur athraigh an t-imeacht a dtuairim i dtaobh luach na dteangacha.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Seachtain #ThinkLanguages a phleanáil don naoú bliain ón 16-20 Samhain 2026, agus aiseolas agus moltaí ó mhúinteoirí rannpháirteacha á chur san áireamh.
- Leanúint ar aghaidh ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí chun sroicheadh #ThinkLanguages a mhéadú sa phobal i gcoitinne agus an raon gníomhaíochtaí atá ar fáil do scoláirí a leathnú le linn Sheachtain #ThinkLanguages.
- Leanúint ar aghaidh ag treisiú #ThinkLanguages chun tacú le haidhmeanna Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus glacadh teangacha san iar-bhunscoil a mhéadú.
- Comhoibriú tras-roinne a chothú agus a mhéadú, chun tacú le straitéisí ábhartha, amhail comhpháirtíochtaí reatha leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.



Léargas ginearálta:

I mí an Mheithimh 2025, d'eisigh TIBÉ an séú gairm bhliantúil ar iarratais ar mhaoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí múscailte feasachta Languages Connect ag an tríú leibhéal. Tacaíonn na deontais sin le hInstitiúidí Ardoideachais lena gcláir teanga a chur chun cinn agus spreagann siad scoláirí iar-bhunscoile chun machnamh a dhéanamh ar staidéar a dhéanamh ar theanga san ollscoil. Rinne trí Institiúid Ardoideachais déag iarratas agus bronnadh maoiniú €10,000 ar a mhéad orthu.

Príomhaidhmeanna:

- Naisc idir Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna a neartú chun tacú le foghlaim teangacha agus le feasacht chultúrtha.
- Cúrsaí teanga a chuirtear ar fáil ag an tríú leibhéal a chur chun cinn, lena n-áirítear príomhábhair, mionábhair agus cúrsaí roghnacha.
- Feasacht a ardú ar chonairí gairme agus ar dheiseanna chun staidéar a dhéanamh thar lear atá ar fáil trí theangacha.

Gníomhaíocht:

D'fhreastail comhordaitheoirí Institiúidí Ardoideachais ar chruinniú bliantúil na nInstitiúidí Ardoideachais i mí na Bealtaine chun cleachtas a roinnt agus tionscnaimh atá le teacht a phlé. I rith 2025, thug Institiúidí Ardoideachais maoinithe faoi raon leathan gníomhaíochtaí múscailte feasachta. Áiríodh orthu sin rannpháirtíocht i Seachtain #ThinkLanguages agus rannpháirtíocht i dTráth na gCeist bliantúil na Seapáinise, a reáchtáladh in Ollscoil Luimnigh, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tugtar achoimre thíos ar ghníomhaíochtaí breise i rith na bliana.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

- **Márta-Aibreán:** Óstáladh trí imeacht ar an gcampas do 130 scoláire ó Choláiste Pobail Lusca, Coláiste Loreto, Cromghlinn, agus Coláiste Damasa. I measc na ngníomhaíochtaí bhí ceardlanna, cainteanna ó ambasadóirí mac léinn, agus turais threoraithe ar an gcampas.
- **Nollaig:** Thug ambasadóirí foirne agus mac léinn cuairt ar Scoil Naomh Aodán, Coláiste Choilm, Sord, agus an Institiúid Oideachais chun labhairt faoi chlár teanga agus roghanna gairme gaolmhara.

Coláiste Mhuire gan Smál

- **Meán Fómhair:** Rinneadh ceiliúradh ar Lá Eorpach na dTeangacha le hócáid ar fud an choláiste ina raibh cluichí agus idirghníomhaíochtaí ilteangacha i spásanna foirne agus mac léinn araon.
- **Deireadh Fómhair:** Cuireadh staidéar teanga chun cinn le linn dhá Lá Oscailte, le hambasadóirí ag plé le mic léinn agus teaghlaigh ionchasacha trí thaispeántais agus comhráite neamhfhoirmiúla.

Ollscoil Mhá Nuad

- **Eanáir:** Lá Teanga ar an gcampas inar cuireadh an tSínis chun cinn do dhaltai iar-bhunscoile ó Choláiste Chonfaí, Léim an Bhradáin agus ó Choláiste Pobail na Ciseoige.
- **Eanáir:** Óstáladh seisiún eolais ar líne do mhúinteoirí agus do threoirchomhairleoirí.
- **Aibreán & Meitheamh:** Chuir ambasadóirí na mac léinn cúrsaí teanga chun cinn ag Laethanta Oscailte na hOllscoile.

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU)

- **Feabhra:** Thug ambasadóirí na mac léinn cuairt ar Choláiste an Spioraid Naoimh, Baile an Easpaig.
- **Márta:** Óstáladh imeacht malartaithe cultúir "Talk Languages" le tinreamh láidir ó scoláirí thar chláir éagsúla.
- **Aibreán:** Thug ambasadóirí na mac léinn cuairt ar Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh.
- **Samhain:** Thacaigh ambasadóirí na mac léinn le gníomhaíochtaí le linn Lá Oscailte MTU.

Coláiste Ósta na Sionna

- **Meitheamh:** Rinneadh físeán bolscaireachta dhá nóiméad ina bhfuil agallaimh, píosaí scannánaíocht ón seomra ranga, agus eispéiris socrúcháin Bhliain 2, físeán a bhí le roinnt ar shuíomh gréasáin an choláiste agus ar na meáin shóisialta.

Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU)

- **Márta:** Reáchtáladh imeacht "Bain triail as Teangacha" inar bhain na scoláirí triail as trí theanga. Rinne siad iniúchadh ar dheiseanna idirnáisiúnaithe, agus chríochnaigh siad tóraíocht taisce lena bhain téama.
- **Samhain:** Óstáladh imeacht treoirchomhairleoirí ar ar fhreastail 75 duine.

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

- **Eanáir:** Óstáladh dhá imeacht ar an gcampas ar ar fhreastail scoláirí ó roinnt scoileanna i mBaile Átha Cliath, ina raibh ceardlanna, cluichí agus turais timpeall an champais.
- **Samhain:** Seoladh oifigiúil an chomórtais "YouTuber for a Day".
- **Nollaig:** Seisiún eolais ar líne do threoirchomhairleoirí.

Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne

- **Nollaig:** Thug ambasadóirí na mac léinn cuairt ar a n-iarscoil, Coláiste Pobail Mhungairit, chun labhairt faoi staidéar teanga ag an tríú leibhéal agus chun comórtas póstaer a éascú.
- I rith na bliana, chruthaigh ambasadóirí na mac léinn físeáin inar taifeadadh a n-eispéiris Erasmus.

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

- **Aibreán:** Óstáladh an dara searmanas bronnta bliantúil de chuid chomórtais teanga Scoil an Oideachais. Ghlac ionadaithe ó TIBÉ, ambasáidí agus an CNCM páirt.
- **Márta-Aibreán:** Reáchtáladh imeachtaí chun tacú le fochéimithe na chéad bhliana atá ag déanamh staidéar ar theangacha, ina raibh cainteanna ó léachtóirí agus ó mhic léinn bhliain na céime.
- **Aibreán:** Óstáladh imeacht treoirchomhairleoirí le cuir i láthair ó Scoileanna Teangacha, Cultúr agus Teangeolaíochta UCD, Institiúid na hÉireann don Léann Síneach, agus Líonra Gairmeacha UCD.

Ollscoil na Gaillimhe

- **Eanáir-Aibreán:** Reáchtáladh roinnt ceardlann ar theanga agus cultúr na hIodáile, ar an gcampas agus i scoileanna áitiúla ar fud na Gaillimhe agus an Chláir.

Ollscoil Luimnigh

Chuir Ollscoil Luimnigh clár cuimsitheach imeachtaí ar fáil, lena n-áirítear:

- **Eanáir:** Seisiún Lá Oscailte faoi stiúir ambasadóirí teanga agus foireann Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí.
- **Feabhra:** Malartú teanga Sheimeastar an Earraigh agus imeacht "Lá i Saol an Oide Teanga faoi Oilúint" do mhic léinn MGO.
- **Márta:**
 - Rannpháirtíocht i bhFéile Dhomhanda an Earraigh in Ollscoil Luimnigh le léamha litríochta ilteangacha.
 - Óstáladh Oíche Thráth na gCeist Uile-Éireann na Seapáine 2025, ag cur fáilte roimh 23 scoláire ar cuairt.
 - Thaibhigh mic léinn chéad bhliana na Gearmáinise *Die Nacht so groß wie wir*.
- **Aibreán:** Cuireadh seacht mblas-seisiún teanga ar fáil ar líne mar chuid d'Fhéile Foghlama Fadsaoil Luimnigh.
- **Meán Fómhair:** I measc ghníomhaíocht Sheachtain na dTeangacha in Ollscoil Luimnigh bhí Tráth na gCeist ar Mhionfhiricí sa tSeapáinis agus rannpháirtíocht teanga ar fud an champais le tacaíocht ó ambasadóirí.
- **Deireadh Fómhair:** Cuireadh cur i láthair ar theanga agus cultúr na Seapáine ar fáil do scoláirí Idirbhliana ó thrí scoil áitiúla.
- **Deireadh Fómhair:** Thacaigh ambasadóirí na mac léinn le Lá Oscailte dhá lá na hOllscoile.
- **Samhain:** Óstáladh deichniúr scoláirí ardscoile ón tSeapáin mar chuid den Chlár Domhanda Terakoya agus éascaíodh imeacht malartaithe idirchultúrtha.
- **Samhain:** Soláthraíodh rang teagaisc ar chultúr bia na Seapáine a bhí oscailte do ghrúpaí scoláirí éagsúla.
- **Ar siúl:** Tá deichniúr scoláirí Idirbhliana á n-óstáil le haghaidh taithí oibre le linn Sheimeastar 1.

Siompóisiam GELS

Chuir TIBÉ leis an siompóisiam um Chomhionannas Inscne i Léann Teangacha (GELS) in Ollscoil Mhá Nuad, ag cur sonraí náisiúnta ar fhoghlaim teangacha ag an dara leibhéal i láthair chun tacú le plé trasearnála ar rannpháirtíocht, comhionannas agus soláthar curaclaim.

Tionchar:

- Thacaigh léachtóirí Institiúidí Ardoideachas agus ambasadóirí na mac léinn le foghlaim teangacha trína bheith ag plé le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile araon.
- Le cuairteanna ar an gcampas, tugadh deis do scoláirí léargas a fháil ar shaol na hollscoile, ar dheiseanna Erasmus, agus ar chonairí céime a bhaineann le teangacha.
- Thacaigh comhráite piaraí le ambasadóirí na mac léinn le scoláirí chun breathnú ar fhoghlaim teanga mar rud atá inrochtana agus is féidir a dhéanamh.



Na chéad chéimeanna eile:

- Cruinniú bliantúil na nInstitiúidí Ardoideachais a óstáil i mí na Bealtaine 2026 chun leanúint ar aghaidh ag roinnt dea-chleachtais.
- Tacaíocht agus treoir leanúnach a sholáthar d'fhoireann na nInstitiúidí Ardoideachais a sholáthraíonn tionscadail mhaoinithe, lena n-áirítear comórtais, imeachtaí treoirchomhairleoirí, tionscnaimh choinneála, agus gníomhaíochtaí for-rochtana.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh measúnú ar thionchar agus ar luach an mhaoinithe d'Institiúidí Ardoideachais ar chur chun cinn na dteangacha go náisiúnta.

Aiseolas múinteoirí agus scoláirí ó imeachtaí Ardoideachais
agus cuairteanna ó ambasadóirí na mac léinn

Go raibh míle maith agaibh as
ambasadóir na mac léinn a chur in aithne
dom. Rinne sí cur i láthair álainn inniu. Shíl na
scoláirí go raibh sí álainn agus labhair siad go
han-mhaith. Bhí bealach deas léi. Is mór agam gur
tháinig sí amach chun labhairt linn mar bhí sé go
hálainn go raibh deis ag na scoláirí duine a
fheiceáil gar dá n-aois féin a bhí thar a
bheith spreagtha.

Múinteoir

Ba mhaith liom
moladh a thabhairt don bheirt
ambasadóirí mac léinn. Bhí siad AR FHEABHAS.
Rinne siad a seacht ndícheall chun an chaint a dhéanamh
tarraingteach agus ábhartha. Bhí beocht cheart sa scoil inné.
Tá go leor scoláirí ag smaoineamh anois go bhfuil siad ag
iarraidh staidéar a dhéanamh ar theanga mar chuid dá
gcúrsa céime. Chuir siad cuma spráúil ar fhoghlaím teanga
agus thug siad a gcuid scéalta/leideanna pearsanta
féin srl. a d'fhág gurbh éasca dár scoláirí dáimh
a bheith acu leo.

Múinteoir

Ní féidir liom a fheabhas
is a bhí ambasadóirí na mac léinn
lenár scoláirí a chur i bhfocal. Cur i láthair
agus idirghníomhaíocht iontach a bhí ann.
B'fhéidir go mbeidh cuid de na scoláirí sin
ag tabhairt faoin gcúrsa i gceann
cúpla bliain!

Múinteoir

Bhí na cluichí teanga
an-spráúil. Tar éis an imeachta
seo, tá mé ag smaoineamh go dáiríre ar
staidéar a dhéanamh ar theangacha in Ollscoil
Teicneolaíocht Bhaile Átha Cliath. Ba bhreá liom
staidéar a dhéanamh ar champas cosúil le
Gráinseach Ghormáin agus bhí na múinteoirí
an-deas agus cairdiúil.

Scoláire





 35,000 | láthair

 3 Imeacht do Scoláirí



Léargas ginearálta:

In 2025, bhí taispeántas ag TIBÉ ag trí imeacht mórscála eile do scoláirí: Higher Options, Career Options Cork, agus Seó Bóthair Gairme Goethe-Institut. Ag gach imeacht, chuir seastán taispeántais TIBÉ spás tiomnaithe ar fáil do scoláirí, do mhúinteoirí agus do threoirchomhairleoirí chun labhairt le baill foirne a dhéanann speisialtóireacht in oideachas teangacha iasachta. Bhain an fhoireann úsáid as taithí phearsanta agus ghairmiúil chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le staidéar teanga agus ar an raon leathan tacaíochtaí atá ar fáil trí TIBÉ agus Languages Connect.

Príomhaidhmeanna:

- Feasacht a ardú ar na buntáistí pearsanta, sóisialta agus gairme a bhaineann le scileanna teanga agus díograis a chothú i leith na foghlama teanga.
- Aird a tharraingt ar thacaíochtaí TIBÉ, mar shampla ranganna teanga Ardteistiméireachta agus an scagaire Languages Connect ar CareersPortal.ie.
- Léargais a bhailiú ó scoláirí, múinteoirí agus treoirchomhairleoirí maidir le tuiscintí ar fhoghlaim teangacha agus réimsí ina bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil.

Gníomhaíocht:

I rith fhómhar 2025, bhí taispeántas ag TIBÉ ag Higher Options ag an RDS, Baile Átha Cliath, agus Career Options Cork i nDúglas, Co. Chorcaí. Ghlac TIBÉ páirt freisin i Seó Bóthair Gairme Goethe-Institut, arna óstáil ag Scoil Ghearmáinise Naomh Chilllain, Baile Átha Cliath. Thar na himeachtaí go léir, d'oibrigh TIBÉ faoin

mbranda Languages Connect, ag gabháil do chomhráite le scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Bhí scuainí coitianta go maith ag an seastán, rud a léiríonn an t-éileamh méadaitheach ar threoir ar chonairí teanga.

Roinn baill foirne agus Comhlaigh TIBÉ eispéiris saoil óna gcuid staidéir féin agus óna ngairmeacha luatha chun na buntáistí fíorshaoil a bhaineann le scileanna teanga a léiriú. Thacaigh comhpháirtithe comhoibritheacha—lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn, agus Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta—thacaigh siad le teachtaireachtaí comhroinnte ach ábhair Languages Connect a iompar agus a chur chun cinn.



Mheall Higher Options níos mó ná 30,000 duine, lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus treoirchomhairleoirí. Mheall Career Options Cork beagnach 5,000 scoláire ó 55 scoil i gCúige Mumhan, rud a chuir ardán láidir réigiúnach ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta.

Ag Seó Bóthair Gairme Goethe-Institut, bhuail thart ar 150 scoláire Gearmáinise le hionadaithe tionscail agus chuala siad faoi ghairmeacha a éilíonn scileanna Gearmáinise. Chuir TIBÉ comhairle ar scoláirí maidir le conairí oideachais, deiseanna staidéir thar lear, agus an luach pearsanta a bhaineann le foghlaim leanúnach teanga.

Tionchar:

- Feasacht mhéadaithe ar thacaíochtaí TIBÉ agus Languages Connect i measc níos mó ná 35,000 duine a d'fhreastail ar Higher Options agus Careers Options Cork.
- Tuiscint neartaithe ar na buntáistí a bhaineann le scileanna teanga do chonairí oideachais agus gairme sa todhchaí.
- Comhoibriú feabhsaithe le taispeántóirí agus comhpháirtithe ábhartha, ag treisiú ról TIBÉ mar an t-údarás náisiúnta ar oideachas teangacha iasachta.
- Tá taispeántais leanúnacha ag mórimeachtaí scoláirí tar éis TIBÉ/Languages Connect a shuíomh mar an fhoinse is mó tóir i gcás eolas a bhaineann le teangacha, rud a léirítear trí na leibhéil ardaithe rannpháirtíochta ag an seastán.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Láithreacht TIBÉ/Languages Connect a choinneáil ag príomhimeachtaí scoláirí in 2026.
- Leathnú a dhéanamh ar shroicheadh geografach na ngníomhaíochtaí múscaillte feasachta trí thaispeántais i ngach cúige nuair is féidir.
- Comhoibriú a dhóimhniú le comhpháirtithe ar nós na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a thacaíonn le teachtaireachtaí comhroinnte agus a chuireann litríocht Languages Connect chun cinn ag a seastáin féin.

Léargas ginearálta:

Oibríonn TIBÉ go dlúth le hambasáidí agus le hinstitiúidí cultúrtha chun riachtanais san oideachas teanga a aithint, acmhainní ábhartha agus deiseanna soghluaisteachta do mhúinteoirí agus do scoláirí a iniúchadh, agus sineirgí a fhorbairt a chuireann foghlaim teangacha iasachta chun cinn agus a thacaíonn léi go náisiúnta.

Príomhaidhmeanna:

- Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe i réimsí amhail uasoiliúint teanga, soghluaisteacht, scéimeanna na gCúntóirí Teanga Iasachta (CTI) agus na gCúntóirí Béarla (SCB), #ThinkLanguages, agus Oíche Chultúir.
- Feasacht a mhéadú ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha iasachta.
- Réigiúin a bhfuil spéis nó éileamh orthu ar thacaíochtaí teanga oidhreachta a shainaithint.
- Deiseanna comhoibrithe a fhiosrú chun tacaíochtaí uasoiliúna teanga a chur ar fáil atá dírithe ar mhúinteoirí bunscoile.
- Tacaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh atá rannpháirteach sa chlár CTI.
- Páirt a ghlacadh in imeachtaí idirnáisiúnta atá dírithe ar oideachas teanga.
- Tacaíochtaí agus acmhainní TIBÉ a scaipeadh ar fud líonraí ambasáidí agus institiúidí cultúrtha.

Gníomhaíocht:**Tacaíocht agus Acmhainní do Theagasc agus d'Fhoghlaim Teangacha:**

- Thacaigh TIBÉ le hambasáidí agus le hinstitiúidí cultúrtha le cláir ionduchtúcháin do CTInna agus do bhaill foirne ar cuairt, lena n-áirítear seisiúin ag an ionduchtú náisiúnta do CTInna arna n-óstáil ag an Roinn Oideachais agus Óige agus tacaíocht ionduchtúcháin do bhaill foirne in Institiúid Chonfúcias, UCC.
- Thacaigh Ambasáid na Seapáine le hiarratas TIBÉ chuig Fondúireacht na Seapáine leanúint ar aghaidh le Comhairleoir Seapáinise tiomnaithe a fháil ar iasacht, a d'fhan i bhfeidhm le linn 2025.
- Chuir TIBÉ feabhas ar fhor-rochtain Ambasáid na Seapáine trí aird a tharraingt ar an áit a múintear Seapáinis ar fud na hÉireann agus trí chainéil chumarsáide a fheabhsú le scoileanna.
- Chuir TIBÉ comhairle ar fáil d'Ambasáid na Cóiré maidir le forbairt acmhainní chun cultúr na Cóiré a chomhtháthú i scoileanna na hÉireann.

Comórtais:

- Lean TIBÉ lena chomhoibriú fadtéarmach leis an Consejería de Educación de la Embajada de España en Dublín, La Junta de Castilla y León, agus Oifig Thurasóireachta na Spáinne i mBaile Átha Cliath chun comórtas físe bliantúil Spáinnise a chur ar fáil do scoláirí sa chúigiú bliain agus a gcuid múinteoirí.

In 2025, bronnadh cúrsaí teanga uasoiliúna ar sheisear scoláirí agus triúr múinteoirí in Castilla y León. Neartaíonn an comórtas inniúlacht teanga agus chultúrtha ach scoláirí a spreagadh chun dul i ngleic go cruthaitheach le teanga agus cultúr na Spáinne.

Imeachtaí agus Ceiliúradh:

In 2025, d'fhreastail TIBÉ ar raon leathan imeachtaí ambasáide agus institiúidí cultúrtha, ag neartú naisc thaidhleoireachta, chultúrtha agus oideachais. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí:

- Freastal ar cheiliúradh arna n-óstáil ag ambasáidí na Portaingéile, na Fraince, na Brasaíle, na hIodáile, na Cóiré, na Seapáine agus na hEilvéise.
- Rannpháirtíocht in imeachtaí lena n-áirítear Lá Domhanda na Portaingéilise, Lá Bastille, Lá Saoirse na Brasaíle, imeacht páirtithe leasmhara Ambasáid na Cóiré, agus ceiliúradh lá breithe Impire na Seapáine.
- Rannpháirtíocht le himeachtaí Alliance Française, chun comhpháirtíochtaí cultúrtha agus teanga a threisiú tuilleadh.
- Rannpháirtíocht i Searmanais Duaiseanna Chumann Múinteoirí Fraincise na hÉireann (AIPLF) ag áit chónaithe Ambasadóir na hEilvéise, ag tacú le naisc fhadbhunaithe le líonraí oideachais teanga.

Comhoibriú agus Cruinnithe:

D'óstáil TIBÉ cruinnithe aonair i rith 2025 le hionadaithe ó go leor ambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun deiseanna nua a iniúchadh agus tógáil ar an gcomhar atá ann cheana.

I measc na bpríomhchruinnithe bhí:

- Cruinnithe le hionadaithe ó ambasáidí na Gearmáine, na hIodáile agus na hEilvéise chun tacú le hobair chomhoibríoch.
- Cruinniú le toscaireacht ón Lárionad um Oideachas agus Comhar Teanga (CLEC) sa tSín agus le hionadaithe ó Institiúidí Chonfúcias na hÉireann chun plé a dhéanamh ar dheiseanna chun oideachas teanga na Síne a fhorbairt tuilleadh.
- Meán Fómhair 2025: Cruinniú le hAmbasáid na Gearmáine chun comhoibriú leanúnach a phlé, lena n-áirítear tacaíocht Ghearmáinise don scéim CTL.
- Deireadh Fómhair 2025: Cruinniú le hAmbasadóir na hEilvéise ag fiosrú tosaíochtaí comhroinnte san oideachas teanga.
- Samhain 2025: Cruinniú le hAmbasadóir na hIodáile, Stiúrthóir Institiúid Chultúrtha na hIodáile, Uachtarán Comites, agus Comhchathaoirleach Chumann na Múinteoirí Iodáilise/Associazione Insegnanti di Italiano chun plé a dhéanamh ar sholáthar na hIodáilise agus deiseanna uasoiliúna do mhúinteoirí a neartú.
- Comhoibriú leanúnach le hAmbasáid na Seapáine, lena n-áirítear tacaíocht do Chlár Teagaisc Malartaithe na Seapáinise (JET). Thug TIBÉ cur i láthair freisin ar an ionduchtú do rannpháirtithe an Chláir JET sula dtéann siad.
- Comhpháirtíochtaí leanúnacha le hinstitiúidí cultúrtha chun deiseanna uasoiliúna teanga iasachta a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile trí chomhaontuithe seirbhíse maoinithe.

Múscailt Feasachta:

- Chomhoibrigh TIBÉ le go leor de na ambasáidí agus na hinstitiúidí cultúrtha ar iarrachtaí múscailte feasachta, amhail Oíche Chultúir, chun feasacht a mhéadú ar theangacha na n-ambasáidí sin, agus ar na tacaíochtaí a chuireann TIBÉ ar fáil do na teangacha sin.
- In 2025, chuaigh ceithre institiúid chultúrtha isteach i Seachtain #ThinkLanguages mar chomhpháirtithe den chéad uair, ag leathnú líonra comhpháirtíochta an chlár. D'óstáil siad imeachtaí ar an láthair, thairg siad ceardlanna, thug siad aoichainteanna, agus chuir siad acmhainní foghlama ar líne ar fáil, le níos mó ná 190 scoláire ag freastal ar imeachtaí ar an láthair.

Cruinniú le Stiúrthóir Feidhmiúcháin
nua Alliance Française, Pierre-
Emmanuel Jacob



Cuairt ar Ambasáid na Gearmáine



Imeacht Lá Saoirse na Brasaíle



Cuairt CLEC na Síne



Ambasáid na Cóiré



Ambasáid na hEilvéise

Tionchar:

- Leathnaíodh sroicheadh chur chun cinn teanga trí chomhpháirtíochtaí nua, lena n-áirítear rannpháirtíocht na n-institiúidí cultúrtha den chéad uair i Seachtain #ThinkLanguages.
- Deiseanna neartaithe soghluaisteachta agus uasoiliúna trí chomórtais agus cúrsaí teanga thar lear a fhaigheann tacaíocht ó ambasáidí.
- Acmhainn teanga múinteoirí bunscoile mhéadaithe trí thionscnaimh uasoiliúna leanúnacha a chuirtear ar fáil le h-institiúidí cultúrtha.
- Tacaíodh le feabhas a chur ar cháilíocht, ionduchtú agus inbhuanaitheacht na gclár CTI, Cúntóirí Béarla agus JET trí dhlúthchomhoibriú le h-ambasáidí.
- Músclaíodh feasacht ar éagsúlacht teanga, ar theangacha oidhreacht, agus ar theangacha tearctheagasctha trí thionscnaimh chomhpháirteacha múscailte feasachta.
- Doimhníodh naisc straitéiseacha idir oideachas, cultúr agus taidhleoireacht, agus TIBÉ á shuíomh mar chomhpháirtí iontaofa maidir leis an ilteangachas a chur chun cinn.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag bualadh go rialta le hionadaithe ambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuilleadh deiseanna comhoibrithe a aithint.
- Córais a iniúchadh chun soláthar agus rochtain ar theangacha curaclaim a tugadh isteach le déanaí a mhéadú.
- Deiseanna a threisiú chun acmhainn teanga a fhorbairt i scoileanna trí ghlacadh níos mó a spreagadh i Scéim na gCúntóirí Béarla.
- Leanúint ar aghaidh ag fiosrú conas tacú níos fearr leis an scéim CTInna don oideachas teanga in Éirinn agus í a ghíaráil, go háirithe i gcomhthéacs thabhairt isteach na Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile.



18 dTeanga



294 Rannpháirtí

Léargas ginearálta:

D'óstáil TIBÉ agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn imeacht Oíche Chultúir in Áras na hEorpa chun Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúradh. Leis an ócáid cuireadh blasranganna teanga ar fáil in 18 dteanga éagsúla, rud a thug deis uathúil don phobal éagsúlacht teanga a fhiosrú agus taithí a fháil ar theangacha i suíomh tarraingteach, neamhfhoirmiúil.

Príomhaidhmeanna:

- Réimse leathan blasranganna teanga a chur ar fáil trí imeacht poiblí ar scála mór.
- Tábhacht agus infheictheacht teangacha iasachta a chur chun cinn trí ardáin chultúrtha náisiúnta.
- Ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 30 bliain ó tháinig an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn isteach san AE trí Ghearmáinis, Fionlainnis agus Sualainnis a thairiscint.
- Gníomhaíochtaí Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha a thabhairt le chéile chun infheictheacht agus rannpháirtíocht a uasmhéadú.

Gníomhaíocht:

Reachtáladh dhá imeacht in 2025:

Oíche Chultúir - Áras na hEorpa, Baile Átha Cliath (19 Meán Fómhair)

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe freastal ar an láthair, trí réamhchhlárú nó bualadh isteach. Cuireadh deich dteanga ar fáil mar chuid den chlár: Araibis, Sínis, Cróitis, Gearmáinis, Seapáinis, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), Polainnis, Portaingéilis, Spáinnis agus Sualainnis. Bhí an ócáid mar chuid de Chonair Chultúrtha Eorpach arna comhordú le hInstitiúidí Náisiúnta Cultúir an AE. D'fhéadfadh cuairteoirí stampa a bhailiú dá "bpas" nuair a d'fhreastail siad ar bhlas-seisiún teanga

Lá Eorpach na dTeangacha - Imeacht ar Líne (26 Meán Fómhair)

Leathnaigh an dara sraith ranganna ar líne an tairiscint le hocht dteanga bhreise: Danmhairgis, Fraincis, Fionlainnis, Gréigis, Gaeilge, Iodáilis, Máltais, agus Úcráinis.

Le linn an dá oíche, ghlac 294 rannpháirtí páirt i mblasranganna, rud a léiríonn spéis láidir an phobail agus rannpháirtíocht éagsúil teanga.

Tionchar:

- Bhí feiceálacht láidir ar theangacha trí Oíche Chultúir, mórócáid náisiúnta a mheallann lucht féachana poiblí forleathan.
- Ghlac beagnach 300 duine páirt i mblasranganna ar fud an dá oíche.
- Thug 100% de fhreagróirí an tsuirbhé le fios go molfadís an ócáid do chara.
- Dúirt 83% de rannpháirtithe Oíche Chultúir gur bhraith siad spreagtha chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim na teanga a bhfuair siad blaiseadh di.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag óstáil imeachtaí Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha in 2026.
- Deiseanna nua a iniúchadh chun infheictheacht do theangacha a mhéadú tuilleadh le linn Oíche Chultúir.
- Smaoineamh ar an raon teangacha a chuirtear ar fáil a leathnú.



"Bhí an rang TCE
rud beag scanrúil ar dtús
ach ba é an rud is fearr
chun cabhrú liom foghlaim
ná bheith caite
isteach ann."

"Rang iontach,
an-siamsúil."

"Ócáid iontach
a bhí ann, táim ag tnúth
le níos mó ócáidí
mar seo!"

"Deis an-luachmhar
chun taitneamh a bhaint
as teanga agus cultúr
difriúil a fhoghlaim."

"Ócáid iontach
a bhí ann, táim ag tnúth
le níos mó ócáidí
mar seo!"

"Bhí David iontach,
bhaineamar an-
taitneamh as an ócáid
seo! Arigato!"




19 gCinn d'Fhórais agus Imeachtaí

Léargas ginearálta:

Ghlac TIBÉ páirt i raon leathan comhdhálacha agus imeachtaí páirtithe leasmhara in 2025. Chuir na rannpháirtíochtaí sin deiseanna ar fáil chun tionscadail TIBÉ a roinnt, aird a tharraingt ar dhea-chleachtas san oideachas teanga, comhpháirtíochtaí a dhoimhniú, agus comhoibriú nua a spreagadh ar fud na hearnála.

Príomhaidhmeanna:

- Eolas a scaipeadh faoi obair TIBÉ maidir le tacú le cur i bhfeidhm na bpríomhghníomhartha sa Straitéis Languages Connect.
- Léargas a thabhairt do mhúinteoirí, do phríomhoidí agus do pháirtithe leasmhara ar thábhacht na dteangacha iasachta ón mbunoideachas go dtí an t-iar-bhunoideachas, an tríú leibhéal, agus níos faide anonn.
- Plé ar fhoghlaim teangacha agus forbairtí curaclaim a éascú.
- Acmhainní agus tacaíochtaí a d'fhorbair TIBÉ a roinnt.
- Comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara a neartú agus a leathnú.





Gníomhaíocht:

Le linn 2025, thug TIBÉ cur i láthair nó bhí taispeántas aige ag na himeachtaí seo a leanas

- Comhdháil AIPLF (Cumann Múinteoirí Fraincise na hÉireann)
- Comhdháil ATI (Líonra Gairmiúil Múinteoirí Iodáilise)
- Comhdháil ATS (Líonra Gairmiúil Múinteoirí Spáinnise)
- Experience Japan
- Comhdháil GDI (Líonra Gairmiúil Múinteoirí Gearmáinise)
- Comhdháil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
- Comhdháil Oideachais INTO
- Comhdháil Chomhairleach INTO ar Oideachas
- Comhdháil IPPN (Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann)
- Comhdháil JLTÍ (Múinteoirí Seapáinise na hÉireann)
- An Fhéile 'Mother Tongues'
- Comhdháil Chomhairleach CNCM
- Fóram Oideachais Bunscoile (Treochlár Creatchuraclam Nua na Bunscoile)
- An tImeacht *Why Languages Matter* in Ionad Oideachais Laoise, lena n-áirítear ceardlann ar *Mhúinteoirí mar Eiseamláirí Breisteangacha: Cumas Gníomhúcháin Teanga a Aithint agus a Aisghabháil*

Tionchar:

- Lig rannpháirtíocht TIBÉ do scaipeadh níos leithne acmhainní agus tacaíochtaí ar pháirtithe leasmhara teanga ar fud na tíre.
- Chabhraigh freastal ar imeachtaí chun deiseanna nua a aithint le haghaidh comhoibrithe agus scaipeadh breise.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim ábhartha chun feasacht a mhúscailt, tacú le hoideachas teangacha iasachta, agus deiseanna a aithint atá ailínithe le gníomhartha Languages Connect.
- Leanúint ar aghaidh le scaipeadh tacaíochtaí agus acmhainní ar mhúinteoirí agus ar pháirtithe leasmhara.
- Tógáil ar chomhpháirtíochtaí chun teachtaireachtaí a sheachadadh atá fóinteach agus ábhartha do phobail scoile.

Tá cuid mhór d'obair TIBÉ bunaithe ar thaighde. Tacaíonn taighde le monatóireacht, meastóireacht agus forbairt straitéiseach. Spreagtar baill foirne chun cur i láthair a dhéanamh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun torthaí a roinnt agus líonraí acadúla agus gairmiúla a neartú.

Comhdháil Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile

I mí Feabhra 2025, ghlac TIBÉ páirt i gComhdháil Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile i mBaile Átha Cliath. Thug an ócáid seo ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara na Sraithe Sinsearaí le chéile chun dul i ngleic le forbairtí leanúnacha in oideachas na Sraithe Sinsearaí. Phléigh TIBÉ go díreach leis an lucht freastail maidir le ról na nuatheangacha iasachta sa tsraith Shinsearach, ag cur le plé ar fud na hearnála agus ag neartú naisc le ceannaireacht scoile agus le hionadaithe na Roinne Oideachais agus Óige.

Departament d'Educació de Catalunya (Barcelona)

I mí na Bealtaine 2025, tugadh cuireadh do Kenia Puig cuir chuige Éireannacha a chur i láthair maidir le héagsúlacht teanga a chur chun cinn ag an iar-bhunleibhéal. Thug sí cur i láthair ag cur síos ar obair TIBÉ laistigh den straitéis Languages Connect agus d'éascaigh sí ceardlann do cheannairí scoile na Catalóine maidir le húsáid fhoireann uirlisí féinmheastóireachta SIAÁS d'fhorbairt teanga scoile uile.

FCÁT Domhanda 2025

I mí an Mheithimh 2025, chuir Laura Quigley i láthair *Navigating CLIL Implementation and Transforming MFL Teacher Practice in Ireland: Insights from a National Pilot at World CLIL 2025*, a tionóladh in Ollscoil Mhá Nuad. Chuir Wanlin Li, Oifigeach Forbartha TIBÉ, *Enhancing Learning for Students with Dyslexia: A Story with Mandarin and CLIL* i láthair thar ceann fhoireann taighde TIBÉ.

Fóram Oideachais API (Fóram an Chumainn um Oideachas Ilteangacha agus Idirchultúrtha)

I mí Mheán Fómhair 2025, thug Kenia Puig cur i láthair a chuir le plé tras-Eorpach ar oideachas breisteangach, idirchultúrtha agus oideachas arna threorú ag Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Institiúid Oideachais Arabach na hÉireann - Qatar Foundation International (UCD)

Thug Qatar Foundation International cuireadh do Kenia Puig cur i láthair a dhéanamh ag céad Institiúid Oideachais Arabach na hÉireann an 28-29 Deireadh Fómhair 2025. Labhair sí ar leasuithe náisiúnta ar oideachas teanga agus ar thacaíochtaí chun an Araibis a fhorbairt mar nuatheanga iasachta.

Comhdháil Bhliantúil IRAAL 2025

Ar an 21 Samhain 2025, chuir Karen Ruddock *The Impact of PPLI on Language Education in Ireland: Learning from the past, looking into the future*. Chuir Salvo Cacciato, i gcomhpháirtíocht le Jane O'Toole ó Scoil Chrónáin, taighde TIBÉ i láthair freisin ar an gclár Cuir Fáilte Roimh Theangacha: *Say Yes to Languages: Paving the Way for the Introduction of MFL to the Primary School Curriculum*.

250 Bliain de Nuatheangacha lasachta ag an Tríú Leibhéal

Ar an 28 Samhain 2025, bhí Karen Ruddock ina cathaoirleach ar an bpainéal 'Ilteangachas agus Nuatheangacha i Scoileanna na hÉireann', le Francesca La Morgia mar phainéalaí. Reáchtáladh an ócáid ar fud Ollscoil Luimnigh agus Choláiste Mhuire gan Smál.

Foilseacháin in 2025

- Karjagdi Çolak, M., Puig I Planella, K., & Vrettou, A. (2025). *Reconstructing professional identity through collaboration in pluralistic approaches*. *European Journal of Teacher Education*.
- La Morgia, Francesca (2025). *La famiglia multilingue. Genitori e figli nella trasmissione linguistica intergenerazionale*. Milano: Meltemi.
- La Morgia, Francesca (2025). *Translanguaging and Bilingual First Language Acquisition*. Modúl Tagartha sna hEolaíochtaí Sóisialta, Elsevier.

Tionchar:

- Neartaigh rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach an comhoibriú le comhpháirtithe acadúla agus leathnaigh sí scaipeadh torthaí taighde.
- Thacaigh cuir i láthair le plé náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ilteangachas agus ar an oideachas teanga.



Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le comhpháirtithe acadúla agus ag cur taighde ábhartha i láthair ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun nuálaíocht san oideachas teanga a chur chun cinn.



20 Teanga.



133 Rannpháirtí



Léargas ginearálta:

Spreagann Léamhatón SI páistí chun an oiread leabhar agus is féidir a léamh i rith mhí na Samhna agus airgead á bhailiú do Scléaróis Iolrach Éireann (SI Éireann). Tá TIBÉ ag comhoibriú le SI Éireann le sé bliana anuas ach urraíocht a dhéanamh ar dhuais i gcatagóir speisialta teanga iasachta, ag tacú le foghlaim teangacha agus le litearthacht araon.

Príomhaidhmeanna:

- Páistí a spreagadh chun léamh i dteanga nach Béarla ná Gaeilge í.
- Tábhacht na léitheoireachta i dteanga oidhreachta a chur chun cinn do thuismitheoirí.
- Feasacht a mhéadú ar Léamhatón SI agus ar an modúl bunscoile Cuir Fáilte Roimh Theangacha trí thras-chur chun cinn.

Gníomhaíocht:

Chuir Languages Connect Léamhatón SI chun cinn trína chainéil chumarsáide agus spreag sé daoine óga chun leabhair i dteanga iasachta a léamh agus léirmheas a thabhairt orthu. Thug an comórtas deis do pháistí léirmheasanna a chur isteach ar líon ar bith leabhar sa teanga ba rogha leo.

Thapaigh na páistí an deis, ag cur léirmheasanna isteach ar fud 20 teanga, lena n-áirítear: Araibis, Boisnis, Bulgáiris, Cróitis, Ollainnis, Fraincis, Gearmáinis, Ungáiris, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis, Mandairinis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Seirbis, Spáinnis, Tuircis, agus Úcráinis. Spreagadh tuismitheoirí chun tacú leis an léitheoireacht sa bhaile i dteanga oidhreachta a dteaghlai.

Léigh buaiteoirí chatagóir Languages Connect leabhair i bPortaingéilis agus i Spáinnis.

Cuireadh an comórtas chun cinn ar shuíomhanna gréasáin agus ar mheáin shóisialta Languages Connect agus SI Éireann. Cuireadh earraí bolscaireachta Languages Connect san áireamh i bpacáistí clárúcháin Léamhatón SI chomh maith, rud a chuidigh le feachtas a mhúscaill ar fhoghlaím teangacha agus a neartaigh naisc leis an modúl Cuir Fáilte Roimh Theangacha do dhaltai bunscoile.

Tionchar:

- Spreag an comhoibriú grúpa i bhfad níos leithne páistí ar fud na tíre chun léamh i dteangacha iasachta agus mhúscaill sé feachtas ar luach scileanna teanga i measc daltaí agus tuismitheoirí.
- Thacaigh an tionscnamh le leanaí chun a dteangacha oidhreachta a choinneáil nó chun ceangal a dhéanamh leo an athuair.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le Léamhatón SI in 2026 agus deiseanna a uasmhéadú chun teangacha a chur chun cinn do na mílte rannpháirtí atá páirteach sa tionscnamh náisiúnta seanbhunaithe seo.
- Leanúint ar aghaidh leis an gcomórtas Léamhatón SI a chur chun cinn i measc scoileanna agus daltaí atá páirteach sa mhodúl Cuir Fáilte Roimh Theangacha.





421 I láthair ag an gComhdháil



2,000 Treoirchomhairleoir Bainte Amach

Léargas ginearálta:

Soláthraíonn TIBÉ acmhainní soiléire, cothrom le dáta do threoirchomhairleoirí chun tacú le comhráite le scoláirí agus tuismitheoirí faoi nuatheangacha iasachta (NTI), rogha ábhair, agus conairí isteach go staidéar breise agus gairmeacha. Trí chomhoibriú fairsing le páirtithe leasmhara náisiúnta, oibríonn TIBÉ chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach ag scoileanna chun scoláirí a threorú go héifeachtach ag príomhphointí aistrithe.

Príomhaidhmeanna:

- Feasacht a mhéadú i measc treoirchomhairleoirí ar na buntáistí pearsanta agus gairmiúla a bhaineann le teanga iasachta a fhoghlaim.
- Faisnéis ábhartha a chur ar fáil chun tacú le plé ar roghanna ábhair NTI agus ar sholáthar scoilbhunaithe.
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun eolas agus tacaíochtaí a scaipeadh ar threoirchomhairleoirí, ar scoláirí, ar thuismitheoirí agus ar phobail scoile.

Gníomhaíocht:

Le linn 2025, lean TIBÉ ar aghaidh ag cur acmhainní treorach Languages Connect chun cinn ar fud ardáin dhigiteacha agus phearsanta.


I mí na Mhárta 2025, bhí taispeántas ag TIBÉ ag Comhdháil Bhliantúil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC) sa Mhuileann gCearr, áit a raibh os cionn 400 duine i láthair. Thacaigh Comhlaigh TIBÉ a bhfuil saineolas acu ar threoirchomhairleoireacht leis an seastán agus thug siad ceardlann dar teideal: Empowering Futures: Language Learning for Careers, Wellbeing, and Heritage Identity. Leagadh béim sa cheardlann ar an gcaoi a dtacaíonn foghlaim teangacha le hinfhostaitheacht, le scileanna idirchultúrtha, le folláine agus le féiniúlacht oidhreacht. Deis a bhí sa chomhdháil freisin an acmhainn nuashonraithe dar teideal "Staidéar a dhéanamh ar Theangacha Iasachta don Ardteistiméireacht agus níos faide i gcéin" a dháileadh.

I mí na Bealtaine 2025, d'fhreastail TIBÉ ar imeacht Threoir Feadh an tSaoil na Roinne, ag neartú tuiscint trasearnála agus caidrimh le príomhpháirtithe leasmhara treorach.

I mí na Samhna 2025, d'éascaigh TIBÉ a chéad Treoir Scoile Uile náisiúnta do Phobal Cleachtais Múinteoirí NTI. Thacaigh an seisiún le múinteoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil foghlaim teangacha suite laistigh de struchtúir treorach scoile uile agus thacaigh sé leo glacadh NTI a chur chun cinn.

Comhoibriú le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC)

Le linn 2025, lean TIBÉ lena chomhoibriú leis an IGC, trí nuashonruithe rialta a thabhairt do bhaill IGC agus cruinnithe chun comhoibriú a phlé agus a neartú.



Comhoibriú le CareersPortal.ie


Bhí comhpháirtíocht TIBÉ le CareersPortal.ie lárnach i gcumarsáid treorach i gcónaí in 2025. Áiríodh an méid a leanas leis na gníomhaíochtaí:

- Ailt Languages Connect a chur san áireamh go míosúil i nuachtlitreacha CareersPortal.
- Tíl Languages Connect atá le feiceáil i ngach ceann de na 33 earnáil ghairme ar an suíomh gréasáin.
- Nuashonruithe rialta ar na meáin shóisialta lena gcuirtear ábhar a bhaineann le teanga chun cinn.
- Nuashonruithe leanúnacha ar Aimsitheoir Cúrsaí Languages Connect a chinntigh gur liostaíodh gach cúrsa tríú leibhéal ina bhfuil teanga mar mhórábhar, mionábhar nó ábhar roghnach.

Tionchar:

- Feasacht fheabhsaithe i measc treoirciomhairleoirí ar ról na dteangacha i roghnú ábhair, i staidéar breise, agus i gconairí gairme
- Rannpháirtíocht láidir le hábhar a bhaineann le teanga ar CareersPortal.ie, lena n-áirítear:
 - 290,000 cuairteoir ar leathanaigh na hearnála teanga
 - 25,000 cuairteoir ar fhíseáin gairme teanga
 - 25,000 cuairteoir ar leathanaigh rogha ábhair teanga

Aiseolas dearfach ó rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí a dhírigh ar threoir:



➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Ról Comhlaigh Threorach TIBÉ a leathnú chun rannpháirtíocht le treoirchomhairleoirí a neartú tuilleadh.
- Comhoibriú a mhéadú le páirtithe leasmhara amhail IGC, Careers Portal, agus seirbhísí gairmiúla eile chun treoir a bhaineann le teanga a scaipeadh tuilleadh.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar TIBÉ ag Comhdháil Bhliantúil IGC 2026 i mBaile Átha Cliath.
- Acmhainn nua a fhorbairt chun cabhrú le treoirchomhairleoirí tacú le hiarratais scoláirí ar ranganna teanga Ardteistiméireachta TIBÉ.



3 Phobal Cleachtais



1 Acmhainn Bhreise

Léargas ginearálta:

Cuireann Foireann Uirlisí Oíche Oscailte 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' sraith acmhainní ar fáil chun tacú le múinteoirí oícheanta oscailte a ullmhú ina scoileanna. Cuireann an fhoireann uirlisí blasghníomhaíochtaí tarraingteacha ar fáil atá deartha chun glacadh na nuatheangacha iasachta sa tSraith Shóisearach a spreagadh.



Príomhaidhmeanna:

- Tacú le múinteoirí cuir i láthair gníomhaíochtaí tarraingteacha agus a ullmhú d'oícheanta oscailte.
- Acmhainní a chur ar fáil a chuidíonn le glacadh NTL a chur chun cinn i measc scoláirí ionchais na chéad bhliana.

Gníomhaíocht:

Chun feachtas a mhúscailt agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí a úsáideann an fhoireann uirlisí, chuir TIBÉ trí cinn de Phobail Chleachtais 'Spreag Glacadh NTL i do Scoilse' ar fáil i mí Mheán Fómhair 2025, lena n-áirítear ceann trí Ghaeilge i gcomhar le COGG (an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta). Dhírigh na seisiúin seo ar an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí an leas is fearr a bhaint as an bhfoireann uirlisí le scoláirí ag tosú sa chéad bhliain.

Forbraíodh agus foilsíodh Acmhainn Bhreise nua d'Foireann Uirlisí Oíche Oscailte in 2025. Tá sí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus cuirtear tuilleadh smaointe ar fáil inti chun spéis a spreagadh in NTInna agus tá eolas inti maidir le tacaíocht bhreise scoile uile a iarraidh ó TIBÉ. Chláraigh 109 múinteoir san iomlán do na seisiúin i mí Mheán Fómhair.

Aiseolas:

"An-fhaisnéiseach mar is gnách agus tugann tú rud nua amháin leat i gcónaí le triail a bhaint as."

"Úsáidfidh mé roinnt smaointe ag an Lá Oscailte nár smaoinigh mé orthu roimhe seo!"

Tionchar:

- Feachtas mhéadaithe i measc páirtithe leasmhara maidir leis an raon tacaíochtaí atá ar fáil agus conas is féidir iad a úsáid chun glacadh teanga a spreagadh.

➔ Na chéad chéimeanna eile:

- Sraith seisiún ar líne a chur ar fáil i mí Mheán Fómhair 2026 chun tacú le glacadh NTL ag iontráil san iar-bhunscoil agus ag pointí aistrithe ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach.
- Tabhairt faoi athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfoireann uirlisí agus ar an acmhainn bhreise chun a chinntiú go bhfanann an dá cheann ábhartha, tarraingteach agus freagrúil do riachtanais scoileanna.



8 Seisiún Eolais ar Líne

Léargas ginearálta:

D'fhonn an chumarsáid le scoláirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí a neartú maidir le conairí teanga na hArdteistiméireachta, chuir TIBÉ clár seisiún eolais ar líne ar fáil in 2025. Díríodh sna seisiúin seo ar theangacha curaclaim a tugadh isteach le déanaí agus ar theangacha tearctheagasctha, chomh maith le scrúdú neamhchuraclaim Úcráinis na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach den chéad uair i mí an Mheithimh 2025.

Bhí sé mar aidhm ag na seisiúin seo an lucht freastail a chur ar an eolas faoi dhoiciméid ábhartha curaclaim agus eolas faoi scrúduithe stáit.

Príomhaidhmeanna:

- Feasacht a ardú i measc tuismitheoirí agus scoláirí maidir le príomhthacaíochtaí agus príomhfhaisnéis atá ar fáil ó TIBÉ agus ó ghníomhaireachtaí eile.
- Tacú le tuismitheoirí scoláirí reatha agus ionchais na dteangacha curaclaim a tugadh isteach le déanaí agus na dteangacha tearctheagasctha.
- Páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le príomhfhorbairtí sna sonraíochtaí nua agus iad a phlé leo.

Gníomhaíocht:

In 2025, chuir TIBÉ cúig sheisiún eolais ar líne ar fáil do thuismitheoirí agus do scoláirí a raibh suim acu sna teangacha curaclaim Ardteistiméireachta a tugadh isteach le déanaí agus sna cinn tearctheagasctha, lena n-áirítear an Liotuáinis, an Mhandairínis, an Pholainnis, an Phortaingéilis agus an Rúisis. Ghlac 358 duine páirt san iomlán. Clúdaíodh sna seisiúin sonraíochtaí curaclaim, cáipéisíocht tacaíochta, riachtanais scrúduithe stáit agus cleachtais éifeachtacha staidéir ar scoil agus sa bhaile. Rinneadh cur chun cinn trí líonraí pobail áitiúla, cainéil meán sóisialta agus ambasáidí ábhartha.

Ina theannta sin, chuir TIBÉ tacaíocht spriocdhírthe ullmhúcháin do scrúduithe Ardteistiméireachta ar fáil do scoláirí Rúisise don dara bliain as a chéile. Mheall seisiún ar líne a rinneadh trí Rúisis 82 clárúchán ó scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain.

Ag an am céanna, thacaigh TIBÉ le scoláirí a bhí ag ullmhú do scrúdú neamhchuraclaim Úcráinis na hArdteistiméireachta le trí sheisiún eolais tiomnaithe ar líne a cuireadh ar fáil i mí Eanáir, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025. Chláraigh 500 rannpháirtí san iomlán sna seisiúin seo. Chun cur leis na seisiúin, d'fhorbair agus d'aistrigh TIBÉ bileog eolais tiomnaithe, a sholáthraíonn treoir shoiléir do scoláirí maidir le conas ullmhú don scrúdú.

Le linn na seisiún go léir, thapaigh TIBÉ an deis chun aird a tharraingt ar ranganna Ardteistiméireachta, a thacaíonn le scoláirí atá ag déanamh staidéir ar theangacha lasmuigh den chóras scoile agus a chothaíonn braistint phobail i measc na bhfoghlaimeoirí.

Tionchar:

- Cuireadh treoir thráthúil inrochtana a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí scoláirí na Sraithe Sinsearaí, fad is a tacaíodh le scoláirí níos óige atá ag smaoineamh ar roghanna ábhair amach anseo.
- Feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar chonairí teanga Ardteistiméireachta, lena n-áirítear tabhairt isteach scrúdú neamhchuraclaim Úcráinise na hArdteistiméireachta.
- Tuiscint fheabhsaithe i measc páirtithe leasmhara ar riachtanais an churaclaim agus na scrúduithe do theangacha a tugadh isteach le déanaí agus do theangacha tearctheagasctha.
- Comhoibriú neartaithe idir TIBÉ, ambasáidí agus pobail sprioctheangacha.

> Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh ag cur clár de sheisiúin eolais rialta ar líne ar fáil in 2026.
- Seisiún eolais tiomnaithe a thabhairt isteach don tSeapáinis mar fhreagairt ar éileamh a aithníodh.
- Seisiún eolais nua don Araibis a sheoladh, lena léirítear athruithe ar an gcuraclam.
- Seisiún múscailte feasachta bliantúil ar líne a óstáil dírithe ar scrúdú Úcráinis na hArdteistiméireachta.



5 Seisiún

Léargas ginearálta:

Tacaíonn *Cuairteanna Chomhairleach faoi na Nuatheangacha lasachta sa Scoil* le foirne scoile agus a soláthar teangacha iasachta á athbhreithniú, á fheabhsú agus á leathnú acu. Cabhraíonn na seisiúin le scoileanna a chinntiú go léirítear riachtanais agus deiseanna áitiúla lena dtairiscint teanga.

Príomhaidhmeanna:

- Na tacaíochtaí a theastaíonn ó fhoirne ardbhainistíochta a chur ar fáil dóibh le gur féidir leo soláthar teanga a fheabhsú.
- Feasacht a mhéadú i measc na hardbhainistíochta ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha do gach scoláire.
- Glacadh le roghanna teanga iasachta atá oiriúnach do chomhthéacs gach scoile a spreagadh, a leathnú agus a éagsúlú.

Gníomhaíocht:

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar sheisiúin chomhairleacha a cuireadh ar fáil roimhe seo, lean na Seisiúin Chomhairliúcháin leis an mbranda nua Let's Talk Languages ag tacú le foirne scoile scrúdú a dhéanamh ar a soláthar foriomlán NTI, le béim ar leith ar scoileanna atá tar éis tosú ag obair le TIBÉ. Le linn na gcuairteanna seo, fuair Oifigigh Forbartha TIBÉ tacaíocht ghairmiúil freisin trí bhreathnóireachtaí ceachta agus idirphlé cuiditheach.

Tionchar:

- Thuairiscigh na rannpháirtithe gur thacaigh na seisiúin le soláthar NTI ina scoileanna.
- Bhraith scoileanna níos muiníní maidir lena gcuraclam NTI a athbhreithniú, tacú leis agus é a éagsúlú.

Na chéad chéimeanna eile:

- Leanúint ar aghaidh leis na seisiúin seo a chur ar fáil chun tacú le scoileanna an straitéis Languages Connect a chur i bhfeidhm.
- Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'Oifigigh Forbartha TIBÉ mar chuid den obair seo.

Sprioc 3 - Ag Dul Chun Cinn

Ag tógáil ar rannpháirtíocht láidir, aiseolas dearfach agus tionscnaimh múscaillte feasachta in oideachas teangacha iasachta in 2025, daingneoidh agus leathnóidh TIBÉ a ról mar cheannaire náisiúnta maidir le luach, infheictheacht agus ábharthacht teangacha iasachta a chur chun cinn.

Beidh Seachtain #ThinkLanguages ina príomhthionscnamh náisiúnta múscaillte feasachta i gcónaí, ag soláthar ardán infheicthe, cuimsitheach agus dírithe ar an scoláire chun teangacha agus cultúir a cheiliúradh. Leanfaidh Seachtainí #ThinkLanguages de bheith ag forbairt mar fhreagairt ar aiseolas ó mhúinteoirí agus ó scoláirí, agus coinneofar na croíghnéithe is éifeachtaí: ceannaireacht scoláirí, rannpháirtíocht láidir phobail, comórtas cruthaitheach, agus comhpháirtíochtaí fóinteacha le hinstitiúidí ardoideachais, institiúidí cultúrtha, ambasáidí agus gníomhaireachtaí náisiúnta. Cuirfear béim ar naisc idir iarbhunscoileanna, bunscoileanna agus institiúidí ardoideachais a neartú tuilleadh chun tacú le glacadh teanga leanúnach ag príomhphointí aistrithe.

Leanfaidh forbairt comhpháirtíochtaí de bheith ina tosaíocht straitéiseach lárnach. Déanfaidh TIBÉ comhoibriú le hinstitiúidí ardoideachais a dhoimhniú lena chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí múscaillte feasachta aillníthe go dlúth le conairí dul chun cinn, deiseanna Erasmus agus riachtanais an mhargaidh fostaíochta. Leanfaidh an tsamhail mhaoinithe institiúidí ardoideachais de bheith ag tacú le for-rochtain nuálach, le rannpháirtíocht piaraí le piaraí trí ambasadóirí mac léinn, agus le tionscnaimh spriocdhírith do mhúinteoirí agus do threoirchomhairleoirí. Déanfaidh meastóireacht leanúnach eolas don chaoi a soláthraíonn an infheistíocht seo tionchar náisiúnta agus a dtacaíonn sí le rochtain réigiúnach.

Bainfear leas breise as comhoibriú le ambasáidí agus le hinstitiúidí cultúrtha chun tacú le héagsúlacht teanga, le teangacha oidhreacht agus le teangacha tearctheagasctha, agus conairí soghluaisteachta, uasoiliúna agus cúnta a neartú ag an am céanna. Leanfaidh na comhpháirtíochtaí sin ar aghaidh ag saibhriú tionscnaimh náisiúnta amhail #ThinkLanguages, Oíche Chultúir agus clár uasoiliúna múinteoirí, agus beidh ról lárnach acu maidir le tacú le forbairt inbhuanaithe teangacha curaclaim, go háirithe iad siúd ag a bhfuil dúshlán acmhainne.

Leanfaidh TIBÉ de thús áite a thabhairt do rannpháirtíocht spriocdhírith le scoláirí, tuismitheoirí agus treoirchomhairleoirí trí imeachtaí do scoláirí, acmhainní dírithe ar ghairm bheatha agus seisiúin faisnéise thiomnaithe. Léiríonn an rannpháirtíocht láidir idir Languages Connect agus CareersPortal.ie an tábhacht a bhaineann le treoir shoiléir, inrochtana agus cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le conairí foghlama teanga.

Beidh tábhacht i gcónaí le tionscnaimh chun feasacht an phobail a mhúscailt, lena n-áirítear leas a bhaint as #ThinkLanguages agus Cuir Fáilte Roimh Theangacha chun tuismitheoirí agus pobail a bhaint amach, Oíche Chultúir, agus Léamhatón SI, agus iad ina gcórais thábhachtacha chun lucht féachana a bhaint amach lasmuigh de shuíomh na scoile. Tacaíonn na tionscnaimh sin le tuiscint shochaíoch níos leithne ar an ilteangachas, ar chuimsiú agus ar éagsúlacht chultúrtha, rud a neartaíonn áit na dteangacha i dtírdhreach sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

Leanfaidh cleachtas atá bunaithe ar thaighde de bheith mar bhonn faoi ghníomhaíocht Sprioc 3. Trí rannpháirtíocht leanúnach i gcomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus trí thorthaí taighde a scaipeadh, cuirfidh TIBÉ le hidirphlé bunaithe ar fhianaise ar ilteangachas, forbairt curaclaim agus beartas teanga, ag cinntiú go bhfanfaidh tionscnaimh múscailte feasachta ailínithe le taighde oideachais agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Trí chomhoibriú leanúnach, cumarsáid straitéiseach agus pleanáil bunaithe ar fhianaise, leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag neartú feasachta ar theangacha, ag tacú le rogha ábhair eolasach, agus ag tógáil conairí comhleanúnacha ó luath-nochtadh teanga go dtí staidéar breise, soghluaisteacht agus fostaíocht.

larrann **Sprioc 4** ar fhostóirí páirt a ghlacadh i scoileanna agus comhoibriú le hinstitiúidí ardoideachais chun riachtanais teangacha a bhreithniú. Tá TIBÉ i ndiaidh a bheith i mbun plé comhpháirtithe amhail Fiontraíocht Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus CareersPortal.ie chun scileanna teanga a thabhairt ar an gclár oibre, chun rannpháirtíocht fhostóirí le scoláirí a spreagadh, agus chun feasacht a mhúscailt ar an luach a bhaineann le scileanna teanga i ngairmeacha beatha.

SPRIOC 4

RANNPÁIRTÍOCHT FOSTÓIRÍ A FHEABHSÚ
I BHFORBAIRT AGUS IN ÚSÁID TEANGACHA
TRÁDÁLA

 Lón na gcuariteoirí ar phróifíl CareersPortal.ie: 295K

Léargas ginearálta:

I rith na bliana, d'oibrigh TIBÉ le fostóirí, le comhlachtaí fiontraíochta agus leis an earnáil trádála chun cur le tuiscint na scoláirí ar an luach a bhaineann le scileanna teanga sa saol mór. Leag na comhpháirtíochtaí seo béim ar an gcaoi a dtacaíonn teangacha le hinfhostaitheacht, le fás fiontraíochta agus le rannpháirtíocht idirnáisiúnta i réimse leathan comhthéacsanna gairmiúla.

Príomhaidhmeanna:

- Feasacht scoláirí a mhéadú maidir le hábharthacht scileanna teanga do chonairí gnó, fiontraíochta agus gairme éagsúla, agus ról gníomhach ag fostóirí sa chumarsáid seo.
- Deiseanna a thabhairt do scoláirí féachaint ar an gcaoi a n-úsáidtear teangacha san ionad oibre agus i suíomhanna gnó.
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara an tionscail chun dearcthaí i leith scileanna teanga a iniúchadh, riachtanais an lucht saothair atá ag teacht chun cinn a aithint agus leathnú ar dheiseanna taithí oibre a bhaineann le teanga a spreagadh.
- Foghlaim teangacha a aithint agus dearbhú a thabhairt di trí chomórtais agus imeachtaí a dhíríonn ar an bhfiontraíocht chun tacú le spreagadh agus muinín na scoláirí.

Gníomhaíocht:

Comhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET)

In 2025, lean TIBÉ lena chomhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) chun tacú le *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha lasachta san Oideachas in Éirinn agus leis an straitéis Gairm san AE*. Ag imeachtaí do scoláirí iar-bhunscoile, leag TIBÉ agus RGET béim ar dheiseanna gairme san Aontas Eorpach agus ar an ról lárnach atá ag scileanna teanga in obair an AE. Nuair nach raibh ionadaíocht dhíreach ag TIBÉ, roinn comhghleacaithe RGET ábhair Languages Connect chun príomhtheachtaireachtaí maidir le teangacha agus forbairt gairme a threisiú, agus dháil TIBÉ acmhainní de chuid RGET ag imeachtaí roghnaithe.

Chomh maith leis sin, thacaigh RGET le Seachtain #ThinkLanguages, ag déanamh urraíocht ar dhuais Chomórtas Fhoireann na Seaimpíní - turas go dtí an Bhruiséil - a thugann léargas díreach do scoláirí ar chonairí gairme an AE. D'fhorbair TIBÉ ábhar spriocdhírthe a dhíríonn ar ghairmeacha a bhaineann le teanga laistigh den AE agus ar fud earnálacha lena n-áirítear na meáin, fiontraíocht agus trádáil. Chuir an t-iriseoir Méabh Mc Mahon, a dhéanann speisialtóireacht ar ghnóthaí Eorpacha, le físeán tiomnaithe agus d'fhreastail sí ar Bhabhta Ceannais Chomórtas Fhoireann na Seaimpíní #ThinkLanguages, ag tabhairt léargas pearsanta ar an gcaoi a dtacaíonn scileanna teanga le ról ghairmiúla éagsúla.

Rannpháirtíocht sna Meáin

Chun feasacht an phobail a leathnú ar an tábhacht a bhaineann le cumas teanga na hÉireann a fhorbairt, chomhoibrigh TIBÉ leis an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint, Thomas Byrne ar alt sna meáin náisiúnta. Bhí sé le feiceáil i bhforlíonadh speisialta san Irish Independent, *Why learning EU languages matters for Ireland's place in Europe*.

Díríodh sa phíosa, a forbraíodh i gcomhar le chéile chun teachtaireachtaí soiléire agus comhsheasmhacha a chinntiú, ar an luach straitéiseach a bhaineann le scileanna teangacha iasachta do ról na hÉireann san Eoraip. Foilsíodh é i gcló agus ar líne, lena n-áirítear ar businessnews.ie, agus roinneadh é ar chainéil Gairm san AE agus Languages Connect. Chuir eagraíochtaí comhpháirtíochta amhail an Lárionad Fiontraíochta, Teicneolaíocht Éireann agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta leis an alt freisin. Dáileadh an t-eagrán clóite ag comhdháil Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha agus ag Fóram Eacnamaíochta agus Forbartha Áitiúil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

Buaicphointí gairme agus fostaíochta le CareersPortal.ie

In 2025, lean TIBÉ lena chomhpháirtíocht le CareersPortal.ie, ag coinneáil rannán tiomnaithe teangacha laistigh d'ábhar gairmeacha an tsuimh. Nascann an rannán seo foghlaim teangacha le hearnálacha fiontraíochta agus eacnamaíochta lena n-áirítear an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, ag treisiú ról na dteangacha in iomaíochas fadtéarmach na hÉireann.

Why learning EU languages matters for Ireland's place in Europe

Irish citizens have shaped the EU for over 50 years. More Irish candidates with strong language skills are needed to maintain and strengthen our influence in the EU.

The work of the EU is wide-ranging, so it recruits people with a variety of interests, skill sets and backgrounds.

Amplifying Irish voices in Europe

Irish representation is vital across EU bodies like the European Commission, the European Parliament, the Court of Justice and over 50 specialised agencies dealing with issues such as human rights, cybersecurity and public health. EU officials represent 450 million citizens, bringing essential knowledge of their home countries, which helps shape inclusive, well-informed policies.

Language skills for rewarding careers

To ensure the continued representation at EU level, the next generation of Irish graduates are encouraged to apply for permanent roles within the EU. The opportunities are vast – in law, diplomacy, the environment, digital policy or economic reform. However, to gain access, expertise in EU languages is essential. Fluency in one EU language, along with proficiency in at least one other, is required for EU recruitment competitions. Without a second EU language, many well-qualified Irish candidates miss out on roles where they could thrive.

Pathways into EU leadership

A key opportunity approaches: the ADs Generalist Administration competition, one of the main routes into the EU civil service. It is open to graduates from all disciplines but requires knowledge of two EU languages: one fluent, the other at B1 upper-intermediate level. It's a competitive process, but the reward is a meaningful, rewarding career. Ireland has already produced leaders at the highest levels of the EU, but to continue that legacy, the next generation needs to step up. As students plan their future, they are encouraged to consider the EU. With language skills, curiosity and ambition, they can play a real role in Europe's future – an opportunity to make a meaningful difference not just in Ireland, but across Europe. Support is available. The Irish Government is committed to helping candidates succeed, with resources, training and expert advice.

Use Ireland's job site to learn more about Ireland in Europe and Languages Connect to discover the benefits of learning EU languages.

Thomas Byrne T.D.
Minister for European Affairs

Sponsored by Languages Connect

GAIRM SAN AE: A Career for EU

Entrepreneurship for life: building mindsets, not just startups

Entrepreneurship education builds adaptable, resilient mindsets – beyond starting a business. These attributes are reshaping thinking through creativity, collaboration and digital-age skills.

When most people think of entrepreneurship education, they imagine business pitches, tech startups and flashy prototypes. Yet, the real value of entrepreneurship learning goes far beyond launching a company. It's about cultivating mindsets that help people adapt, innovate and thrive in an uncertain world.

Entrepreneurial skills boost adaptability

The European Entrepreneurship Competence Framework (EntreComp) defines this mindset through a range of key skills: financial literacy, creativity, collaboration, perseverance, self-awareness, ethical behaviour and strategic planning. These abilities lay the foundation for resilience and opportunity-seeking in any career, not just business creation.

This approach is gaining momentum in Quebec, Canada. As highlighted in the OECD's 'Geography of Higher Education in Quebec', nearly 50% of the province's higher education institutions now offer entrepreneurship activities or programmes. These institutions recognise the importance of developing transferable skills like creativity and adaptability. These are qualities that are increasingly sought after in today's fast-changing economy.

At the University of Sherbrooke, entrepreneurship education is especially popular among doctoral and post-doctoral students, most of whom will pursue careers outside academia. As digital transformation reshapes industries, particularly through technologies like artificial intelligence, the demand for entrepreneurial skills is growing rapidly.

Mindset can be more valuable than formal training

Data from the upcoming 2025 OECD Digital for SMEs Survey shows that many small businesses acquire digital skills informally, often through internet research and peer learning. In such settings, an entrepreneurial mindset, resourceful, proactive and curious, can be more valuable than formal training.

Importantly, this kind of effort aims to turn everyone into a person to thrive in any context. As industries were upended, and pivots, relevant their skill sets. Research from King's College shows that those with entrepreneurial skills are able to adapt, sustain their well-being during the change, that's not just governmental preparation for.

Breaking the cycle and building the future for young people in Dublin

Climate-changing talent programmes and support employers training are helping young people in Dublin build confidence, skills and pathways to education or work.

Dublin South City Partnership (DSCP) is a local development company responsible for delivering the Social Inclusion and Community Activation Programme (SICAP) across Dublin 6, 8 and 12. A core objective under SICAP's Lifelong Learning remit is to support young people – particularly those from disadvantaged backgrounds – to build their capacity and increase employment and education outcomes.

Bridge the gap from school to what's next

One of the most critical transitions in a young person's life is the move from secondary school into further education, training or employment. While some students have a clear plan, many experience uncertainty during this time. In communities facing intergenerational unemployment and low progression rates to third level, the risk of young people 'falling through the cracks' is particularly high.

A tailored, responsive approach

To address these challenges, DSCP actively engages with local DEIS secondary schools throughout the academic year to identify service gaps and barriers to progression. In response to school needs, its programmes include life coaching for Leaving Certificate Applied students, grants in core subjects and study skills workshops. All initiatives are designed to address educational disadvantage and increase progression.

Summer Employment Skills skills for life and work

In Spring 2025, senior cycle students from targeted DEIS schools were invited to register for the Summer Employment Series. This initiative aims to build young people's confidence and readiness for life after school. DSCP covers all costs for practical, employment-focused training, including barista training, customer service skills and manual handling.

These programmes provide young people with the skills and mindset to thrive in the future.

Luke & Emma
Head of City, Local Employment and Skills
DSCP

Patricia Pothos
Policy Manager
Regional Labour Policy
OECD

How to make upskilling work for people, places and productivity

The success of green, digital and demographic transitions depends not just on technology or goals, but on people and the places they live and work.

Recent OECD work shows that the places most at risk of job displacement due to automation or industrial change are often those least equipped to respond. This regional imbalance is not new, but it is becoming more urgent.

In some OECD regions, over 25% of jobs are at high risk of automation, while others face a surge in demand for green and digital skills, with insufficient training provision in place. Without targeted investment, these transitions could deepen divides. However, with the right policies, they offer a historic opportunity to boost both equity and productivity.

Place-based skills strategies are essential

Local labour markets vary dramatically in their structure, vulnerabilities and capacity to adapt. Yet, training policies are often designed at the national level. This mismatch weakens their impact.

The OECD's Job Creation and Local Economic Development report highlights the growing need for place-sensitive upskilling and reskilling programmes. Regions facing industrial decline need tailored support to shift workers into new, sustainable industries. This means aligning training with local assets, from green manufacturing to rural health care to digital services.

France's Plan d'Investissements dans les Compétences (PIC) channels EUR 15 billion into training low-skilled youth and the long-term unemployed. Half of this supports regional programmes tailored to local labour needs, with public-private partnerships supporting green transitions.

Early action reduces long-term costs

Industrial transitions take time, but delays are costly. OECD analysis shows that when valuing lost labour-market needs, regions risk long-term stagnation and skills shortages. By 2047, 72% of OECD regions could face tighter labour markets due to demographic shifts, underlining the urgency of early investment in vocational education and digital access.

Canada's Future Skills Centre offers both national and regional programmes focused on digital skills. At and the regional programmes focus on early action and local tailoring offers a model for others.

From recovery to resilience

Delivering effective training requires coordination across governments, employers and education providers. Local skills councils, employer-led hubs and flexible funding models work best when regions have the capacity to act. Upskilling isn't a silver bullet, but it's one of the few tools that can boost productivity, reduce inequality and support the green transition – if rooted in place and embedded in wider regional strategies.

Why 'enterprise engagement' is about universities listening – not lecturing

Connections between enterprises and universities have the potential to yield benefits for all. Managed correctly, these partnerships for progress yield significant societal advantages.

Listening carefully to continue solutions for enterprise

However, caution Dr Croghan, when enterprise engagement is conducted by a university as an 'add-on', it risks becoming siloed, and the potential for interactions across campus can remain unfulfilled. To prevent this, MTU manages its enterprise relationships in a deliberate way that integrates value across all departments, as a core part of its mission.

Enterprise doesn't simply mean big and small profit-making businesses, says Professor Sheridan. **It's about the people who work in them.**

Professor Pina Croghan
Head of Enterprise, Innovation & Technology
Limerick University

Dr Deirdre Sheridan
Professor of Enterprise
MTU



Tionchar:

- Léiríonn scoláirí feachtas mhéadaithe ar an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga do ghairmeacha sa ghnó agus san fhiontraíocht, rud a thacaíonn le rannpháirtíocht níos láidre i bhfoghlaim teangacha.
- Neartaíonn rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara an tionscail tuiscint TIBÉ ar riachtanais teanga an lucht saothair, ag cabhrú le cláir agus teachtaireachtaí atá dírithe ar scoláirí a ailíniú.
- Leathnaíonn clúdach na meán náisiúnta an comhrá faoi fhéachaint chuige go seasfaidh fiontraíocht na hÉireann an aimsir trí scileanna teanga chuig páirtithe leasmhara mór le rá ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal Eorpach araon.
- Thacaíonn comhtháthú leanúnach ábhar teangacha laistigh den CareersPortal.ie, atá nasctha le teachtaireachtaí fiontraíochta, le spreagadh scoláirí chun breathnú ar scileanna teanga mar shócmhainn ghairme fhadtéarmach.

➤ Na chéad chéimeanna eile:

- Comhoibriú agus nuálaíocht sa réimse seo a chothú agus a fhorbairt tuilleadh chun tacú le scoláirí i margadh saothair atá ag éirí níos domhandaithe agus níos ilteangaí.
- Comhpháirtíochtaí atá ann cheana a dhoimhniú agus páirtithe leasmhara nua a aithint ar féidir leo teachtaireachtaí teanga atá dírithe ar fhiontraíocht a neartú.
- Cumarsáid a ailíniú le gníomhaireachtaí fiontraíochta chun luach scileanna teanga a threisiú do chliantchuideachtaí.
- Feachtas a mhúscailt laistigh den earnáil fiontraíochta ar ról na dteangacha san fhostaíocht trí ábhar físe spriocdhírthe, rannpháirtíocht scoile agus seimineáir dírithe ar an earnáil.

Sprioc 4 - Ag Dul Chun Cinn

Beidh deis sa chomhairliúchán atá le teacht ar Straitéis leantach do Theangacha Iasachta san Oideachas chun féachaint arís ar ról gníomhaireachtaí fiontraíochta maidir le teachtaireachtaí a sheachadadh do chliantchuideachtaí maidir le tábhacht na dteangacha Iasachta. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach sa chomhthéacs seo roinnt taighde a choimisiúnú, chun an luach a bhaineann le scileanna teanga agus foghlaim teangacha d'fhostóirí a chinneadh.

Ba cheart cur chuige níos trasearnála a ghlacadh maidir le straitéis maidir le teangacha Iasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá tábhacht nach beag leis an bhfoghlaim teanga i bhforbairt scileanna a theastaíonn ón lucht saothair amach anseo, amhail inniúlacht idirchultúrtha, ionbhá agus inoiriúnaitheacht, i gcomhthéacs na saoránachta domhanda agus ní mór iad a aithint i gcomhthéacs an ardoideachais agus na fiontraíochta. Tá saoránaigh dhomhanda ag teastáil ó Éirinn atá ilteangach le hinniúlacht láidir idirchultúrtha, agus atá in ann a mbealach a dhéanamh i gcomhthéacsanna cultúrtha éagsúla, agus is gá an teachtaireacht sin a leabú lasmuigh den scoil. Cé gur baineadh úsáid as scileanna teanga ó dhaoine a tháinig ó áiteanna thar lear chun ganntanas scileanna a líonadh, is beag a chuireann sé sin le scileanna teanga nó idirchultúrtha an lucht saothair náisiúnta i gcoitinne.

Rialachas agus Cuntasacht

Is leis an Aonad Curaclaim agus Measúnachta (CBT) sa Roinn Oideachais agus Óige atá an fhreagracht fhoriomlán ar Rialachas Corparáideach i leith TIBÉ. Sa chomhthéacs sin, comhaontaítear leibhéal soláthair seirbhíse agus feidhmíochta le CBT agus déantar athbhreithniú air go bliantúil tar éis comhairliúchán agus comhaontú.

Déantar rialachas de réir an Chóid Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) laistigh de shrianta stádas reatha TIBÉ. Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha ábhartha i bPlean Forfheidhmithe Déanann Teangacha Nasc a chomhlíonadh, cloíonn TIBÉ leis na cóid chleachtais agus an treoir seo a leanas de réir mar is cuí: leasuithe ar an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus 2022; an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 a leathnaíonn raon feidhme an Achta Leasaithe le héifeacht ón 1 Eanáir 2023; Oibleagáidí comhlachtaí poiblí faoi Alt 25 den Acht um Míchumas agus Oibleagáidí Reachtúla maidir le hInrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin/Aipeanna a eascraíonn faoi I.R. 358 de 2020.

De réir nuashonrú 2019 maidir le comhlíonadh an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá tiomantas seirbhíse i bhfeidhm ag TIBÉ don Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus do na Treoirlínte Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí. Áirítear leis seo Ráiteas um Chumhdach Leanaí; socruithe tuairiscithe chun ceanglais tuairiscithe an Achta a léiriú; Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017; agus nósanna imeachta tuairiscithe maidir le tuairisciú do Tusla ar aon ábhar imní maidir le cosaint leanaí a chuirtear ar shúile fhoireann nó phearsanra eile TIBÉ.

Cinntíonn TIBÉ go gcomhlíontar go hiomlán na hoibleagáidí riachtanacha go léir, lena n-áirítear na hoibleagáidí sin maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 (RGCS), Saoráil Faisnéise (SF), cur chuige struchtúrtha maidir le rialú rioscaí a bhaineann le TF agus cibearshlándáil, iniúchóireacht inmheánach agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

Timpeallacht Oibríochtúil

Gníomhaireacht neamhthráchtála is ea Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, arna mhaoiniú ag an státchiste. Bhí comhaontú seirbhíse chun críocha seirbhíse AD, párolla, airgeadais agus riaracháin i bhfeidhm le hInstitiúid Oideachais Marino go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá na seirbhísí sin á gcur ar fáil anois ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann don TIBÉ ón 1 Eanáir 2026.

Socruithe Maoinithe/Bainistíocht Airgeadais

Leithdháileann an Roinn maoiniú ar TIBÉ chun gníomhartha ábhartha sa straitéis a chur i bhfeidhm a thacaíonn le forbairt agus éagsúlú breise ar theagasc agus ar fhoghlaím teangacha iasachta i gCóras Oideachais na hÉireann. Cuireann TIBÉ sonraí faoina riachtanais mhaoinithe agus cáipéisí tacaíochta ar fáil don Roinn.

Tá TIBÉ tiomanta do mhaoiniú a leithdháileadh laistigh den bhuiséad comhaontaithe agus geallann sé cloí le treoirlínte uile na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, treoirlínte na Roinne, reachtaíocht agus ciorcláin ábhartha, reachtaíocht chánachais, fostaíocht, íocaíocht phras cuntas agus gach reachtaíocht eile a bhaineann le Comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón Státchiste.

Cuirtear maoiniú i gcrích i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais phoiblí a sholáthraíonn creat uileghabhálach tábhachtach i ndáil le bainistiú maoinithe. Deimhníonn TIBÉ go gcomhlíonann sé an treoir maidir le heisiocaíocht deontais ón Státchiste mar atá leagtha amach i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus le ceanglais / nósanna imeachta / ciorcláin / rialacháin / reachtaíocht ábhartha eile a leagtar síos ó am go ham. Deimhníonn Stiúrthóir TIBÉ go gcomhlíonann TIBÉ na ceanglais maidir le comhlíonadh airgeadais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Cuireann TIBÉ aiseolas agus nuashonruithe ar fáil don Roinn maidir le hiniúchóireachtaí a rinneadh.

Socruithe Tuairiscithe agus Monatóireachta

Is é an Grúpa Comhairleach um Theangacha Iasachta (FLAG) a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn, óna Gníomhaireachtaí, ó TIBÉ, agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha, agus foghrúpa Iar-bhunscoile FLAG (FLAGPP) a dhéanann maoirseacht ar obair TIBÉ i ndáil le cur chun cinn na ngníomhartha a leagtar amach sa straitéis Déanann Teangacha Nasc. Tugann TIBÉ nuashonruithe ar ghníomhartha in Déanann Teangacha Nasc a bhfuil sé freagrach astu do FLAG agus dá fhoghrúpaí de réir mar is cuí. Cuireann na coistí comhairle agus tacaíocht ar fáil nuair is cuí do TIBÉ agus don Roinn Oideachais agus Óige araon; cuireann siad fóram ar fáil chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais reatha agus cuireann siad comhairle ar an Roinn maidir le treo/tosaíochtaí amach anseo maidir le straitéis teangacha iasachta; tugann siad príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun comhairle a chur ar fáil ó réimse peirspictíochtaí chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise; agus déanann siad monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm gnéithe/gníomhaíochtaí beartais sa Straitéis agus sa Phlean Cur Chun Feidhme.

Déanann comhalta de Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige cathaoirleacht ar FLAGPP, Maria Lorigan faoi láthair, a dhéanann ionadaíocht ar an gCigireacht ar FLAG freisin. Is é TIBÉ a chuireann an rúnaíocht ar fáil. Cuimsíonn ballraíocht an fhochoiste Iar-bhunscoile ionadaithe de chuid FLAG a bhaineann leis an Iar-bhunscolaíocht chomh maith le saineolaithe ábhartha eile.

Comhaltaí Choiste FLAGPP

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige, Cathaoirleach	Maria Lorigan
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta (CAP)	Leona De Khors, Lorcán Ó hAlmhain
TIBÉ	Karen Ruddock
OTM, Ollscoil Mhá Nuad	Céline Healy, Ph. D.
OTM, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	Eileen Bowman, Ph. D.
Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha	Sarah-Jane Willis
CNCM	Elisabeth Butler
CSS	Margaret Carter
Líonraí Gairmiúla Múinteoirí	Mairéad O'Driscoll
Saineolaí Teangacha	Mary Kenny
Saineolaí Teangacha	Ian Collen, Ph. D.

Ullmhaíonn TIBÉ Plean Oibre Bliantúil d'Aonad CAP, ina leagtar amach na gníomhartha beartais a bhfuil sé freagrach astu in aon bhliain ar leith agus an chaoi a mbainfear amach iad. Tionóltar cruinnithe rialachais idir Aonad CAP agus TIBÉ trí huaire sa bhliain ar a laghad, áit a gcuireann stiúrthóir an TIBÉ agus/nó a hainmnithe nuashonruithe ar fáil d'Aonad CAP maidir leis na hábhair ábhartha go léir.

Chomh maith le Plean Oibre Bliantúil, ullmhaíonn TIBÉ an tuarascáil bhliantúil seo ina sonraítear cur chun feidhme ghníomhaíochtaí beartais TIBÉ sa bhliain roimhe sin. Tá TIBÉ tiomanta freisin do chóras inmheánach a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus toradh an mhéid chéanna a thuairisciú don Roinn ag a Cruinnithe Rialachais.

Éifeachtúlacht Acmhainní/ Gníomhú ar son na hAeráide

Mar thoradh ar Chinneadh an Rialtais S180/20/10/0434C agus an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 a síníodh ina dhlí i mí Iúil 2021, tá TIBÉ tiomanta d'éifeachtúlacht acmhainní agus aithníonn sé go háirithe beartas an rialtais maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainní agus Gníomhú ar son na hAeráide, m.sh., Úsáid an Mhachnaimh ar Chúinsí Comhshaoil agus Sóisialta a Chur Chun Cinn i Soláthar Poiblí (Ciorclán 20/2019). Cloíonn TIBÉ le Ciorclán 01/2020 maidir leis na hAstaíochtaí a bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil a Fhritháireamh ach astaíochtaí taistil a fhritháireamh agus nósanna imeachta inmheánacha a leanúint.

Tugann Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide TIBÉ breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí TIBÉ maidir le spriocanna, daoine, foirgnimh agus bealaí oibre. Tá oifig TIBÉ lonnaithe ar champas Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA), le hoifig i bhfoirgneamh na hIathlainne (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3) a thaifead 5.39 tonna astaíochtaí CO₂ in 2025, laghdú ó 7.64 tonna CO₂ in 2024.

Tá TIBÉ lonnaithe faoi láthair ag an Mol Digiteach i Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Achoimre Airgeadais

2025

Tuarastail na Croífhoirne	€1,375k
Tuarastail na Oifigeach Forbartha	€1,361k
Leithdháileadh Breise	€360k
Tacaíocht Tionscadail: (m.sh, FGL do Mhúinteoirí, Uasoiliúint Múinteoirí, FCÁT, Oiliúint do Chúntóirí Teanga Iasachta, Acmhainní, Comhlaigh, Pobail Chleachtais)	€298k
Múscailt Feasachta (Campaí Samhraidh, Malartuithe Scoileanna, #ThinkLanguages, Taighde, Rannpháirtíocht Fostóirí, Treoir, feachtais eile)	€475k
Bunscoileanna: (Deontais 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha', Uasoiliúint Múinteoirí, Acmhainní)	€1,467k
Costais Oibriúcháin (Bainistíocht, Cíos, TF, Oifig, Priontáil, Postas srl.)	€526k
Iomlán	€5,862k

